

Coimre Iniúchóireachta

Freagairt ar COVID-19

Tuarascálacha iniúchóireachta a foilsíodh idir
mí an Mheithimh agus mí na Nollag 2020

Cuireann an Coiste Teagmhála ó Uasfhórais Iniúcháireachta an Aontais Eorpaigh fóram ar fáil chun saincheisteanna iniúcháireachta poiblí san Aontas a phlé agus aghaidh a thabhairt orthu. Cuidíonn an coiste leis an idirphlé agus an comhar breise idir a mBallstáit a chothú, agus cuirtear leis an iniúcháireacht sheachtrach ar bheartais agus ar chlár an Aontais a dhéanamh níos éifeachtaí dá bharr. Cuidíonn sé leis an gcuntasacht a fheabhsú freisin, chomh maith le bainistíocht airgeadais an Aontais a dhéanamh níos fearr agus an dea-rialachas a dhaingniú, ar mhaithe le saoránaigh uile AE.

Teagmháil: www.contactcommittee.eu

© An tAontas Eorpach, 2021.

Ceadaítear ábhar a atáirgeadh ar choinníoll go dtugtar aitheantas don fhoinsé.

Foinse: Coiste Teagmhála Uasinstiúidí Iniúcháireachta an Aontais Eorpaigh.

Brollach	6
Achoimre Feidhmiúcháin	8
Réamhrá	10
Cuid I – Tionchar COVID-19 ar an Aontas agus Ballstáit	13
Trí bhabhta den víreas a bhfuil tionchar acu ar beagnach gach réimse den saol laethúil	13
An chéad bhabhta de ghéarchéim ilghnéitheach	15
Ó dhóchas an tsamhraidh go dtí an dara babhta	19
Ó dhóchas vacsaíne go dtí an tríú babhta	21
Tionchar ar réimsí beartais roghnaithe i léargas	22
Léargas 1: Tionchar ar an tsláinte phoiblí	23
Léargas 2: Tionchar ar an ngeilleagar	24
Léargas 3: Tionchar ar an margadh saothair	25
Léargas 4: Tionchar ar theaghlaigh agus ar dhaoine aonair	26
Léargas 5: Tionchar ar an airgeadas poiblí	27
Freagairt an Aontais ar COVID-19 a chur le chéile	28
An tsláinte phoiblí	28
An geilleagar agus an airgeadas poiblí	33
Réimsí eile	39
CUID II – Forléargas ar obair na UFlanna	41
Réimse tosaíochta: An tsláinte phoiblí	43
An córas náisiúnta cúraim sláinte	44
An Phortaingéil – <i>Tribunal de Contas</i>	44
An t-árachas sláinte reachtúil	47
An Ghearmáin – <i>Bundesrechnungshof</i>	47
An soláthar poiblí	50
An Bheilg – <i>Rekenhof</i>	50

An Chipir – <i>Ελεγκτική Υπηρεσία της Δημοκρατίας</i>	52
Fardal trealaimh leighis	55
An tSlóvaic – <i>Najvyšší kontrolný úrad Slovenskej republiky</i>	55
Faisnéis phoiblí	58
An Laitvia – <i>Valsts kontrole</i>	58
Réimse tosaíochta: Digitíú	61
An córas oideachais	62
An Laitvia – <i>Valsts kontrole</i>	62
Riarachán an Rialtais	65
An Ísiltír – <i>Algemene Rekenkamer</i>	65
Réimse tosaíochta: Freagairt shocheacnamaíoch	68
Gnólachtaí	69
An Ísiltír – <i>Algemene Rekenkamer</i>	69
Scéimeanna scor sealadach	72
An Laitvia – <i>Valsts kontrole</i>	72
Bainistiú géarchéime agus éigeandála	75
An Liotuáin – <i>Valstybės kontrolė</i>	75
Freagairt eacnamaíoch an Aontais	78
An tAontas Eorpach – <i>Cúirt Iniúchóirí na hEorpa</i>	78
Réimse tosaíochta: Airgeadas poiblí agus na rioscaí gaolmhara	82
Airgeadas poiblí agus rioscaí gaolmhara	83
An Ísiltír – <i>Algemene Rekenkamer</i>	83
an tSualainn – <i>Riksrevisionen</i>	86
Rioscaí i gcur chun feidhme an bhuiséid	89
An Phortaingéil – <i>Tribunal de Contas</i>	89
Réimse tosaíochta: Freagairt ghinearálta ar leibhéil éagsúla rialtais	91
Gach leibhéal rialtais	92
an Rómáin – <i>Curtea de Conturi a Romaniei</i>	92
An rialtas áitiúil	96
An Phortaingéil – <i>Tribunal de Contas</i>	96

Clár

5

Iarscríbhinn – Liosta iomlán d’fhoilseacháin a bhaineann le COVID ó UFinna an Aontais in 2020	99
Giorrúcháin	106
Gluais	108

Brollach

Bliain an-neamhghnách a bhí 2020, go deimhin. Bhí géarchéim eacnamaíochta agus sláinte nach bhfacthas riamh ann de bharr phaindéim domhanda COVID-19. I measc an iliomad tionchar a bhí aici, chuir an ghéarchéim go mór isteach ar obair Uasfhorais Iniúcháireachta (UFIInna) ar fud na cruinne, agus níorbh aon eisceacht iad na baill UFIInna den Choiste Teagmhála. Bhí freagairt gan mhoill ag UFIInna an Aontais ar an ngéarchéim. Chinneadar acmhainní suntasacha a dháileadh, ar bhonn láithreach agus sna blianta atá le teacht, chun measúnú agus iniúchadh a dhéanamh ar an bhfreagairt ar COVID-19. Tugann an Choimre Iniúcháireachta seo forléargas ar fhoilseacháin ábhartha na UFIInna a eisíodh in 2020, agus léiríonn sé freagairt láithreach UFIInna an Aontais ar an ngéarchéim dá bharr.

Is toradh í an Choimre freisin ar an gcéad *Iniúcháireacht Líonra AE*, arb foirm nua den chomhar iniúcháireachta i measc UFIInna an Aontais é. Díríonn sé ar réimsí beartais a roghnaíodh go straitéiseach, nó ar imeachtaí eisceachtúla a bhfuil tionchar suntasach acu ar ár sochaí (nó fiú na cinn is rídócha go mbeidh) amach anseo.

Is iniúcháireacht chomhthreomhar é an cineál traidisiúnta, maidir le comhair iniúcháireachta idirnáisiúnta, a bhfuil cur chuige iniúcháireachta atá ailínithe go slachtmhar de dhíth ann. Is é an buntáiste is mó atá ag *Iniúcháireacht Líonra AE* ná go ndéanann sé comhordú níos solúbtha a chur ar fáil i measc rannpháirtithe, rud a fhágann gur féidir leo a bheith níos dírithe ar chásanna sonracha (náisiúnta) agus ar riachtanais shonracha (náisiúnta). Mar gheall ar an gcur isteach atá déanta aige ar an Aontas agus a mBallstáit, agus a thionchar meántéarmach agus fadtéarmach intuartha orthu, feileann téama na paindéime go mór don chineál comhair nua seo.

I mo thuairimse, bhain an treoirhionscadal seo an-tairbhe as cur chun cinn níos leithne na malartuithe gairmiúla, bunaithe na dúshláin nua a thug an phaindéim léi. Mar shampla, ar thionscnamh UFIInna na Fionlainne agus na Ríochta Aontaithe, tá neart gníomhaíochtaí forbartha ag Grúpa Tionscadail EUROSAL maidir le COVID-19¹. Is mian leis na gníomhaíochtaí sin faisnéis a chomhroinnt agus tacaíocht fhrithpháirteach a chur chun cinn maidir le smaointe, cur chuige, agus taithí iniúcháireachta a bhaineann le hábhar.

Cuirtear tús leis an gCoimre le réamhrá ginearálta ar an bpaindéim agus achoimre ar a tionchair ar Bhallstáit AE, chomh maith leis na freagraí a spreagadh dá bharr. Ina dhiaidh sin, tugtar forléargas ar an obair iniúcháireachta a rinneadh agus a tuairiscíodh

¹ [Grúpa Tionscadail EUROSAL maidir le hIniúcháireacht a dhéanamh ar an bhfreagairt ar Phaindéim COVID-19](#)

ag 11 de UFIInna an Aontais i 5 réimse tosaíochta: sláinte phoiblí, digitiú, an fhreagairt shocheacnamaíoch, airgeadas poiblí agus na rioscaí gaolmhara, agus an fhreagairt ghinearálta ar leibhéal éagsúla rialtais.

Tá súil againn gur féidir lenár gcuid oibre agus díograise cabhrú le feabhas a chur ar sheirbhísí poiblí a sholáthar, maidir le feidhmíocht agus cuntasacht phoiblí a dhéanamh níos fearr ar fud an Aontais, agus ar mhaithe le saoránaigh uile an Aontais.



Klaus-Heiner Lehne

Uachtarán Chúirt Iniúchóirí na hEorpa
Cathaoirleach an Choiste Teagmhála

Achoimre Feidhmiúcháin

I Tá paidéim COVID-19 ar cheann de na géarchéimeanna sláinte is mó a bhí ann riamh, ós rud é go raibh an-tionchar aici ar an tsochaí, ar gheilleagair agus ar dhaoine aonair i ngach áit. Ní féidir le haon mheasúnú críochnúil a dhéanamh ar na tionchair sin ar an Aontas agus Ballstáit ag an bpointe seo, ach tá gnéithe áirithe ann cheana féin atá an-soiléir:

- cineál ilghnéitheach na géarchéime;
- a tionchar suntasach agus suaiteach ar an Aontas ina iomláine;
- a tionchar éagothrom ar Bhallstáit éagsúla, agus ar leibhéal réigiúnach agus áitiúil fiú freisin, bíodh sé tráthúil, cainníochtúil nó cáilíochtúil.

II I bhformhór na limistéar atá buailte go dona ag an bpaidéim, tá teorainn leis an gcumhacht atá ag gníomhaíocht an Aontais. Is é is cúis leis sin, i bpáirt, ná nach bhfuil iniúlacht don tsláinte phoiblí eisiach don Aontas amháin, agus i bpáirt eile, ní raibh mórán ullmhachta ná comhdhearcaidh ann i measc na mBallstát ag an tús maidir lena gcomhfhreagairt. Mar gheall ar éagothromaíocht na géarchéime ag an tús agus easpa cur chuige comhordaithe an Aontais, bhí gníomhaithe neamhspleácha á dhéanamh ag rialtais náisiúnta agus réigiúnacha. I measc na ngníomhaithe sin, bhí bearta coisctheacha agus imshrianta á gcur i bhfeidhm acu, bhíodar ag soláthar trealaimh chosanta phearsanta, nó bhí pacáistí téarnaimh agus scéimeanna coinneála post á mbunú acu chun na hiarmhairtí socheacnamaíocha a mhaolú.

III Mar sin féin, tar éis tús deacair a chur daoibh, is cosúil gur chuir an tAontas agus na Ballstáit feabhas ar a gcomhordú trí ghníomhú as lámha a chéile chun tionchair na géarchéime a mhaolú. An léiriú is fearr den mhéid sin ná an comhaontú maidir le *hlonstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh*, an ionstraim is mó agus is suntasaí a bhí ann riamh, agus mar gheall air sin, thug an tAontas faoi threo nua le dul i ngleic leis na dúshláin agus na hiarmhairtí fadtéarmacha a bhaineann leis an bpaidéim.

IV Léiríonn an Choimre seo go raibh freagairt thapa ag UFIanna na mBallstát agus na Cúirte ar an ngéarchéim sa lá atá inniu ann, agus go bhfuil neart gníomhaíochtaí faireacháin agus iniúchóireachta á dhéanamh acu anois. Cuireadh 48 gníomhaíocht iniúchóireachta i gcrích in 2020. Mar aon leis sin, tá níos mó ná 200 eile fós ar siúl nó beartaithe le bheith ar siúl, agus cuirfear i gcrích iad in 2021 nó in 2022.

V Is é atá sa Choimre ná 17 tuarascáil a foilsíodh in 2020 le 11 UFI de chuid an Aontais², agus iad curtha i ngrúpaí de réir 5 réimse tosaíochta: sláinte phoiblí, digitíú, an fhreagairt shocheacnamaíoch, airgeadas poiblí agus na rioscaí gaolmhara, agus an fhreagairt ghinearálta ar leibhéal éagsúla rialtais.

² UFIanna na Beilge, na Cípire, na Gearmáine, na hÍsiltíre, na Laitvia, na Liotuáine, na Portaingéile, na Rómáine, na Slóvaice, na Sualainne agus na Cúirte.

Réamhrá

1 Tá paindéim COVID-19 ar cheann de na géarchéimeanna sláinte is mó a bhí ann riamh, ós rud é go raibh an-tionchar aici ar an tsochaí, ar gheilleagair agus ar dhaoine aonair i ngach áit. Is bagairt do shaol na saoránach AE é, agus chuir sí leis an uallach atá ar ár gcórais sláinte phoiblí freisin. B’amhlaidh go raibh céim siar san fhás go tobann dá bharr. Tháinig laghdú géar ar an ngníomhaíocht eacnamaíoch faoi lár na bliana 2020, rud a d’fhág gur tháinig borradh ar an dífhostaíocht. I gcomhréir leis na tosaíochtaí a leagadh síos ag an gComhairle Eorpach ón tús, agus maidir leis na bearta atá glactha ag an Aontas chun tionchar COVID-19 a mhaolú, díriodh ar scaipeadh an víris a theorannú, rinneadh soláthairtí trealaimh leighis a áirithiú, tugadh cabhair do thaighdeoirí chun vacsaín a aimsiú gan mhoill, agus tugadh tacaíocht do Bhallstáit leis na deacrachtaí sóisialta agus eacnamaíocha atá acu a láimhseáil³.

2 Bhí tionchar éagothrom ag an víreas laistigh den Aontas toisc gur scaipeadh chuig tíortha éagsúla é ag rátaí éagsúla, agus bhí cúiseanna eile ann nach iad. Mar gheall air sin, ghlac na rialtais náisiúnta raon leathan beart agus cur chuige éagsúil chun an víreas a choinneáil faoi smacht, córais sláinte poiblí a chur faoina gcoimirce, agus áitritheoirí a chosaint freisin. Chuir easpa cur chuige chomhordú ón Aontas ag tús na paindéime leis an méid sin chomh maith. Áiríodh dúnadh teorann leis an bhfreagairt, chomh maith le dianghlasáil iomlán agus páirteach, agus dianbhearta sláinteachais agus sábháilteachta. Ar leibhéal sócheacnamaíoch, cuireadh tacaíocht fhioscach ollmhór ar fáil chun gnólachtaí, teaghlaigh agus daoine aonair a bhí i mbaol a chosaint.

3 Ag an am céanna, thug na Ballstáit bearta isteach chun an t-airgeadas áitiúil agus réigiúnach a neartú agus rialacha fioscacha a mhaolú. D’fhógair rialtais náisiúnta pacáistí téarnaimh infheistíochta freisin (laistigh dá dteorann), ar fiú i bhfad níos mó agus iad curtha le chéile, ná na cinn a glacadh le linn ghéarchéim airgeadais 2008⁴. Is é atá i gceist leis na hinfeistíochtaí poiblí seo ná drochthionchair an dianghlasála a laghdú. Táthar ag súil le spreagadh eacnamaíoch tapa a sholáthar ar mhaithe leis an staid roimh an ngéarchéim a choinneáil, agus a fheabhsú fiú, i roinnt réimsí beartais.

³ An Chomhairle Eorpach, *Conclúidí ó Uachtarán na Comhairle Eorpaí tar éis na físchomhdhála maidir le COVID-19*, 10.3.2020.

⁴ An Coimisiún Eorpach, *Ceisteanna agus freagraí: Cumarsáid maidir leis an bhfreagairt ar bheartas fioscach don phaindéim corónavírís*, 3.3.2021.

Tugann an gcuid is mó den chaiteachas téarnaimh tús áite don tsláinte phoiblí, chomh maith leis an digitiú, an chosaint shóisialta, agus an geilleagar i gcoitinne – gan idirdhealú uaireanta, agus chun an t-athrú glas a éascú uaireanta eile.

4 Níl sé mar aidhm ag an bhforléargas seo cur síos a dhéanamh ar na gnéithe ar fad de spreagadh ná de scaipeadh an choróinvíris, ach oiread le haghaidh a thabhairt go cuimsitheach ar a thionchar ar an Aontas agus ar na Ballstáit, ag cur a bhfreagairt san áireamh⁵. Is fearr leis tuiscint a chur ar fáil ar an gcomhthéacs ginearálta agus ar na coinníollacha inar chuir na UFIanna a gcuid obair i gcrích. Mar sin, díríonn *Cuid I – Tionchar COVID-19 ar an Aontas agus Ballstáit* ar an tionchar i réimsí áirithe ar fud an Aontais sa chuid seo, agus ar na gníomhaíochta a rinneadh ar leibhéal AE den chuid is mó, chun aghaidh a thabhairt ar na dúshlán sláinte, shocheacnamaíocha agus fhioscacha. Mar aon leis sin, chuireamar sraith léargas le chéile chun léiriú a dhéanamh ar chineál ilghnéitheach na géarchéime, leis an tuiscint nach féidir le beagnach aon mheasúnú tionchair shuntasáigh a dhéanamh i láthair na huaire. Bhíomar ag súil lena mórthionchar éagothrom ar an Aontas agus a mBallstáit a léiriú freisin. Ní chuireann muid béim ach ar cúpla beart náisiúnta i réimsí a bhí mar ábhair iniúchóireachta ag UFIanna aonair, ós rud é go bhfuil difríocht mhór ann idir bhearta náisiúnta ó Bhallstáit go Ballstát, agus nach féidir le comparáid fhóinteach a dhéanamh ar an bhfaisnéis atá ar fáil ceal cáilíochta agus méide.

5 In 2020, foilsíodh 48 tuarascáil ag 11 UFIanna de chuid an Aontais⁶ ar réimse fhairsing bearta a socraíodh ar leibhéal náisiúnta agus fornáisiúnta mar fhreagairt ar COVID-19. Cuireann *CUID II – Forléargas ar obair na UFIanna* achoimrí de na 17 tuarascáil sin ar fáil, agus iad curtha i gcúig réimse tosaíochta. Tugann gach achoimre comhthéacs agus cúiseanna leis an ngníomhaíocht iniúchóireachta, chomh maith le roinnt príomhthorthaí agus conclúidí. Níor tugadh ach sonraí ó thuarascáil amháin in aghaidh gach réimse tosaíochta ag gach UFI, nach raibh breis is trí cinn ann go hiomlán, chun an Choimre a choinneáil ar fhad inbhainistithe. Cuireann an

⁵ Cuireann muid naisc ar fáil do na foinsí ar líne is ábhartha mar léitheoireacht bhreise, ar naisc a ndeachamar i mbun comhairle leo agus an t-eagrán seo á dhréachtú, ós rud é gur foilseachán digiteach í an Choimre Iniúchóireachta agus go ndéantar síorfhorbairt ar an ábhar. Is dócha go ndéanfar an fhaisnéis atá ceangailte leis na naisc sin a thabhairt cothrom le dáta go rialta.

⁶ UFIanna na Beilge, na Cipire, na Gearmáine, na hÍsiltíre, na Laitvia, na Liotuáine, na Portaingéile, na Rómáine, na Slóvaice, na Sualainne agus na Cúirte.

Iarscríbhinn – Liosta iomlán d’fhoilseacháin a bhaineann le COVID ó UFlanna an Aontais in 2020 liosta iomlán ar fáil d’fhoilseacháin ábhartha uile UFI in 2020.

6 Léirítear an fhreagairt gan mhoill a bhí ag na UFlanna ó Bhallstáit agus ón gCúirt ar an ngéarchéim sa lá atá inniu ann sa Choimre seo. Tá neart gníomhaíochtaí iniúchóireachta agus monatóireachta a bhí an-ábhartha déanta acu ó buaileadh an mhór-roinn ag an bpaindéim. Cuireadh gníomhaíochtaí iniúchóireachta i gcrích in 2020, agus mar aon leis sin, tá níos mó ná 200 eile fós ar siúl nó beartaithe, agus cuirfear i gcrích iad in 2021 nó in 2022.

Cuid I – Tionchar COVID-19 ar an Aontas agus Ballstáit

Trí bhabhta den víreas a bhfuil tionchar acu ar beagnach gach réimse den saol laethúil

7 Ag deireadh 2019, tuairiscíodh cnuasach cásanna den niúmóine ag údaráis sláinte áitiúla in Wuhan (an tSín). Thug na heolaithe “mór-géar-mhiondróm riospráide choróinvíreas 2” (SARS-CoV-2) ar an nua-choiróinvíreas seo a bhí mar chúis leis. D’fhógair an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) ainm an ghalair nua seo, “COVID-19”, chun mearbhall maidir leis an víreas bunaidh SARS a sheachaint, ar víreas a scaipeadh ar fud na Síne agus ceithre thír eile é in 2003. Aimsíodh an víreas ar fud an domhain gan mhoill, toisc go scaiptear go héasca é ó dhuine go duine. An 30 Eanáir 2020, d’fhógair WHO an ráig mar “Éigeandáil sláinte poiblí ar ábhar imní ar leibhéal idirnáisiúnta í”, agus aithníodh mar phaindéim í an 11 Márta. Aontaíonn an chuid is mó d’eolaithe go bhfuil COVID-19 níos in-tarchurtha agus níos marfaí ná, mar shampla, víris SARS eile nó an fliú séasúrach⁷.

8 Idir mí Mhárta 2020 agus mí Aibreáin 2021, bhuail an phaindéim i dtrí bhabhta den víreas, agus bhí 30 milliún cás agus 712 000 bás ann sa Aontas amháin dá bharr⁸ (féach **Léargas 1: Tionchar ar an tsláinte phoiblí**). I mí Aibreáin 2020, ag buaic an chéad bhabhta, ba iad na Ballstáit in iarthar na hEorpa ba mhó a bhí thíos leis. Bhí tionchar níos mó ag an dara agus tríú bhabhta (mí na Samhna 2020 agus mí Eanáir 2021) ar thíortha i lár agus in oirthear na hEorpa áfach. Ní raibh tionchar mór ag an gcéad bhabhta orthu den chuid is mó, ach bhíodar in aghaidh ráta ionfhabhtaithe a bhí ag dul i méid anois⁹.


Cliceáil ar an nasc le haghaidh tuilleadh eolais faoin dul chun cinn domhanda maidir le COVID-19.

⁷ EDS, *Galar coróinvíris (COVID-19): Cosúlachtaí agus difríochtaí leis an bhfliú*, 17.3.2020.


⁸ ECDC, *Nuashonrú na staide maidir le COVID-19 don Aontas/Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE)*, 26.5.2021.

⁹ London School of Economics (LSE), *Ag cuimsiú castachta san fhoghlaim faoi bheartais: Cás COVID-19 san Eoraip*, 22.2.2021.

Figiúr 1 – Cásanna COVID-19 de réir réigiúin



Iomlán na gcásanna de réir réigiúin an 2 Bealtaine 2021 (i milliúin)



Foinse: CIE, bunaithe ar shonraí ó *Our World in Data*.

An chéad bhabhta de ghéarchéim ilghnéitheach


9 Géarchéim sláinte a bhí ann ag an tús, rud a d’iompáigh ina géarchéim shocheacnamaíoch gan mhoill, de bharr na n-iarrachtaí a rinneadh le srian a chur ar an scaipeadh agus beatha daoine a shábháil. Mar fhreagairt ar an gcéad bhabhta, rinne rialtais agus údaráis Bhallstáit gníomhaíocht aontaobhach láithreach in éagmais cur chuige chomhordú AE, m.sh. trí theorainneacha náisiúnta a dhúnadh as a stuaim féin, nó trí threalamh cosanta agus leighis a sholáthar dá ndaonraí féin amháin. Cuireadh bearta coiscitheacha agus srianta éagsúla i bhfeidhm chun srian breise a chur leis an scaipeadh, cosúil le scaradh sóisialta, úsáid éigeantach na n-aghaidhmhasc cosanta, agus díghalrán lámh uileláithreach. Bhí tionchar ollmhór ag an dianghlasáil ar an ngníomhaíocht phearsanta agus eacnamaíoch, ó bhearta áirithe go dúnadh lánfheidhme a chur i bhfeidhm. Bhí difríochtaí móra ann idir Ballstáit éagsúla, áfach, agus idir réigiúin fiú, i dtaca le dúthracht agus méid na mbeart sin go léir.

10 Sa chéad leath de 2020, bhí tionchar ag an bpaindéim ar gach earnáil eacnamaíoch, a bheag nó a mhór (féach [Figiúr 2](#)), agus tugadh ordú do ghnólachtaí agus monarchana, bialanna agus beáir, amharclainne agus áiseanna spóirt chun dúnadh. An earnáil seirbhísí ba mhó a bhí thíos leis ó thaobh an airgid de dá bharr, go háirithe earnáil an iompair, an mhiondíola, na trádála, na fóillíochta agus an fháilteachais (féach [Bosca 1](#)). Tháinig laghdú 11.2 %¹⁰ ar an Olltáirgeacht intíre (OTI) maidir le AE-27, rud a léirigh gurbh í an ghéarchéim eacnamaíoch ba thromchúisí í ó bhí an Dara Cogadh Domhanda ann (féach [Léargas 2: Tionchar ar an ngeilleagar](#)).

Cliceáil ar an nasc le haghaidh tuilleadh eolais faoi thionchar COVID-19 ar [thionscail AE](#).

¹⁰ Eurostat, [Euroindicators 53/2021](#), 30.4.2021.

Figiúr 2 – Athruithe comhlána ar ollmhéid an bhreisluacha, 2019-2020



Foinse: CIE, bunaithe ar shonraí Eurostat.

11 Tháinig athrú suntasach ar an margadh saothair de bharr dianghlasála, coraintíne agus féinaonraithe. An teilea-obair a bhí mar riail, cibé áit nó uair is féidir. Sa chás nach raibh sé sin mar rogha ag fostóirí, b'éigean dóibh asláithreacht shealadach a fhorchur, chomh maith le baill foirne a leagan as nó an obair a laghdú uaireanta. Bhí an titim ba mhó sa chéad seo ó ráithe amháin go ráithe eile, maidir le ráta fostaíochta an Aontais, sa chéad leath de 2020. Titim ó 73 % (R1) go 72 % (R2)¹¹ a bhí ann, rud a d'fhág gurb ionann é agus níos mó ná milliún Eorpach gan phost. Leagadh as breis agus 19 milliún díobh siúd go sealadach, agus tháinig laghdú 15 % ar líon iomlán na bhfíor-uaireanta oibre, ar an meán¹². Bhí méadú níos moille agus níos doiléire ar na leibhéil dífhostaíochta, áfach, rud a léiríonn ardráta úsáide na scéimeanna coinneála post

¹¹ Eurostat, *Preaseisiúint 150/2020*, 8.10.2020.

¹² Eurostat, *Uaireanta oibre go mion – staitisticí ráithiúla*, asbhaineadh na sonraí in April 2021.

chomh maith leis an líon níos mó d'oibrithe atá ag fágáil an mhargaidh saothair¹³ (féach freisin [Léargas 3: Tionchar ar an margadh saothair](#)).

Cliceáil ar an nasc le haghaidh tuilleadh eolais faoin [dul chun cinn san fhostaíocht agus sa sochaí](#).

12 Bhí tionchar suntasach ag an gcíor thuathail seo ar fad ar chúrsaí pá, mar gheall ar an gcaillteachas ioncaim a bhí ag gach Ballstát, idir 1 % agus 12 %¹⁴ den tuilleamh iomlán in aghaidh an oibrí. Bhí an-éagsúlacht shocheacnamaíoch ann freisin, áfach, toisc gurbh iad na grúpaí ar ioncam íseal, cosúil le hoibrithe óga agus sealadacha, ba mhó a bhí thíos leis. Mhaolaigh neart scéimeanna cúitimh pá agus coinneála post na tionchair ba mheasa ar theaghlaigh (i.e. SURE, féach ar alt [36](#) agus [Figiúr 8](#)) trí chabhrú leis na cailteanais ioncaim iomlána a laghdú.

Cliceáil ar an nasc le haghaidh tuilleadh eolais faoin [gcaillteanas ioncaim](#).

¹³ An Banc Ceannais Eorpach (BCE), [Tionchar phaindéim COVID-19 ar an margadh saothair sa limistéir euro](#), 7.1.2021.


¹⁴ Bunaithe ar an athrú bliain ar bhliain, 2019-2020. Eurostat, [Tionchar COVID-19 ar ioncam fostaíochta – réamh-mheastacháin](#), sonraí a asbhaintear i mí Dheireadh Fómhair 2020.

Bosca 1

COVID-19 agus earnáil na turasóireachta, 2020

Foilsíonn Eagraíocht Dhomhanda Turasóireachta na Náisiún Aontaithe (UNWTO) an Baraiméadar maidir leis an Turasóireacht Dhomhanda go rialta. De réir nuashonrú mhí Mhárta 2021, bhí laghdú 73 % ar líon na dturasóirí idirnáisiúnta (breis agus 900 milliún turasóir níos lú ná roimhe sin) in 2020 amháin¹⁵. Bhí tionchar suntasach aige ar ioncam maidir le hóstáin agus bialanna, tionscnóirí turas, gníomhaireachtaí taistil, turais loing cúrsála agus aerlínte, agus 174 milliún post a chur i gcontúirt dá bharr¹⁶ - lena n-áirítear breis agus 10 milliún post san Aontas¹⁷. Ba iad an Ghréig, an Phortaingéil, an Ostair, an Spáinn, agus an Iodáil a bhí ag brath go mór ar an turasóireacht ar leibhéal éagsúla, de réir na Eagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE), agus ba mhó seans go gcaillfidís an-chuid dá gcuid OTI de bharr iarmhairtí damanta eacnamaíochta agus sóisialta¹⁸.

Figiúr 3 – Athrú ar luach ionchais na turasóireachta, 2019-2020



Foinse: CIE, bunaithe ar Réamhaisnéis Gheimhridh an Choimisiúin (2021).

Dar le UNWTO ina réamh-mheastacháin don tréimhse 2021-2024, táthar ag súil le “teacht aniar sa turasóireacht idirnáisiúnta faoin dara leath de 2021. Mar sin féin, d’fhéadfaí idir 2½ agus 4 bliana a bheith ann le filladh ar leibhéal 2019 maidir le himircigh idirnáisiúnta”.¹⁹

Ó dhóchas an tsamhraidh go dtí an dara babhta

13 Spreagadh tuairimí go mbeidh deireadh leis an bpaindéim, seans, mar gheall ar thorthaí dearfacha ó bhearta dianghlasála, mar aon le dóchas don vacsaín agus aimsir an tsamhraidh. I mí an Mheithimh 2020, cuireadh tús le laghdú na srianta sóisialta agus eacnamaíochta de réir a chéile ag an Aontas agus Ballstáit. Cuireadh leis an tuairim go raibh cor cinniúnach bainte amach againn mar gheall ar líon na gcásanna agus na mbásanna COVID-19 ag dul i léig, teacht aniar láidir maidir le hOlltáirgeacht Intíre AE-27 (suas 11.5 %²⁰ idir an dara agus an tríú ráithe de 2020), agus an leibhéal fostaíochta a bhí ag dul i méid. Filleadh ar an saol ar féidir “gnáthchúrsaí le srianta” a thabhairt air. Athosclaíodh beáir agus bialanna arís, ceadaíodh imeachtaí sóisialta agus cultúrtha, agus d’fhéadfaí dul ag taisteal arís fiú, ar an gcoinníoll go raibh srianta sláinte agus sábháilteachta áirithe curtha i bhfeidhm acu.

14 Cuireadh deireadh le dea-dhearcadh an tsamhraidh go tobann nuair a tharla an dara babhta san fhómhar, agus bhí deireadh le dóchas mór na ndaoine agus na bpolaiteoirí araon leis sin freisin. Spreagadh an dara babhta sin ag cineál níos tógálaí agus níos marfaí den víreas, ar aimsíodh sa Ríocht Aontaithe i dtosach é. De réir rabhaidh a bhí tugtha ag na heolaithe, tháinig méadú ollmhór ar rátaí ionfhabhtaithe agus báis ar leibhéal nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe sin. Chuir an chuid is mó de Bhallstáit bearta dianghlasála agus bacanna ar thaistil i bhfeidhm arís, cé nach rabhadar chomh dian sin i bhformhór na gcásanna, agus gur mhinic go raibh drogall ann lena chur i bhfeidhm. An chúis leis an méid sin ná go raibh daoine traochta, agus nach rabhadar chomh sásta sin tacú agus cloígh leis na rialacha agus na srianta a cuireadh i bhfeidhm.

15 Ar an iomlán, tar éis fhás 1.6 % a bhí seasmhach go leor in 2019²¹, bhí laghdú 6.2 % in 2020 ag Olltáirgeacht Intíre AE-27. B’amhlaidh go raibh cailteanais éagsúla ag na Ballstáit, agus gurbh cailteanais shuntasacha iad i ngach cás. Meastar go mbeidh éagsúlacht shuntasach idir tíortha ann sna réamh-mheastacháin don chéad dá bhliain eile. Cé go bhfuiltear ag súil le fás arís ag 4.2 % in 2021 agus 4.4 % in 2022 maidir le AE-27, is cosúil nach mbeidh an téarnamh eacnamaíoch cothrom. Féadfar go mbeidh roinnt Ballstát in ann fillleadh ar leibhéal roimh an ngéarchéim faoi dheireadh 2021, ach beidh deacrachtaí ag Ballstáit eile a leithéid a dhéanamh roimh dheireadh 2022²²

²⁰ Eurostat, *Preaseisiúint 178/2020*, 8.12.2020.


²¹ Eurostat, *Preaseisiúint 30/2021*, 9.3.2021.

²² An Coimisiún Eorpach, *Réamhaisnéis Eacnamaíoch an Gheimhridh 2021*.

(féach [Figiúr 4](#)). Féadfar é sin a mhíniú mar gheall ar dhifríochtaí struchtúracha sna geilleagair náisiúnta (m.sh. an méid bhraitear ar an turasóireacht), éagsúlacht na straitéisí chun an phaindéim a chomhrac, agus an staid airgeadais a bhí ann roimh an ngéarchéim, rud a chuir teorainn le scála na tacaíochta i dtíortha áirithe.

Cliceáil ar an nasc le haghaidh tuilleadh eolais faoi Réamhaisnéis Eacnamaíoch an Earraigh 2021 ón gCoimisiún.

Figiúr 4 – réamhaisnéisí ar fhás san Aontas maidir le OTI, 2021-2022



Foinse: CIE, bunaithe ar [Réamhaisnéis an Earraigh ón gCoimisiún \(2021\)](#).

16 Ag an am céanna, in 2020, “bhí méadú breis agus 13 caighdeán cumhachta ceannaigh ar chóimheas comhiomlán fiachais le OTI an Aontais agus an limistéir euro, agus iad ag baint amach 92 % agus 100 % faoi seach. [...] In 2021, meastar go mbeidh méadú leanúnach ar na cóimheasa fiachais le OTI, agus go mbainfear buaicphointe nua amach - thart ar 95 % agus 102 % san Aontas agus sa limistéir euro faoi seach. Beidh laghdú beag ann ina dhiaidh sin in 2022²³” de réir Réamhaisnéis an Earraigh 2021 ón gCoimisiún. Is é an phríomhchúis maidir leis sin ná íslíú na rátaí cána, mar gheall ar an laghdú a bhaineann le gníomhaíocht geilleagair agus bearta lánroghnacha a chur i bhfeidhm. Mar shampla, faoiseamh cánach, laghduithe ar rátaí agus caiteachas eisceachtúil chun tacú le fostaíocht nó le hearnáil na sláinte. As seo go ceann dhá bhliain, is féidir le haon trian ar a laghad de na Ballstáit a bheith ag súil le laghdú ar a gcóimheas fiachais le OTI, ach beidh cuid eile acu fós i bhfad os cionn 100 % i rith 2022²⁴ (féach freisin [Léargas 5: Tionchar ar an airgeadas poiblí](#)).

²³ An Coimisiún Eorpach, [Réamhaisnéis Eacnamaíoch an Earraigh 2021](#).

²⁴ An Coimisiún Eorpach, [Réamhaisnéis Eacnamaíoch an Fhómhair 2020](#).

Ó dhóchas vacsaíne go dtí an tríú babhta

17 An 21 Nollaig 2020, tugadh údarú margaidh an Aontais don chéad vacsaín COVID-19, agus do trí vacsaín eile is iarrthóirí iad ina dhiaidh sin (féach mír **28**). Ní raibh rath ar an mbliain 2021, cé go raibh tús dóchasach léi de réir cosúlachta. Níor éirigh le cur i bhfeidhm na straitéise vacsaínithe a ceann scríbe a bhaint amach²⁵ mar gheall ar easpa soláthair, teipeanna maidir le seachadadh agus comhordú, agus an iomarca rómhaorlathais. Cuireadh moill ar an bpróiseas ionchorpraithe, agus chuaigh líon na n-ionfhabhtú as smacht dá bharr. Mar bharr ar an donas, thosaigh cineáil nua den víreas ag scaipeadh san Eoraip a bhí níos tógálaí, cosúil le sócháin an Beta (“ón Aifric Theas”) agus an Gamma (ón mBrasaíl)²⁶, agus bhí an tríú babhta ann dá bharr. B’éigean an dianghlasáil a leathnú nó a aischur agus srianta a dhaingniú arís. An an am céanna, bhí ardú tagtha ar líon na n-agóidí sibhialta agus polaitiúil in aghaidh na mbeart sin maidir le dianghlasáil agus cosc, agus bhí oll-léirsithe in éineacht leo uaireanta.

18 I láthair na huaire, ní féidir a rá go cinnte ach gur géarchéim ilghnéitheach agus éagothrom atá i bpaindéim COVID-19, a bhfuil tionchar aici ar beagnach gach réimse den saol poiblí agus den saol príobháideach, bíodh an tsláinte phoiblí, an ghníomhaíocht eacnamaíoch, an margadh saothair, an t-oideachas nó an t-airgeadas poiblí i gceist leis. Bhí tionchar an-éagsúil ar fud an Aontais aici, maidir le ham, méid agus cineál beacht a thionchair agus a fhreagra. Bhí an méid chéanna i gceist go náisiúnta, go réigiúnach agus fiú go háitiúil uaireanta. Tá tionchar níos mó aici ar roinnt Ballstát agus réigiún ná a chéile faoi láthair, ach is soiléir ón taithí atá ann go dtí seo gur féidir leis an méid sin ar fad a athrú laistigh de chúpla seachtain. Tá cuid acu fós buailte ag easnaimh struchtúracha roimh an ngéarchéim, a chuireann teorainn lena gcumas chun déileáil le héilimh na staide, agus a thugann faoi thionscadail chun a dtodhchaí a mhúnlú iad. Is soiléir cheana féin go mbeidh iarmhairtí fadtéarmacha ag COVID-19 ar an mbealach ina mairimid agus ina n-oibrímid amach anseo, lena n-áirítear an gá le comhar atá níos fairsinge agus níos fearr, ós rud é nach bhfuil aird ag víris ar theorainneacha náisiúnta.

²⁵ Ba é an sprioc tosaigh a bhí ag an Aontas ná 70 % den daonra fásta ar a laghad a vacsaíniú faoi thús an tsamhraidh 2021.

²⁶ ECDC, *Grafaic faisnéise: Sóchán SARS-CoV-2 – cineáil a bhfuil inní fúthu faoi láthair*, 19.4.2021.

Tionchar ar réimsí beartais roghnaithe i léargais


19 Is fearr linn ligean do na figiúirí an scéal a mhíniú ag pointe áirithe ama agus sna réimsí beartais atá roghnaithe, de bhrí nach féidir le haon mheasúnú ar thionchar COVID-19 ar an Aontas agus na Ballstáit a bheith cuimsitheach ag an tráth seo, agus ós rud é go bhfuil sé deacair i gcónaí an scoithphointe iomchuí a chinneadh. I dteannta na faisnéise thuas, a cuireadh i láthair in ord croineolaíoch, tá sraith léargais cruthaithe againn chun dearcadh comhiomlánaithe a chur ar fáil maidir leis an Aontas agus a Bhallstáit in 2020. Ní ligtear gur léiriú iomlán ar gach réimse beartais atá sna léargais, ach féachtar leis na gnéithe den ghéarchéim a léiriú iontu mar a leanas:

- (a) a cineál ilghnéitheach, gan a bheith teoranta do réimse na sláinte poiblí;
- (b) a tionchar suntasach agus suaiteach ar an Aontas ina iomláine; agus
- (c) a tionchar éagothrom ar Bhallstáit, bíodh sé tráthúil, cainníochtúil nó cáilíochtúil.


Léargas 1: Tionchar ar an tsláinte phoiblí

Tionchar foriomlán ar an Aontas Eorpach

Cásanna in aghaidh an mhilliúin áitritheoir




Básanna in aghaidh an mhilliúin áitritheoir




Tionchar éagothrom ar na Ballstáit

Cásanna in aghaidh an mhilliúin áitritheoir


An chéad bhabhta






An dara bhabhta



An tríú bhabhta



Básanna in aghaidh an mhilliúin áitritheoir




Foinse: CIE, bunaithe ar shonraí ó *Our World in Data*.

Léargas 2: Tionchar ar an ngeilleagar

Tionchar foriomlán ar an Aontas Eorpach


Fás iarbhír OTI an Aontais 2018-2020, réamhaisnéisí do 2022 (athruithe ó ráithe amháin go ráithe eile)




Tionchar éagothrom ar na Ballstáit

Feidhmíocht OTI in 2020 (athruithe ó ráithe amháin go ráithe eile)

Titim i R1-R2



Teacht aniar R3-R4




Foinse: CIE, bunaithe ar shonraí ó Eurostat agus *Réamhaisnéis an Earraigh ón gCoimisiún* (2021).

Léargas 3: Tionchar ar an margadh saothair


Tionchar foriomlán ar an Aontas Eorpach

Forbairt an fháis fostaíochta san Aontas 2016-2020 (athruithe ó ráithe amháin go ráithe eile)



Tionchar éagothrom ar na Ballstáit

An ráta fostaíochta in 2020 (athruithe ó ráithe amháin go ráithe eile)




Foinse: CIE, bunaithe ar shonraí ó Eurostat.

Léargas 4: Tionchar ar theaghlaigh agus ar dhaoine aonair


Tionchar foriomlán ar an Aontas Eorpach

Tá méadú ollmhór tagtha ar **an ráta coigiltis** (i bpointí céatadán nó pc) mar gheall ar an mbearna idir **caiteachas ar thomhaltas aonair** agus ollioncam indiúscartha 2018-2020 (athruithe ó bhliain go bliain)




Tionchar éagothrom ar na Ballstáit

An ráta coigiltis in 2020 (pc)
(i gcomparáid le 2019)




■ Níl sonraí ar fáil maidir leis an tréimhse atá i gceist

Ollioncam indiúscartha in 2020
(i gcomparáid le 2019)



Caiteachas ar thomhaltas aonair in 2020
(i gcomparáid le 2019)




Foinse: CIE, bunaithe ar shonraí ó Eurostat.


Léargas 5: Tionchar ar an airgeadas poiblí

Tionchar foriomlán ar an Aontas Eorpach

Athrú ar fhiachas an rialtais 2020-2022




Athrú ar chomhardú an bhuiséid 2020-2022




Tionchar éagothrom ar na Ballstáit

Fiachas an rialtais 2020




Comhardú an bhuiséid 2020




Réamhaisnéis maidir leis an t-athrú ar fhiachas an rialtais 2021-2022

Athrú 2020-2021 (pc)




Réamhaisnéis maidir leis an t-athrú ar chomhardú an bhuiséid 2021-2022


Athrú 2020-2021 (pc)



Athrú 2021-2022 (pc)



Athrú 2021-2022 (pc)



Foinse: CIE, bunaithe ar shonraí ó Eurostat agus Réamhaisnéis an Earraigh ón gCoimisiún (2021).

Freagairt an Aontais ar COVID-19 a chur le chéile

20 Níl ach cumhacht theoranta ag Aontas chun gníomhú i bhformhór na limistéar a bhfuil tionchar mór ag an bpaindéim orthu, nó ina bhfuil nó inar cheart go mbeadh idirghabháil shonrach mar chuid den fhreagairt éifeachtach. Is é is cúis leis sin, i bpáirt, ná nach dtagann na réimsí sin laistigh de réimse inniúlachta eisiach an Aontais, agus i bpáirt toisc nach raibh mórán ullmhachta ann roimh an ngéarchéim i measc na mBallstát ar fad. Nuair a theip ar an inniúlacht sin, nach raibh mórán comhdhearcaidh ann ag an tús maidir le comhghníomhaíochtaí agus comhionstraimí ach oiread. Mar sin féin, tar éis tús deacair a chur dó, is cosúil anois gur éirigh leis an Aontas saincheisteanna a réiteach maidir le comhordú, tacaíocht agus gníomhaíocht chomhlántach. I dteannta tionchair na géarchéime a mhaolú ar bhealach níos fearr, neartaigh sé cumas na mBallstát dul i ngleic leis na saincheisteanna is práinní i réimsí na sláinte poiblí, an bheartais shocheacnamaíoch agus an bheartais fhioscaigh.

An tsláinte phoiblí


21 Is inniúlacht eisiach de chuid na mBallstát í an tsláinte phoiblí. Is féidir leis an Aontas tacú le beartais sláinte phoiblí na mBallstát agus iad a chomhlánú²⁷, áfach, trí chomhar a chomhordú i gcásanna bagairtí trasteorann agus tubaistí nádúrtha, mar shampla. Tá an tAontas i gceannas freisin ar fhaireachas eipidéimeolaíoch, faireachán, sásra luathrabhaidh (go príomha tríd an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú nó ECDC, féach freisin **Figiúr 5**) agus bearta chun dul i ngleic le mórbhagairtí sláinte trasteorann (lena n-áirítear ullmhacht agus pleanáil freagartha)²⁸.

Cliceáil ar an nasc le haghaidh tuilleadh eolais faoin [tsláinte phoiblí](#).

²⁷ Díreofar gníomhaíocht ábhartha “ar fheabhas a chur ar an tsláinte phoiblí, ar thinnis agus ar ghalair choirp agus mheabhrach a chosc, agus ar fhoinsí contúirte don tsláinte choirp agus mheabhrach a sheachaint” (Airteagal 168 CFAE), lena n-áirítear móraicídí sláinte a chomhrac freisin.

²⁸ An Coimisiún Eorpach, **Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte.

Figiúr 5 – obair ECDC ar COVID-19



Foinse: CIE, bunaithe ar shonraí ECDC.

Trealamh leighis a fháil agus a sholáthar

22 I mí Mhárta 2020, chruthaigh an Coimisiún stoc-charn leighis straitéiseach agus sásra dáileacháin (ar a dtugtar rescEU²⁹), faoina n-oibríonn an tAontas agus na Ballstáit i ndlúthchomhar le chéile (féach freisin **Bosca 2**). Déanann Ballstáit trealamh riachtanach leighis a choimeád agus a sholáthar thar ceann an Aontais. Maoiníonn an Coimisiún suas le 100 % d’fhorbairt agus d’imscaradh rescEU trí bhuiséad

²⁹ Is cuid de Shásra an Aontais um Chosaint Shíbhialta é an clár rescEU, arb é is aidhm dó cosaint tubaiste agus bainistiú rioscaí atá ag teacht chun cinn a neartú. Bunaítear cúlchiste nua Eorpach d’acmhainní leis freisin (lena n-áirítear eitleáin chomhraicthe dóiteáin, héileacaptair, trealamh leighis, srl.), ar féidir iad a úsáid i gcás éigeandála.

EUR 380 milliún a úsáid. Déanann sé dáileadh trealamh leighis a bhainistiú freisin, cosúil le haerálaithe, trealamh cosanta pearsanta (TCP), vacsaíní, cóireálacha agus soláthairtí saotharlainne.

Cliceáil ar an nasc le haghaidh tuilleadh eolais faoi [rescEU](#).

Bosca 2

Ag obair le chéile i gcoinne COVID-19 (ó mhí Eanáir 2021)

“Is iomaí tír AE a chomhlíon a ngealltanais agus de bhreis air sin faoi chlár an Aontais. Mar shampla, nuair a bhuaíl ráig tosaigh an víris go dona ar an Iodáil, chuir go leor tíortha tacaíocht chucu. Tugadh maisc leighis agus aerálaithe in aisce ón Ostair, soláthraíodh trealamh ospidéal allamuigh ag an Danmhairg, seoladh cultacha cosanta ón tSeicia, agus cuireadh 5 tona de sholáthairtí leighis chucu ón nGearmáin. Rinneadh níos mó ná dhá mhilliún aghaidhmasc a onnmhairiú ón bhFrainc chuig Ballstáit eile. Chuir an Ungáir, an Ostair agus an Ísiltír 150 aerálaithe chuig an tSeicia.

Dáileadh 620 000 aghaidhmhaisc chosanta de chineál FFP2 agus FFP3 ar an iomlán, chomh maith le 50 000 earra cosanta coirp ó chúlchistí leighis rescEU suas go dtí mí na Nollag 2020. Mar aon leis sin, tá 30 aerálaí ar iasacht sé mhí don tSeicia. Cuidíonn cúlchistí rescEU le hullmhacht san Aontas a fheabhsú. Déantar iad a athshlánú go leanúnach agus déantar an seachadadh go rialta, bunaithe ar iarratais ó na tíortha is mó atá i ngátar.

Nuair a tháinig borradh faoi chásanna diana COVID-19 sa Bheilg i mí Dheireadh Fómhair 2020, bhí a córas cúraim sláinte i ngéarchéim. Chuir tír comharsanach na Gearmáine fáilte roimh othair Bheilgeacha ina n-ospidéal, áit a raibh níos mó leapacha cúraim déine ar fáil. Sa chéad bhabhta, ghlac an Ghearmáin níos mó ná 230 othar criticiúil ón Iodáil, ón bhFrainc agus ón Ísiltír. Chuir an Ostair agus Lucsamburg fáilte roimh othair ón bhFrainc agus ón Iodáil freisin.”

Foinse: An Chomhairle, [5 bhealach ina bhfuil an tAontas agus na Ballstáit ag obair le chéile i gcoinne COVID-19](#) 18.1.2021.

23 In Aibreán 2020³⁰, chuir an Chomhairle an Ionstraim Tacaíochta Éigeandála (ESI) i ngníomh³¹. Is uirlis é seo a chuireann ar chumas an Aontais, trí thacaíocht éigeandála ón mbuiséad ginearálta, cuidiú leis na Ballstáit agus iad ag tabhairt aghaidh ar na hiarmhairtí daonna agus eacnamaíocha de bharr géarchéime. Féadfar na rudaí seo a áireamh sa tacaíocht; an soláthar lárnach, comhordú agus iompar an trealamh leighis is gá, cúnamh le pearsanra breise cúraim sláinte a earcú agus cúnamh airgeadais a sholáthar. Déantar na stoc-chairn choiteanna de chuid ESI agus rescEU araon a mhaoiniú le EUR 3 billiún ó bhuiséad an Aontais, agus le EUR 3 billiún breise ó na Ballstáit.

Cliceáil ar an nasc le haghaidh tuilleadh eolais faoi [ESI](#).

24 Ag tosú i mí Aibreáin 2020, seoladh roinnt nósanna imeachta maidir le soláthair phoiblí comhpháirteacha ag an gCoimisiún, a mbeidh suas le 25 Ballstát páirteach iontu. Leis an socrú sin, is féidir leis na Ballstáit orduithe a chur ar fáil do TCP (clúdaigh, lámhainní, spéaclaí cosanta, aghaidhsciathanna agus maisc), aerálaithe, trealamh saotharlainne (fearais, imoibrithe, maipíní agus ábhair saotharlainne inchaite), cóireálacha (*remdesivir*) agus cógais dhianchúraim (anailgéisic, antaibheathaigh, ligeáin matánach, ainéistéiseach, srl.).

Cliceáil ar an nasc le haghaidh tuilleadh eolais faoi [chomhsholáthairtí](#).

Tacaíocht a thabhairt don taighde le haghaidh cóireálacha, diagnóisicí agus vacsaíní

25 Ó mhí Mhárta 2020 i leith, tá breis agus EUR 660 milliún infheistithe ag an Aontas i dtionscadail taighde ar an gcoróinvíreas tríd an gclár taighde agus nuálaíochta *Horizon* 2020. Cuireadh deontais ar fáil do thionscadail a bhaineann leis an diagnóisic, cóireáil, vacsaíní, eipidéimeolaíocht, monaraíocht, teicneolaíochtaí leighis agus digiteacha, agus eile nach iad.

26 I mí Iúil 2020, chuir an Coimisiún agus an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) EUR 75 milliún ar fáil do CureVac, ar cuideachta biteicneolaíochta Gearmánach iad, ó mhaoiniú *Horizon* 2020 le haghaidh forbairt vacsaínithe agus leathnú na monaraíochta. Tá comhaontú maoinithe tugtha i gcrích ag BEI le BioNTech SE freisin, cuideachta eile

³⁰ An Coimisiún Eorpach, [COM/2020/175 deireanach](#), 2.4.2020.

³¹ An Chomhairle, [Rialachán \(AE\) 2016/369](#) an 15 Márta 2016 maidir le tacaíocht éigeandála a chur ar fáil laistigh den Aontas, 16.3.2016.


Gearmánach, chun a chlár vacsaíne EUR 100 milliún a fhorbairt (a fhaigheann tacaíocht ó ráthaíochtaí iasachta ón gclár *Horizon 2020*).

Cliceáil ar an nasc chun tuilleadh eolais a fháil faoi thionscadail Horizon 2020.

27 I mí an Mheithimh 2020, chuir an Coimisiún *Straitéis an Aontais maidir le Vacsaíní COVID-19* i láthair chun dlús a chur le forbairt, monarú agus úsáid vacsaíní. Ó shin i leith, tá comhaontuithe sínithe aige le sé chuideachta chógaisíochta (féach **Figiúr 6**), agus ar moladh ón nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA, féach **Bosca 3**), tabharfar cead do Bhallstáit vacsaíní a cheannach a luaithe agus a dheonaítear údarú margaidh AE dóibh.

Cliceáil ar an nasc chun tuilleadh eolais a fháil faoi Straitéis Vacsaíní an Aontais.

Figiúr 6 – Dáileoga vacsaíne faighte ag an gCoimisiún (mí na Bealtaine 2021)



Foinse: CIE, bunaithe ar shonraí ó Eurostat.

28 Dheonaigh an Coimisiún údaruithe margáíochta ar coinníoll do na vacsaíní seo a leanas go dtí seo:

- (a) BioNTech agus Pfizer (21 Nollaig 2020);
- (b) Moderna (6 Eanáir 2021);
- (c) Oxford-AstraZeneca (29 Eanáir 2021);
- (d) Johnson & Johnson (11 Márta 2021).

Bosca 3

an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach

Tá EMA lonnaithe in Amstardam agus bunaíodh é le Rialachán (CEE) Uimh. 2309/93, ar tháinig Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ina ionad níos déanaí. Feidhmíonn sé trí líonra uile-AE agus comhordaíonn sé na hacmhainní eolaíoch a chuireann údaráis náisiúnta ar fáil, lena chinntiú go ndéantar meastóireacht agus maoirseacht ar tháirgí íocshláinte maidir lena n-úsáid ag an duine nó le haghaidh úsáide tréidliachta.

Tá príomhról ag EMA san fheachtas vacsaínithe COVID-19, de bhrí gurb iad na meastóireachtaí cuimsitheacha neamhspleácha a dhéanann a choistí eolaíoch ar chógais nua mar bhonn ar a dtugann an Coimisiún údarú margaidh san Aontas³².

An geilleagar agus an airgeadas poiblí

29 Den chuid is mó, bíonn inniúlacht eacnamaíoch an Aontais éagsúil de réir réimse beartais. Is é an Seimeastar Eorpach an creat chun beartas eacnamaíoch an Aontais a chomhordú i ngach Ballstát (lena n-áirítear rialacha sonracha maidir le faireachas buiséadach). Bunaíodh é mar fhreagairt ar laigí i rialachas eacnamaíoch an Aontais, mar a léiríodh le linn na géarchéime airgeadais agus geilleagair in 2008 go príomha. Tá sé i gceist leis cosc a chur ar mhéadú na míchothromaíochtaí agus chomh maith leis sin, cóineasú agus cobhsaíocht san Aontas a chinntiú. Is iad an Coimisiún agus an Chomhairle atá i gceannas ar an nós imeachta. Is iad na Ballstáit a dhéanann cinntí maidir leis an mbeartas eacnamaíoch agus buiséadach ar deireadh, áfach, laistigh de

³² EMA, *Údarú cógas*.

theorainneacha na rialacha a comhaontaíodh go comhchoiteann (m.sh. comhlíonadh le critéir Maastricht).

30 Ag an am céanna, tá ról cinntitheach ag an gCoimisiún maidir le scéimeanna stáitchabhracha náisiúnta, de bhrí go bhfíoraíonn sé comhlíonadh rialacha an Aontais ag na Ballstáit maidir le hiomaíocht éagórach a chosc agus féadfaidh sé bac a chur ar thacaíocht airgeadais iomarcach don earnáil chorparáideach. Féadfaidh an Coimisiún na rialacha ginearálta a chur ar fionraí faoi choinníollacha áirithe, áfach, agus toiliú maidir le soláthar eisceachtúil stáitchabhrach (féach mír **32**).

31 Déanann an Chomhairle agus an Coimisiún bainistiú freisin ar chúnamh airgeadais do Bhallstáit a bhfuil suaitheadh mór geilleagair nó airgeadais acu (tríd an Sásra Cobhsaíochta Airgeadais Eorpach agus an tsaoráid faoi chomhair chomhardú na n-íocaíochtaí). Níor ceapadh buiséad an Aontais chun turraingí eacnamaíocha ar mhórszála a mhaolú sa ghearrthéarma go dtí seo, toisc go bhfuil sé teoranta ag na huasteorainneacha caiteachais atá ag creataí airgeadais ilbhliantúla comhleanúnacha agus ag rialacha éagsúla an chláir maidir le caiteachas. Is léiriú ar an athrú paraidíme é bunú na hionstraim *Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh* (NGEU) ar an gcaoi sin, ós rud é go gceadaíonn sé don Aontas a chaiteachas a mhaoiniú trí fhiacha a ghlacadh den chéad uair (féach freisin mír **39**).

Tarscaoileadh sealadach ar rialacha an Aontais maidir le stáitchabhair


32 An 19 Márta 2020, ghlac an Coimisiún *creat sealadach* nua le haghaidh bearta stáitchabhrach inar gceadaíodh do na Ballstáit tacaíocht phoiblí a thabhairt do chuideachtaí agus do ghnólachtaí atá thíos leis an ngéarchéim. Ó mhí Mhárta 2021 i leith, bhí níos mó ná 470 cinneadh déanta aige agus formheastar tuairim is 580³³ beart náisiúnta leo, ar thug na Ballstáit uile fógra fúthu i gcomhthéacs na paidéime. Tá an *creat sealadach* leasaithe ag an gCoimisiún 4 huair go dtí seo, d'fhonn raon feidhme na tacaíochta poiblí a mhéadú (m.sh. le haghaidh taighde), poist agus an geilleagar a chosaint, tús áite a thabhairt don athchaipitliú, agus rudaí eile a dhéanamh nach iad. Faoi dheireadh mhí Mhárta 2021, bhí stáitchabhair dar luach EUR 3 trilliún formheasta ag an gCoimisiún (féach **Figiúr 7**), arb ionann é agus 22 % d'Olltáirgeacht Intíre AE-27 in 2019³⁴, a bheag nó a mhór.

Cliceáil ar an nasc le haghaidh tuilleadh eolais faoi stáitchabhair.

³³ An Coimisiún Eorpach, *Nóta maidir le Comórtas don Stáitchabhair 1/2021*, Márta 2021.

³⁴ Ríomhanna CIE bunaithe ar shonraí Eurostat.

Figiúr 7 – Státchabhair údaraithe ag an gCoimisiún, 2020



Foinse: CIE, bunaithe ar shonraí ón gCoimisiún (Nóta maidir le Comórtas don Státchabhair 1/2021).

Solúbthacht faoi rialacha fioscacha an Aontais

33 An 23 Márta 2020, chuir an Coimisiún agus an Chomhairle an clásal ‘éalú ginearálta’ i ngníomh den Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis³⁵, ina dtugtar cead do Bhallstáit imeacht ó na rialacha fioscacha Eorpacha a rialáonn a mbuiséid go sealadach, agus na bearta uile atá riachtanach a ghlacadh dar leo, chun dul i ngleic leis an ngéarchéim gan an inbhuanaitheacht fhioscach a chur i gcontúirt. Chuir sé sin ar chumas na rialtas náisiúnta borradh a chur faoin maoiniú do chúram sláinte agus faoin gcaiteachas eacnamaíoch, poist agus fostaíocht a choimeád le linn na géarchéime, agus tuilleadh a dhéanamh nach iad.

Cliceáil ar an nasc le haghaidh tuilleadh eolais faoin [gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis](#).

Tacaíocht geilleagair do Bhallstáit

34 An 26 Márta 2020, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an *Tionscnamh Infheistíochta um Fhreagairt don Choróinír* (CRII), lenar saortar EUR 37 billiún ó *Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa* (CSIEnna) chun tacú le margadh an tsaothair, FBManna, cúram sláinte agus earnálacha tábhachtacha eile. Ar a bharr sin, chuir *Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh* EUR 800 milliún breise de chúnamh airgeadais ar fáil do na tíortha is mó atá thíos leis.

35 Tháinig CRII i bhfeidhm an 1 Aibreán 2020, agus lean CRII+ é níos déanaí sa mhí, ar pacáiste comhlántach é de bhearta sealadacha simplithe agus a cheadaíonn solúbthacht níos mó in úsáid cistiúcháin CSIE nár gealladh, cosúil le:

- (a) tuilleadh roghanna maidir le haistriú gealltanais idir cistí éagsúla an bheartais chomhtháthaithe³⁶, catagóirí réigiún agus cuspóirí cistiúcháin;
- (b) an fhéidearthacht le caiteachas comhtháthaithe ar chláir COVID-19 a mhaoiniú go hiomlán ó bhuiséad an Aontais le linn na bliana cuntasáochta ón 1 Iúil 2020 go dtí an 30 Meitheamh 2021.

Cliceáil ar an nasc le haghaidh tuilleadh eolais faoi [CRII agus CRII+](#).


³⁵ “Is sraith rialacha é CCF lena chinntiú go dtabharfaidh Ballstáit faoi airgeadas poiblí fóna agus go ndéanfaidh siad a mbeartais fhioscacha a chomhordú” (an Coimisiún Eorpach, [an Comhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis](#)).

³⁶ Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa, an Ciste Comhtháthaithe.

36 An 9 Aibreán 2020, mhol an Grúpa Euro³⁷ trí bheart sábháilteachta éigeandála chun tacú le poist agus fostaíocht, gnólachtaí agus airgeadas poiblí. An 23 Aibreán, d’fhormhuinigh an Chomhairle an pacáiste, ar fiú EUR 540 billiún é, agus d’iarr sí go mbeadh sé oibríochtúil faoin 1 Meitheamh 2020:

- (a) *an tacaíocht ghéarchéime paidéime* ón Sásra Cobhsaíochta Eorpach – EUR 240 billiún do na Ballstáit is mó ar bhuail géarchéim COVID-19 orthu;
- (b) *Ciste Ráthaíochta Uile-Eorpach* ó BEI – EUR 200 billiún chun cabhrú le gnólachtaí, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide, atá faoi ghanntanas leachtachta;
- (c) *an ionstraim SURE* (tacaíocht chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála) – EUR 100 billiún chun cabhrú le maoiniú a dhéanamh ar scéimeanna oibre gearr-ama agus bearta dá samhail (féach **Figiúr 8**).

Figiúr 8 – SURE, iomlán na leithdháiltí in aghaidh an Bhallstáit



Foinse: CIE, bunaithe ar shonraí ó Eurostat.

³⁷ Na hAiri gnóthaí eacnamaíocha agus airgeadais ó Bhallstáit an limistéir euro.

37 D’fhormheas an Chomhairle EUR 94.3 billiún mar thacaíocht airgeadais do 19 Bhallstát trí SURE, bunaithe ar thograí ón gCoimisiún. Ó mhí Bhealtaine 2021 i leith, íocadh amach EUR 89.6 billiún den mhéid sin.

Cliceáil ar an nasc le haghaidh tuilleadh eolais faoi [SURE](#).

Gníomhaíocht an Bhainc Cheannais Eorpaigh

38 An 18 Márta 2020, sheol BCE a *Chlár Ceannaigh le haghaidh Éigeandáil na Paindéime* (PEPP). Is uirlis é seo a mhéadaíonn leachtacht na hearnála poiblí agus príobháidí trí oibríochtaí athmhaoinithe a dhéanamh atá fadtéarmach agus spriocdhírith. Cuireann sé ar chumas na mBallstát cabhrú le cuideachtaí agus le teaghlaigh déileáil le tionchair láithreacha na géarchéime, trí iasachtaí rialtais a éascú ar théarmaí níos fabhraí. Bhí buiséad tosaigh EUR 750 billiún ag TPPU, agus leithdháileadh EUR 600 billiún breise air an 4 Meitheamh agus EUR 500 billiún sa bhreis air sin an 10 Nollaig. Tá EUR 1 850 billiún aige ar an iomlán dá bharr.

Cliceáil ar an nasc le haghaidh tuilleadh eolais faoi [PEPP](#).

Plean Téarnaimh don Eoraip

39 An 27 Bealtaine 2020, mhol an Coimisiún an ionstraim nua téarnaimh EUR 750 billiún, NGEU, mar aon le buiséad fadtéarmach treisithe AE do 2021-2027. An 21 Iúil, d’fhormhuinigh an Chomhairle an togra ón gCoimisiún le roinnt leasuithe tábhachtacha. Díróinn an ionstraim shealadach nua seo ar an dochar socheacnamaíoch láithreach atá déanta ag an bpaindéim agus féachann sí le hEoraip níos glaise, níos digití agus níos athléimní a thógáil. Leithdháiltear cistiú ar 7 gclár aonair (féach [Figiúr 9](#)), arb iad an *tSaoráid um Théarnamh agus Athléimneacht* (RRF) agus an *Cúnamh don Chomhtháthú agus do Chríocho na hEorpa* (REACT-EU) na cinn is suntasaí díobh sin³⁸:


- (a) Tacaíonn RRF, croílár NGEU, le hinfheistíochtaí Bhallstát ar mhaithe le téarnamh tapa. Dáiltear a bhuiséad EUR 672.5 billiún trí dheontais (EUR 312.5 billiún) agus trí iasachtaí (EUR 360 billiún).

³⁸ Tá ciste uile NGEU i bhfoirm “breisithe” maidir le cláir chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) 2021-2027, seachas i gcás RRF agus REACT-EU, agus ní mór é a chaitheamh i gcomhréir leis na rialacha earnáilsonracha.

- (b) Cuireann REACT-EU (EUR 47.5 billiún) le tionscnaimh CRII agus CRII+ chun tacú le poist agus fostaíocht, FMBanna, córais sláinte poiblí, agus an t-aistriú chuig geilleagar atá níos glaise agus níos digití. Tá maoiniú ar fáil³⁹ i mbeagnach gach earnáil.

Cliceáil ar an nasc le haghaidh tuilleadh eolais faoi *Phlean Téarnaimh don Eoraip*.

Figiúr 9 – NGEU, iomlán na leithdháiltí in aghaidh an chláir



Foinse: Comhairle an Aontais Eorpaigh.

Réimsí eile

Slándáil phoiblí agus cosaint shibhialta

40 Tá sé de shaincheart ag na Ballstáit bearta coinneála agus dianghlasála a fhorchur i réimsí na slándála poiblí agus na cosanta sibhialta, cosúil le teorainneacha, siopaí, agus gnólachtaí a dhúnadh, nó rialacha eile ina gcuirtear srian leis an tsaorghluaiseacht. Is beag an méid a bhí an tAontas, a ndearna an Coimisiún ionadaíocht air, in ann a dhéanamh, seachas comhordú a chur ar fáil agus treoirínthe a eisiúint maidir le teorainn a chur leis an damáiste do shláinte an mhargaidh inmheánaigh, go háirithe maidir le saorghluaiseacht earraí agus daoine. Is féidir leis an

³⁹ Trí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa agus an Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí.

gCoimisiún a chinntiú an bhfuil údar leis na bearta maidir leis sin, m.sh. go bhfuil siad oiriúnach, riachtanach agus comhréireach maidir lena gcuaspóirí.

41 Chomh luath le deireadh mhí Eanáir 2020⁴⁰, rinne an Coimisiún beart tríd an *Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta* chun saoránaigh an Aontais atá sáinnithe ar fud an domhain a aidsúichiú. Chabhraigh sé le Ballstáit a gcuid oibríochtaí cúnamh agus aidsúichithe a chomhordú freisin. Thug Ballstáit breis agus leathmhilliún duine abhaile ó gach cearn den domhan go dtí seo, lena n-áirítear 90 000 duine le cúnamh ón Sásra um Chosaint Shibhialta.

Cliceáil ar an nasc chun tuilleadh eolais a fháil faoin [Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta](#).

42 An 13 Deireadh Fómhair 2020, ghlac na Ballstáit *Moladh ón gComhairle maidir le cur chuige comhordaithe ar an tsaorghluaiseacht a shrianadh*⁴¹ mar fhreagairt don phaindéim. Leagtar amach ceithre príomhréimse sa mholadh ina raibh ar Bhallstáit a n-iarrachtaí a chomhordú:

- (a) comh-chóras mapála atá dathchódaithe;
- (b) comh-chritéir do Bhallstáit agus cinneadh á dhéanamh acu ar cheart srianta taistil a thabhairt isteach;
- (c) comh-chreat do bhearta taistil COVID-19 (tástáil agus féinchoraintín);
- (d) faisnéis shoiléir, thráthúil a sholáthar don phobal.

Tá go leor treoirínite agus comhairle eisithe ag an gCoimisiún, mar shampla, maidir le bainistiú teorainneacha nó maidir le saorghluaiseacht oibrithe a ráthú (go háirithe sna hearnálacha cúraim sláinte agus bia). Tá an *t-ardán Re-Open EU* seolta aige freisin, a thugann sonraí eipidéimeolaíocha agus faisnéis do thaistealaithe faoi shrianta sábháilteachta agus taistil atá ann faoi láthair.

Cliceáil ar an nasc le haghaidh tuilleadh eolais faoin [gcomh-fhreagairt ar an gcoróinvíreas](#).

⁴⁰ An Coimisiún Eorpach, [an coróinvíreas:Cuireadh an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta i ngníomh chun saoránaigh den Aontas a aidsúichiú](#), 28.1.2020.

⁴¹ An Coimisiún Eorpach, [COM \(2020\) 499 deireanach](#), 4.9.2020.

CUID II – Forléargas ar obair na UFlanna

43 D'fhreagair an Chúirt agus UFlanna eile de chuid an Aontais gan mhoill don ghéarchéim nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe sin trí roinnt mhaith gníomhaíochtaí iniúchóireachta agus faireacháin a chur ar bun. In 2020, d'fhoilsigh UFlanna na Beilge, na Cipire, na Gearmáine, na Laitvia, na Liotuáine, na hÍsiltíre, na Portaingéile, na Rómáine, na Slóvaice agus na Cúirte 48 dtuarascáil ar roinnt réimsí beartais (féach [Iarscríbhinn – Liosta iomlán d'fhoilseacháin a bhaineann le COVID ó UFlanna an Aontais in 2020](#)). Tugann an roinn seo forbhreathnú ar 17 de na tuarascálacha sin, lena gcumhdaítear cúig réimse tosaíochta don chaiteachas ar aisghabháil. Níor tugadh ach sonraí ó thuarascáil amháin in aghaidh gach réimse tosaíochta⁴² ag gach UFI, nach raibh breis is trí cinn ann go hiomlán, chun an Choimre a choinneáil ar fhad inbhainistithe. Tugann gach cur síos comhthéacs agus cúiseanna leis an ngníomhaíocht iniúchóireachta, agus déantar achoimre ar na príomhthorthaí agus conclúidí.

⁴² Is eisceacht é UFI na Laitvia, a raibh dhá thuarascáil ag baint lena hiniúchadh de bharr chúiseanna inmheánacha.

Tábla – 17 rannchuidiú ó UFlнна i gcúig réimse tosaíochta

	an Bheilg	an Chipir	an Ghearmáin	an Laitvia	an Liotuáin	an Ísiltír	an Phortaingéil	an Rómáin	an tSlóvaic	an tSualainn	AE (CIE)
An tsláinte poiblí											
An córas náisiúnta cúraim sláinte						✓					
An t-árachas sláinte reachtúil			✓								
An soláthar poiblí	✓	✓									
Fardal ar threalaimh leighis								✓			
Faisnéis poiblí			✓								
Digitíú											
An córas oideachais			✓								
Riarachán an Rialtais					✓						
Freagairt shocheacnamaíoch											
Gnólachtaí					✓						
Scéimeanna don scor sealadach			✓								
Bainistiú géarchéime agus éigeandála				✓							
Freagairt eacnamaíoch an Aontais											✓
Airgeadas poiblí agus rioscaí gaolmhara											
Airgeadas poiblí agus rioscaí gaolmhara					✓					✓	
An buiséad a chur chun feidhme						✓					
Freagairt ghinearálta ar leibhéil éagsúla rialtais											
Gach leibhéal rialtais							✓				
An rialtas áitiúil						✓					

Réimse tosaíochta: An tsláinte phoiblí

44 Is iad na Ballstáit atá freagrach go príomha as an mbeartas sláinte poiblí agus as cinntí maidir le cur chun feidhme agus maoiniú na freagartha ar an bpaindéim. Tá réimse leathan beart curtha i bhfeidhm ag Ballstáit a bhfuil difríocht shuntasach eatarthu ó thaobh fairsinge agus faid de ar fud an Aontais, cé go bhfuil siad cosúil lena chéile ar an mórgóir. Is d’fhonn leathadh an víris a chosc atá na bearta sin, chomh maith lena bpobail a chosaint agus an brú ar a gcórais sláinte poiblí a laghdú, go háirithe maidir le hospidéal agus a gcumas iontógála.

45 I measc na mbeart is coitianta atá ann, feictear an scaradh sóisialta, úsáid trealaimh chosanta (cosúil le haghaidhmaisceanna), córais rianaithe teagmhála, feachtais tástála agus vacsaínithe, agus ospidéal shealadacha, chun dul i ngleic le méaduithe gan rabhadh ar líon na n-othar COVID-19. Ag an am céanna, tá srianta agus dianghlasáil forchurtha ag Ballstáit ó am go chéile chun na rátaí ionfhabhtaithe a rialú, chomh maith le dúnadh scoileanna, náiscoilleana, gnólachtaí nach bhfuil riachtanach, agus uaireanta táirgeadh tionsclaíochta fiú. Tá beartais “fan sa bhaile” tugtha isteach ag beagnach gach Ballstát, ach amháin do na riachtanais a bhfuil géarghá leo, agus tá feachtais seolta acu sna meáin thraidisiúnta agus shóisialta chun an pobal a chur ar an eolas faoi bhagairt an ionfhabhtaithe a íoslaghdú, agus chun an bhréagaisnéis agus an bhréagnuacht a chomhrac freisin. Tá an chuid is mó den mhaoiniú leithdháilte ar an earnáil cúraim sláinte, taighde agus forbairt vacsaíní agus trealaimh leighis a sholáthar .

46 Dá bhrí sin, dhírigh UFIInna na Beilge, na Cipire, na Gearmáine, na Laitvia, na Portaingéile agus na Slóvaice cuid dá ngníomhaíochtaí iniúchóireachta ar an tsláinte phoiblí agus ar bhearta gaolmhara, mar cheann de thosaíochtaí na freagartha paindéime. Rinne UFI na Gearmáine scrúdú ar thionchar COVID-19 ar an árachas sláinte reachtúil agus ar an mbuiséad cónaidhme, bhreathnaigh an Bheilg, an Chipir agus an tSlóvaic ar phróisis agus nósanna imeachta maidir leis an tsoláthair phoiblí, agus rinne UFI na Laitvia measúnú ar an úsáid a bhaintear as cistí poiblí COVID chun tacaíocht a thabhairt do na meáin.

An córas náisiúnta cúraim sláinte



An Phortaingéil
Tribunal de Contas

COVID-19 – Tionchar ar ghníomhaíocht an chórais náisiúnta cúraim sláinte agus rochtain ar chúram sláinte

Foilsithe	An cineál iniúchóireachta	Tréimhse a clúdaítear	Nasc
15.10.2020	Forléargas	Mí Mhárta - mí Iúil	PT

Ábhar ár measúnaithe agus an chúis leis

Mar thoradh ar an ngá a bhí le freagairt ar phaindéim COVID-19, bhí formhór na dtíortha agus na soláthraithe cúraim sláinte i gceannas ar bhearta a ghlacadh a raibh cúram roghnach teoranta acu. Sa Phortaingéil, cuireadh gníomhaíocht a bhí roghnach agus neamhphráinneach ar fionraí le hOrdú an Aire Sláinte an 15 Márta 2020.

Torthaí

Dá bhrí sin, bhí gníomhaíocht na soláthraithe náisiúnta cúraim sláinte ó mhí Mhárta go mí na Bealtaine 2020 níos ísle ná mar a bhí sna míonna céanna in 2019. Ba iad na gníomhaíochtaí is mó a ndearnadh difear dóibh ná obráidí roghnacha (síos 58 %, 93 300 obráid), cúram ospidéil éigeandála (síos 44 %, 683 389 cuairt) agus coinní leighis tosaigh d’othair sheachtracha (síos 40 %, 364 535 coinne).

Bhí ról tábhachtach ag úsáid an chianchomhairliúcháin chun coinní aghaidh ar aghaidh a laghdú i gcúram sláinte príomhúil (d’ardaigh cianchomhairliúcháin nó comhairliúcháin neamhshonraithe idir 83 % agus 65 % maidir le hiomlán na gcoinní). Os a choinne sin, níor bhain ach fíorbheag úsáid as an gchianchomhairliúchán i gcúram ospidéil.

Tháinig laghdú suntasach ar líon na n-othar nua a atreoraíodh ó aonaid chúraim phríomha le haghaidh coinne othair sheachtraigh agus obráidí. Ní raibh ach 67 % den fhiigiúr a bhí ann i mí na Bealtaine 2019 sroichte don tréimhse chéanna in 2020 maidir le líon na n-iarratas do choinne. B’ionann an céatadán sin le 42 % le haghaidh athreoruithe d’obráid.

Mar sin féin, chuaigh an mheán-thréimhse feithimh d’othair a bhí ar liostaí feithimh in olcas idir an 31 Nollaig 2019 agus an 31 Bealtaine 2020. D’ardaigh an mheán-thréimhse feithimh le haghaidh coinne d’othair sheachtracha ó 100 go 171 lá, agus d’fhan tuairim is 69 % díobh siúd a bhí ar an liosta feithimh an 31 Bealtaine 2020 níos faide ná an t-uas-am feithimh a bhí ráthaithe. D’ardaigh an mheán-thréimhse feithimh le haghaidh obráidí ó 106 go 147 lá, agus sháraigh thart ar 43 % de na hothair a bhí ar an liosta feithimh an 31 Bealtaine 2020 an t-uas-am feithimh a bhí ráthaithe cheana féin.

Tháinig laghdú ar chomhlíonadh na n-uas-amanna feithimh a bhí ráthaithe i gcás obráidí a rinneadh i mí na Bealtaine 2020, cé go raibh sé sách gar do na figiúirí a taifeadadh sna blianta roimhe sin. Cuireadh feabhas ar chomhlíonadh na n-uas-amanna feithimh a bhí ráthaithe do na hobráidí ba phráinní (tosaíochtaí 3 agus 4, an ailse agus galair eile), lena léirítear an aird a díriodh ar na hothair sin i gcomparáid le cásanna nach bhfuil chomh práinneach céanna. Le hOrdú 5314/2020 ón Aire Sláinte an 2 Bealtaine 2020, rialaíodh go gcuirfear tús arís le gníomhaíocht neamhphráinneach ag an gcóras náisiúnta cúraim sláinte. Leis an Ordú seo, leagtar síos bearta a d’fhéadfadh éifeachtacht agus éifeachtúlacht maidir le leithdháileadh acmhainní a fheabhsú, cé go bhfuil rioscaí ann lena chur chun feidhme.

I mí an Mheithimh 2020, bhí na torthaí measartha ag gníomhaíochtaí a bhí tosaithe arís. Bhí na torthaí i bhformhór na n-aonad faoi bhun na leibhéil in 2019, cé gur mhéadaigh leibhéil na n-obráidí roghnacha arís go páirteach ag aonaid ospidéal áirithe, chomh maith leis na coinní othar seachtrach.

Conclúidí

Beidh gá le cúram cliniúil breise, chun an chóireáil nach raibh indéanta mar gheall ar phaindéim COVID-19 a chur ar fáil. Mar gheall air sin, tá baol ann nach mbeadh sé d’acmhainn ag an gcóras náisiúnta cúraim sláinte déileáil leis an éileamh breise sin, gan méadú suntasach a dhéanamh ar na hamanna feithimh.

D’fhéadfadh sé sin údar a thabhairt le dreasachtaí sonracha, neamhchoitianta a chruthú i maoiniú náisiúnta cúraim sláinte, chomh maith leis na sásraí atá in úsáid ag an Aireacht cheana féin agus gan tuilleadh beart a chur as an áireamh, rud atá ann cheana féin maidir leis an méadú ar dhreasachtaí chun seirbhísí breise a sholáthar sa chóras náisiúnta cúraim sláinte.

D’fhéadfaí úsáid a bhaint as dea-chleachtais a shainaitheant maidir le seirbhísí a atheagrú sa chóras náisiúnta cúraim sláinte, agus pleannanna teagmhais a athbhreithniú agus a choigeartú, i bhfianaise an dhianghlasála ginearálta mar gheall ar an staid éigeandála. Is é an aidhm a bheadh leis sin ná an comhhabhtáil idir leithdháileadh

acmhainní do chóireáil othar COVID-19 agus diagnóis agus cóireáil galar eile a shainaithint agus a mheas, lena n-áirítear cúram neamhphráinneach.

Tá na dúshláin a bhaineann le rialáil ar leibhéal na seirbhíse agus leithdháileadh acmhainní iomchuí fós ann, agus beidh amach anseo. Ní mór an cúram roghnach nach bhféadfaí a thabhairt a chur ar fáil, agus ní mór an córas náisiúnta cúraim sláinte a ullmhú chun an dara babhta den phaindéim a chomhrac, sa chás go mbeadh a leithéid ann.

An t-árachas sláinte reachtúil



An Ghearmáin
Bundesrechnungshof

Tuarascáil Chomhairleach ar thionchar phaindéim COVID-19 ar an scéim árachais sláinte reachtúil, dírithe ar Choiste Buiséid Parlaimint na Gearmáine.

Foilsithe	An cineál iniúcháireachta	Tréimhse a clúdaítear	Nasc
13.11.2020	Iniúchadh comhlíontachta / iniúchadh feidhmíochta	Mí Mhárta-mí Dheireadh Fómhair	DE

Ábhar ár measúnaithe agus an chúis leis

I mí Mhárta 2020, tar éis don Parlaimint eipidéim náisiúnta a fhógairt, ghlac an Rialtas Cónaidhme céimeanna chun tionchar phaindéim COVID-19 a mhaolú agus brú ar an gcóras cúraim sláinte a sheachaint. Chuir na céimeanna sin ualach ar an mbuiséad cónaidhme agus ar chistí na scéimeanna árachais sláinte reachtúla, atá mar chrann taca leis an gcobhsaíocht fhoriomlán maidir le córas cúraim sláinte na Gearmáine. Faigheann na hárachóirí sláinte acmhainní airgeadais ó Chiste Sláinte arna bhainistiú ag údarás cónaidhme. Maoinítear an Ciste seo ag ranníocaíochtaí agus ag deontas cónaidhme bliantúil EUR 14.5 billiún. In 2020, tháinig méadú EUR 3.5 billiún ar an deontas cónaidhme nuair a tháinig méadú ar chaiteachas le linn na paindéime, agus cuireadh EUR 5 billiún leis in 2021. Tá riachtanas de réir dlí ag an gCiste Sláinte chun cúlchiste leachtachta a shealbhú, arb ionann 20 % den mheánchaiteachas míosúil é faoi láthair. Tá cuideachtaí príobháideacha árachais sláinte ag an nGearmáin freisin; níl ach cuid bheag den daonra cláraithe i scéimeanna den sórt sin. Ní fhaigheann árachóirí sláinte príobháideacha aon deontas poiblí. Rinneamar iniúchadh ar an tionchar a bhí ag an bpaindéim ar an gCiste Sláinte, ar a chúlchiste leachtachta agus ar na hárachóirí sláinte reachtúla. Thugamar tuairisc dár dtorthaí don Choiste um an mBuiséad Parlaiminteach, maidir leis an deontas cónaidhme bliantúil agus an tionchar atá aige ar an mbuiséad cónaidhme. Clúdaítear an staid go dtí Deireadh Fómhair 2020 sa tuarascáil.

Torthaí

Cuireadh srianta suntasacha ar an saol poiblí agus bhí lagtrá eacnamaíoch ann mar thoradh ar na céimeanna a glacadh chun paindéim na Gearmáine a choinneáil faoi smacht, rud a raibh tionchar aige ar leibhéal ranníocaíochtaí na n-árachóirí sláinte reachtúla freisin. Ní ach méadú beag ar ranníocaíochtaí suas go EUR 221.4 billiún don bhliain 2020 á thuar ag painéal saineolaithe a bhí freagrach as meastacháin bhliantúla ar ioncaim árachóirí sláinte. B'ionann sin agus EUR 4.2 billiún níos lú ná mar a tuaradh roimh an bpaindéim. Sa dara ráithe de 2020, tháinig laghdú suntasach ar chaiteachas na n-árachóirí sláinte ar sheirbhísí i roinnt réimsí, go príomha i seirbhísí fiacloireachta, fisiteiripe, teiripe urlabhra, luathbhrath, bearta coisctheacha agus athshlánúcháin, agus cóireáil ospidéil. Choinnigh ospidéil achmhainní ar fáil do chásanna COVID-19 ó lár mhí Mhárta agus d'obráidí agus cóireálacha roghnacha a bhí curtha siar. Bhí caiteachas breise, go háirithe TCP agus cúram altranais breise, an-trom ar an gcoigilteas áfach. Mheas an Aireacht Cónaidhme Sláinte gur EUR 257.8 billiún a bheadh sa chaiteachas in 2020, 4.3 % níos mó ná mar a bhí in 2019, nuair a rinneadh soláthar seirbhísí a chobhsú ó mhí Iúil 2020.

Bhí ar an gCiste Sláinte íocaíochtaí cúiteacha a dhéanamh óna chúlchiste leachtachta chun cúiteamh a dhéanamh ar ioncaim a bhí ag laghdú. Aisíocadh na híocaíochtaí cúitimh d'ospidéil ón mbuiséad cónaidhme, ar fiú EUR 8.9 billiún ar an iomlán iad go dtí seo. Is ionann íocaíochtaí cúitimh eile, chomh maith le caiteachas ar bhreis agus 12 000 leaba dianchúraim bhreise le háiseanna aerála, agus thart ar EUR 1.8 billiún go dtí seo. Mar aon leis sin, fuair ospidéil EUR 93 milliún mar bhónais d'fhoireann altranais a raibh tionchar ar leith ag an bpaindéim orthu. D'ardaigh na costais a bhaineann le diagnóisic saotharlainne mar thoradh ar thástáil le haghaidh an choróinvíris tar éis teagmháil a dhéanamh le daoine ionfhabhtaithe nó tar éis filleadh ó limistéir a raibh riosca ag baint leo thar lear. Tá EUR 104 milliún curtha ar fáil ón gCiste Sláinte chun na críche sin go dtí seo.

Ag tús 2020, b'ionann cúlchiste leachtachta an Chiste Sláinte agus EUR 10.2 billiún; ag deireadh na bliana airgeadais an 15 Eanáir 2021, b'ionann iomlán an chúlchiste agus EUR 6.4 billiún. Rinneadh réamh-mheastachán go dtiocfaidh laghdú breise EUR 5.2 billiún ar an gcúlchiste leachtachta an 15 Eanáir 2022.

Conclúidí

Beidh tionchar phaindéim COVID-19 fós le feiceáil in 2021. Cuirfear deontas buiséid cónaidhme EUR 5 billiún ar fáil a bhaineann leis an bpaindéim chun an t-ualach atá ar bhailt árachóirí sláinte a laghdú in 2021. Mar aon leis sin, tá árachóirí sláinte le cúlchistí EUR 8 billiún a aistriú chuig an gCiste Sláinte. D'admhaíomar go raibh an idirghabháil

aonuaire seo i sócmhainní bunaithe ar an dlí reachtúil, agus cuireadh na cúlchistí sin ar fáil trí leithdháiltí ón gCiste Sláinte pé scéal é. Ar an gcaoi sin, rinneadh staid airgeadais na n-árachóirí sláinte reachtúla a chobhsú i láthair na huaire. Bhí na cúlchistí leachtachta a bhí i seilbh na n-árachóirí sláinte reachtúla beagnach ídithe áfach. Ní shárófaí an t-íosleibhéal reachtúil go suntasach a thuilleadh ag an gcúlchiste leachtachta. In 2021, féadfar comhlíonadh íosleibhéil na gcúlchistí do 2022 a chur i mbaol mar gheall ar mhéaduithe eile a bhaineann leis an bpaindéim sa chaiteachas. Tá an tionchar airgeadais ar na hárachóirí sláinte fós neamhchinnte, ós rud é nach féidir treo na paindéime amach anseo a thuar faoi láthair. Mholamar go láidir don Aireacht Cónaidhme Sláinte chun faireachán cúramach a dhéanamh ar ghníomhaíocht agus na bearta iomchuí a ghlacadh chun an córas cúraim sláinte a chobhsú.

An soláthar poiblí



An Bheilig
Rekenhof

Conradh ón rialtais le haghaidh rianú teagmhála COVID-19

Foilsithe	An cineál iniúcháireachta	Tréimhse a clúdaítear	Nasc
25.11.2020	Iniúchadh comhlíontachta	Mí Aibreáin-mí Lúnasa	NL

Ábhar ár measúnaithe agus an chúis leis

Rinneamar scrúdú ar mhórchonradh rialtais a dhéanann cuid de bhearta chun géarchéim COVID-19 a bhainistiú: an conradh don rianú teagmhála. Bhreathnaigh an t-imscrúdú ar bhronnadh an chonartha ag Gníomhaireacht an Rialtais Phléimeannaigh um Chúram agus Sláinte amháin. Níor chuimsigh sé an próiseas cinnteoireachta maidir leis an rianú teagmhála, éifeachtúlacht agus éifeachtacht an bhealaigh a dtugadh faoi agus a gcuireadh i bhfeidhm é, ná an bealach inar eagraíodh an rianú teagmhála.

Torthaí

Dámhadh an conradh don rianú teagmhála trí nós imeachta idirbheartaithe nach raibh foilsithe roimh ré, rud a usáidtear i gcásanna fíorphráinneacha. Fiú i gcás na nósanna imeachta sin, ní mór don údarás conarthach dul i gcomhairle le roinnt conraitheoirí nuair is féidir. Cé go raibh teagmháil déanta le sé chuideachta, ní bhfuair an Gníomhaireacht Cúraim agus Sláinte ach tairiscint amháin.

Ní fhéadfaimis a fháil amach go cinnte an bhfuair na cuideachtaí a ndearnadh teagmháil leo cóir chomhionann, agus ar cloíodh le prionsabal na trédhearcachta. Ní fhéadfaí roinnt gnéithe den nós imeachta don dámhachtain a mhíniú go hiomlán, go deimhin. Táimid éiginnte freisin maidir le ré, cineál agus ábhar theagmháil na Gníomhaireachta le cuideachtaí i gcomhthéacs an chonartha seo.

Bhí roinnt easnamh agus dearmad riaracháin agus dlíthiúil sa nós imeachta don dámhachtain freisin. Is dócha gurbh é an chúis leis an méid sin ná an gá le tús agus cur i crích tapa maidir le nós imeachta an dámhachtain. Mar thoradh air sin, ní raibh an

Ghníomhaireacht um Chúram agus Sláinte in ann an Conradh a ullmhú go críochnúil ná go mion, agus bhí teorainn leis an tréimhse chun athbhreithniú a dhéanamh ar an tairiscint agus ar an gcaibidlíocht. Bhí tionchar neamhfhabhrach nó diúltach ag an gcás sin ar phraghsáil, cáilíocht agus cinnteacht maidir leis an tairiscint, gan amhras.

Tháinig lagú ar sheasamh caibidlíochta na Gníomhaireachta um Chúram agus Sláinte mar gheall ar easpa comhpháirtithe caibidlíochta malartacha, chomh maith leis an bpráinn a bhain leis an gconradh a chur i gcrích agus lena fheidhmiú. Ní raibh an Gníomhaireacht in ann comparáid praghais a dhéanamh freisin, chun comhréir an phraghais le rátaí an mhargaigh a chinntiú.

Rinne an rialtas Pléimeannach an cinneadh chun an Conradh don rialú teagmhála a dámhadh an 5 Bealtaine 2020. Síníodh leasú le breis agus EUR 1.57 milliún ar an gconradh (CBL san áireamh) a luaithe agus a bhí an 16 Iúil 2020 ann. Is cosúil gur áiríodh roinnt eilimintí den leasú seo, i bpáirt ar a laghad, sa chonradh nó tairiscint tosaigh áfach.

Sa chás sin, tá sé fíor-riachtanach go ndéanfaidh an Gníomhaireacht um Chúram agus Sláinte faireachán críochnúil ar an gcéim cur chun feidhme. Mar sin féin, ní dhearna an Gníomhaireacht roinnt moltaí nithiúla, úsáideacha a rinne an Chigireacht Airgeadais chun bainistiú níos fearr a dhéanamh ar éiginnteachtaí, rioscaí agus fo-éifeachtaí le linn na céime cur chun feidhme agus faireachán níos dlúithe a dhéanamh ar an gconradh.

Thug an Gníomhaireacht um Chúram agus Sláinte le fios go ndéanfadh an soláthraí seirbhíse an sonrasc bunaithe ar na seirbhísí iarbhír a sheachadtar, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí faireachán níos dlúithe a dhéanamh ar shonrascadh. D'fhéadfaí faireachán agus rialú breise a dhéanamh mar gheall ar an oibleagáid ar an soláthraí seirbhíse chun tuarascáil ghníomhaíochta agus airgeadais a chur isteach go ráithiúil.

Conclúidí

Ní raibh ullmhú an chonartha gan locht mar gheall ar an mbrú ama a bhain lena dhámhachtain. Tháinig lagú ar sheasamh caibidlíochta na Gníomhaireachta um Chúram agus Sláinte freisin mar gheall ar easpa iltairiscintí, chomh maith leis an bhfíorphráinn a bhain leis an gconradh. Mar sin, molaimid don Gníomhaireacht dlúthfhaireachán a dhéanamh ar chéim chur chun feidhme an chonartha ar bhonn leanúnach.



An Chipir

Ελεγκτική Υπηρεσία της Δημοκρατίας

Iníúchadh ar thairiscintí a bhaineann le paindéim COVID-19

Foilsithe	An cineál iniúcháireachta	Tréimhse a clúdaítear	Nasc
13.10.2020	Iniúchadh comhlíontachta	Mí Aibreáin-mí an Mheithimh	EL

Ábhar ár measúnaithe agus an chúis leis

Cumhdaíodh trí ábhar san iniúchadh:

- seirbhísí tástála móilíneacha COVID-19 a sholáthar le linn na paindéime. An Stiúrtóireacht maidir le Ceannach agus Soláthar san Aireacht Sláinte (PPD) a bhí mar an t-údarás conarthach, agus bhí 16 tairiscint / clár seolta aige faoin nós imeachta idirbheartaithe roimh thráth an iniúchta, mar gheall ar an ngéarghá a bhí leis;
- 9 milliún masc cosanta aon úsáide a bheith á soláthar ag PPD ar chostas EUR 4.68 milliún (móide CBL) in dhá thairiscint;
- cur i bhfeidhm an tionscadail chun Aonad dianchúraim nua (ICU) a bhunú.

Torthaí

- Baineann an phríomh-shaincheist a eascraíonn ón iniúchadh le costas na dtástálacha móilíneacha, chomh maith leis na hathruithe suntasacha a bhí le feiceáil le himeacht ama: thar thréimhse dhá mhí, tháinig titim 55 % ar an gcostas ó chostas ard de EUR 110 go EUR 50 in aghaidh na tástála, agus tháinig laghdú go EUR 40 - EUR 43 in aghaidh na tástála ina dhiaidh sin. Is fiú a thabhairt faoi deara freisin go raibh laghdú le feiceáil sna costais arna gcur isteach ag saotharlann phríobháideach, a bhí freagrach as 69 % de na tástálacha go léir, agus an mhórchuid acu ar an gcostas ard a gcuireadh de chúram air.

Chinneamar gur lean an t-údarás conarthach na nósanna imeachta dá bhforáiltear sa reachtaíocht don soláthar poiblí is infheidhme i gcásanna eisceachtúla agus gur chuir sé iad i bhfeidhm den chuid is mó. Bhí dhá chás ann inar dámhadh conarthaí go díreach do chuideachta ina raibh leas ag iar-Aire áfach. Barúil ghinearálta

amháin ab ea nach ndearna an tAire reatha é féin a theorannú chun na tástálacha móilíneacha a fhorpheas, murab ionann agus an reachtaíocht ábhartha, gur eisigh sé treoracha roimh ré, agus gur chinn sé beagnach gach gné den nós imeachta a iarradh air a chur i bhfeidhm agus a fhorpheas ina dhiaidh sin.

- (b) Níor léiríodh meas ar na nósanna imeachta soláthair go hiomlán agus maisc á gceannach, agus ní raibh meas léirithe ar phrionsabal na trédhearcachta, prionsabal na córa comhionainne do na hoibreoirí eacnamaíocha go léir, nó forbairt na hiomaíochta sláintiúla ach oiread, rudaí atá i gcroílár na reachtaíochta Eorpaí agus na Cipire maidir leis an soláthar poiblí. Tugann sainmhíniú lag ar na riachtanais agus na srianta arna bhforchur bunús leis sin, i measc nithe eile, agus glacadh *ex post* le tairiscint arna cur isteach ag oibreoir eacnamaíoch lasmuigh den nós imeachta. Measaimid freisin gur laige thromchúiseach í an easpa measúnaithe ar chostais oibiachtúil sa dá nós imeachta.
- (c) Cheap Eagraíocht Seirbhísí Sláinte an Stáit ailtire ar leith chun an staidéar a ullmhú agus maoirseacht a dhéanamh ar thógáil ICU nua in éagmais nós imeachta tairisceana. D’ainmnigh sí conraitheoir ar leith freisin chun an tógáil a dhéanamh ar bhealach nár éirigh leis oiread agus ruainne iomaíochta a áirithiú, in ainneoin tograí ó thrí chuideachta chonarhacha a lorg. Dámhadh an tairiscint ar an gconraitheoir a ainmníodh ag an tús toisc gur tugadh cuireadh don dá chuideachta eile ag an nóiméad deiridh chun páirt a ghlacadh, agus mar sin, níor chuir siad tairiscint isteach. Go bunúsach, thug an nós imeachta tairisceana ar fad léamh mícheart ar an iomaíocht a mheastar a bheith ann. Ina theannta sin, tá caidreamh speisialta ag an gcuideachta chonarhach le comhalta ar ardleibhéal den Eagraíocht a roghnaigh í. Ar deireadh, baineadh clásal riachtanach sna coinníollacha tairisceana tar éis tairiscintí a bheith curtha isteach agus roimh shíniú an chonartha. Foráiltear do phionós an-suntasach a fhorchur sa chlásal sin, sa chás go mbeadh moill ar chur chun feidhme an tionscadail.

Conclúidí

Tuigimid go hiomlán an cás ar leith atá ann de bharr na paidéime, agus inar cuireadh na nósanna imeachta tairisceana atá faoi athbhreithniú i bhfeidhm. Mar sin féin, leagtar síos sa reachtaíocht don soláthar poiblí na nósanna imeachta maidir le conarthaí a dhámhachtain, fiú i gcásanna éigeandála, lena gceadaítear d’údarais chonarhacha chun nós imeachta idirbheartaíochta a sheoladh. Mar sin, tá sé níos solúbtha ná na nósanna imeachta a leantar de ghnáth, tógann sé níos lú ama, agus seasann sé le bunphrionsabail an tsoláthair phoiblí.

Measaimid nár léiríodh meas ar na prionsabail thuas mar gheall ar an bhfaisnéis theoranta a bhí ar fáil, agus chuir an chaoi ar láimhseáladh an t-ábhar cosc ar rialú leordhóthanach a dhéanamh ar an nós imeachta. Ba mhaith linn béim a leagan ar an tuiscint nach gcuireann cásanna sonracha maidir leis an nós imeachta tairisceana atá i gceist deireadh leis an oibleagáid do nósanna imeachta rialta a leanúint. Is fíor an méid sin fiú d'fhonn prionsabail na trédhearcachta agus na córa comhionainne a chomhlíonadh i leith na n-oibreoirí eacnamaíocha go léir, ar prionsabail iad a chuimsíonn bunbhí na reachtaíochta Eorpaí agus na Cipire maidir le soláthar poiblí. Ní mór an reachtaíocht ábhartha maidir le soláthar poiblí a chur i bhfeidhm go docht i gcónaí, toisc go dtugann sé roghanna agus uirlisí iomchuí d'údaráis chonarthacha, beag beann ar na coinníollacha atá i réim. Tá sé riachtanach an tsláinte phoiblí a chosaint ar thaobh amháin, agus trédhearcacht agus cóir chomhionann a chosaint ar an taobh eile, chun leas an phobail a choimirciú ar an gcaoi sin. Is fíor an méid sin fiú i gcás paidéime, cosúil leis an tréimhse atá faoi chaibidil.

Fardal trealaimh leighis



An tSlóvaic

Najvyšší kontrolný úrad Slovenskej republiky

Cúltaca bunábhair an stáit a bhainistiú i gcásanna éigeandála

Foilsithe	An cineál iniúcháireachta	Tréimhse a clúdaítear	Nasc
21.9.2020	Iniúchadh Feidhmíochta	Mí an Mheithimh – mí Mheán Fómhair	SK

Ábhar ár measúnaithe agus an chúis leis

Ba é an cuspóir iniúcháireachta ná measúnú a dhéanamh ar inniúlachtaí agus próisis riaracháin na Slóvaice maidir leis Cúltaca Bunábhair an Stáit (ASMR) le feiceáil an raibh sé iomchuí agus éifeachtach, chomh maith le measúnú ar ullmhacht ASMR agus a chuid gníomhaíochtaí a fhíorú i gcás éigeandála cosúil le paindéim.

Bhíomar ag súil go mbeadh inniúlachtaí agus próisis ASMR míchuí, neamhéifeachtach, agus nach mbeadh sé ullmhaithe do phaindéim COVID-19 mar gheall ar an easpa táirgí leighis sa tSlóvaic le linn na chéad bhabhta den víreas.

Torthaí

Leagamar béim ar an gcaoi nach raibh institiúidí an stáit ullmhaithe. Theip ar na húdaráis do bhainistiú na géarchéime lena n-oibleagáidí a chomhlíonadh, agus níor chuir siad iarrataí ar stoic éigeandála leighis faoi bhráid ASMR. Is é an rialtas a dhéanann na cinntí maidir leis na hítimí atá le soláthar ag ASMR. Ní raibh soláthairtí leighis mar chuid de phunann ASMR go dtí cinneadh ón rialtais an 27 Feabhra 2020 áfach. Ní raibh an stát in ann na soláthairtí riachtanacha a chur ar fáil d’ospidéal, oibrithe scothaosta nó oibrithe túslíne dá bharr. Bhí ról thábhachtacha ag dhá choimisiún shaineolacha chomhairleacha sa chás eisceachtúil eipidéime, Coimisiún Phandéim an rialtais agus an Coimisiún Náisiúnta Frith-eipidéime. Thugamar faoi deara go raibh ról foirmiúil acu agus nár tháinig an Coimisiún Frith-eipidéime le chéile ach uair amháin ó 2019, faoi chathaoirleacht Phríomhchigire Sláintíochta na tíre. Bíodh sin mar atá, ghlac an Fhoireann Bhuan-Ghéarchéime páirt ghníomhach sa phróiseas

bainistíochta, ar comhlacht í nach bhfuil inniúlacht ná údarás dlíthiúil acu. Níl aon fhianaise scríofa ann ó chruinnithe na Foirne Buan-Ghéarchéime maidir lena gconclúidí, mar shampla, maidir le tosaíocht a thabhairt do dháileadh stoc éigeandála. Is é an Fhoireann Lárnach Géarchéime an phríomhchomhlacht comhordaithe don stát in amanna éigeandála agus is é rialtas na Slóvaice an t-údarás uachtarach a bhfuil an ceart agus an dualgas air cinntí a dhéanamh.

Tharraingear aird freisin ar easpa ullmhachta ASMR don chéad bhabhta eile den phaindéim. Rinneadh ullmhúcháin gan measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht na mbeart a glacadh sa chéad bhabhta. Mar thoradh air sin, ba chosúil nach raibh ach 16 % den trealamh leighis a bhí ag teastáil ag stoic ASMR i lár mhí Mheán Fómhair 2020. Bhí baol ann, mar sin, maidir leis an acmhainneacht chun mearfhreagairt a thabhairt sa chás go mbeadh méadú tapa ar othair atá COVID-deimhneach. Ní raibh cúlchistí ag ASMR ach do 10 lá, agus ní do 60 lá mar a cheanglaítear leis an rún rialtais. Ní raibh ach 2 chineál trealamh leighis as 14 leordhóthanach ó thaobh cainníochta, ach bhí stoic de mhascanna máinliachta agus tástálacha COVID-19 níos mó ná mar a bhí ag teastáil. Ní raibh aon saic le haghaidh bithdhrámaíola guaisí ar fáil, agus ar éigean a bhfhéadfaí iarrataí ar chótaí aon úsáide, lámhainní agus sciatha cosanta a chomhlíonadh (10 %). Bhí cur chuige bhainistíocht ASMR bunaithe de réir cháis maidir le hiarrataí ar threalamh leighis, agus ní raibh aon sásra ann le haghaidh measúnaithe oibiachtúil ná tosaíochtaí a thabhairt. I rith na bliana 2020, leithdháil ASMR ábhar leighis ar fiú beagnach EUR 40 milliún é, agus ba don earnáil sláinte a bhí beagnach trí cheathrú den mhéid sin. An freagairt ba thapa a bhí aige ná iarratas ó Oifig Rialtais na Slóvaice agus bhí na hítimí réidh laistigh de 2 lá. Thóg sé níos mó ná mí chun freagra a thabhairt ar iarratas ón Aireacht Dí agus Cirt, áfach.

Is comhpháirt feidhmiúcháin é ASMR de chóras bainistithe géarchéime an stáit. Ní mór d'aireachtaí agus d'údarais phoiblí iarrataí maidir le cruthú stoc éigeandála agus comhdhéanamh ábhar a chur faoi bhráid ASMR. Níor chomhlíon an roinn sláinte an oibleagáid sin go dtí deireadh mhí Feabhra 2021, agus d'iarr sí ar ASMR trealamh leighis a sholáthar ar feadh 30 lá do chlinicí galar tógálach de chuid údarais sláinte poiblí agus ospidéil. Cuireann ár dtuarascáil béim ar an riosca maidir le heaspa freagrachta pearsanta i leith easpa gnímh, m.sh. neamhchomhlíontacht na n-institiúidí stáit. Le linn na héigeandála, chuir ASMR na soláthairtí ar fáil arbh cheart d'údarais lárnacha stáit éagsúla a chur ar fáil.

Chuireamar béim freisin ar an úsáid a bhain ASMR as córais TF nach bhfuil leordhóntach, rud a chuir leis an easpa forléargais fíor-ama ar fhardail i dtrádstórais i gcodanna éagsúla den tSlóvaic, go háirithe idir a cheanncheathrú agus a bhraínsí.

Conclúidí

Thugamar faoi deara go raibh inniúlachtaí agus próisis ASMR míchuí agus neamhéifeachtach ag am na héigeandála, agus leagamar béim ar a neamhullmhaithe a bhí sé do phaindéim COVID-19. D'eisíomar moltaí chun na heasnamh a sainathníodh agus a réiteach, de chineál córasach agus nós imeachta araon.

Mholamar go gcuirfeadh Comhairle Náisiúnta Phoblacht na Slóvaice de cheangal ar an Aireacht Gnóthaí Baile chun anailís dhomhain a dhéanamh ar na próisis bainistithe stáit nuair a bhíonn staideanna nó éigeandálaí urghnácha ann agus, bunaithe ar an taithí a fuarthas le paindéim COVID-19, machnamh a dhéanamh ar an reachtaíocht a athrú chun rialacha nua a leagan síos do phróiseas bainistithe géarchéime an stáit.

Faisnéis phoiblí



Latvijas Republikas
Valsts kontrole

An Laitvia
Valsts kontrole

- (1) Leithdháileadh agus úsáid na gcistí ó chlár buiséid an stáit “Cistí Teagmhasacha” le haghaidh tacaíocht do na meáin chun iarmhairtí ghéarchéim COVID-19 a mhaolú
- (2) Úsáid a bhaint as cistí a leithdháiltear ar na mórmheáin leictreonacha maidir leis an ngéarchéim COVID-19

Foilsithe	An cineál iniúchóireachta	Tréimhse a clúdaítear	Naisc
(1) 22.12.2020	Iniúchadh airgeadais	Mí Aibreáin - mí Iúil	LV Achoimre EN
(2) 22.12.2020	Iniúchadh airgeadais	Mí Mhárta - mí Iúil	LV Achoimre EN

Ábhar ár measúnaithe agus an chúis leis

Tá sé ríthábhachtach tacaíocht a thabhairt d’earnáil na meán agus tionchair na géarchéime COVID-19 a mhaolú, chun bunghníomhaíochtaí na meán a neartú, éagsúlacht thimpeallacht na meán a chaomhnú, agus go mbeadh rath ar shárú na géarchéime freisin.

In earrach na bliana 2020, tugadh maoiniú breise ón gclár “Cistí Teagmhasacha” ag Oifig na nAirí (Comh-Aireacht) chun cabhrú leis na meáin maidir leis an bpaindéim agus a hiarmhairtí a shárú. Seo a leanas na spriocanna a bhí leis:

- o EUR 1 040 928 d’Fhondúireacht um Lánpháirtiú na Sochaí (SIF) chun oibríocht an Chiste Tacaíochta do na Meáin a chosaint, agus chun faisnéis chuimsitheach phoiblí mar aon le tuairimí cuimsitheacha a chinntiú maidir leis an ngéarchéim a mhaolú. Sprioc eile atá leis an airgead sin ná na meáin a neartú agus faisnéis oibiachtúil a ráthú sa phreas clóite agus ar thairseacha nuachta tráchtála ar an idirlíon, chomh maith le tacaíocht a chur ar fáil do chostais seachadta maidir le síntiús preasa (cuideachta comhstoic “Latvijas Pasts”) agus do chostais chraolacháin maidir leis na mórmheáin leictreonacha;

- EUR1 259 261 don Chomhairle Náisiúnta um Mhórmheáin Leictreonacha (NEMMC), arb é a bheas ann ná:
 - EUR 259 261 chun an fheasacht is mó is féidir i measc phobal na Laitvia a chinntiú, chomh maith le soláthar éifeachtach maidir le faisnéis phoiblí agus oideachas maidir le COVID-19;
 - EUR 1 000 000 chun faisnéis chuimsitheach agus tuairimí a chur ar fáil don phobal maidir le déileáil leis an ngéarchéim, agus na mórmheáin leictreonacha tráchtála (EMM) a neartú.

Rinneamar an cás a mheas agus dréachtaíomar dhá thuarascáil iniúchta atá eatramhach agus ina ndéantar achoimre:

- (1) ar fhaisnéis maidir le SIF agus bailíocht na n-iarrataí ar chistí breise, agus úsáid iarbhír na gcistí breise arna leithdháileadh chun éifeachtaí COVID-19 a mhaolú;
- (2) ar ár nósanna imeachta fíorúcháin maidir leis an maoiniú atá de dhíth ar NEMMC chun a chinntiú go raibh an dá ghníomhaíocht mhaoinithe curtha i gcrích.

Torthaí

- (1) Scrúdaíomar bailíocht agus úsáid iarbhír na gcistí a leithdháiltear ar SIF le haghaidh tacaíocht do na meáin chun iarmhairtí COVID-19 a mhaolú.

Thugamar faoi deara gur íocadh maoiniú trí thairiscintí chun leanúnachas gnó a chinntiú, agus chun acmhainn na meán tráchtála, idir chlóite agus digiteach, a neartú. Rinneadh faisnéis agus tuairimí cuimsitheacha poiblí a ghiniúint maidir le bainistiú na géarchéime freisin. Thugamar faoi deara nár leagadh síos critéir incháilitheachta sna rialacháin ábhartha freisin, áfach, chun go bhfaigheadh na meáin an státchabhair áirithe sin.

Ceadaíodh maoiniú do na meáin le titim in ioncam ar bith ag na critéir mheastóireachta, beag beann ar an méid a bhí i gceist, cé gur leagadh síos i rialacháin tairisceana SIF go gcuirfí maoiniú ar fáil mar ábhar tosaíochta do na meáin. D'fhéadfadh sé sin titim 30 % a chruthú san ioncam i gcomparáid leis an mí chéanna in 2019.

- (2) Rinneadh an chuid is mó den mhaoiniú (EUR 1 075 000) ó leithdháileadh NEMMC a chur ar fáil do EMM tráchtála, faoi nós imeachta maidir le soláthair phoiblí le haghaidh seirbhísí poiblí. Tugadh maoiniú freisin do chuideachtaí stáit faoi dhliteanas teoranta “Latvijas Radio” (EUR 25 674) agus “Latvijas Televīzija” (EUR 158 587).

Thugamar faoi deara nach raibh an tsuim EUR 1 075 000, chun faisnéis chuimsitheach a chuir EMM tráchtála ar fáil a áirithiú, tar éis bunús a thabhairt le ríomhanna soiléire. B’amhlaidh gur ullmháidh an tsuim sin ar bhonn na dtuairimí agus na meastachán a chuir ionadaithe na hAireachta Cultúir agus an tionscail in iúl, agus ar bhonn na taithí a fuarthas roimhe seo. D’fhéadfaí a rá go raibh iarratas ar EUR 1 000 000 i maoiniú stáit ullmhaithe ag an Aireacht Cultúir, i gcomhar le NEMMC, chun a córas tacaíochta do na meáin le linn na géarchéime a bhunú, agus go ndearnadh glao ar thairiscintí a eagrú ansin chun EMM tráchtála a mhaoiniú (EUR 1 075 000). Nuair a bhí measúnú á dhéanamh ag NEMMC ar na tairiscintí, níor sheiceáil siad an raibh fíorfhaisnéis i ráitis na dtairgeoirí maidir leis an laghdú 30 %, ar a laghad, ar a n-ioncam fógraíochta.

Mar sin féin, bhí bunús cuí leis an iarraidh ar chistí do “Latvijas Radio” agus “Latvijas Televīzija”; iarradh ar chistí chun iarmhairtí na géarchéime a mhaolú, agus bhí ríomh mionsonraithe ullmhaithe ar na cistí a iarradh.

Conclúidí

Le cur chun feidhme ár moltaí, déanfar deimhin de go mbeidh smacht ar úsáid cistí agus deontais an bhuiséid stáit, chomh maith le seoladh tairiscintí NEMMC. Mholamar go ndéanadh an Chomh-Aireacht saineú ar chomh-chur chuige agus comhchritéir chun cistí a leithdháileadh le haghaidh tuilleadh tacaíochta do na meáin ón gclár “Cistí Teagmhasacha”, rud a ndéanadh iarmhairtí na géarchéime a mhaolú. Mholamar go gcuirfí riarachán mhaoiniú an Chiste Eorpaigh don Imirce de chúram ar aon chomhlacht amháin freisin.

Réimse tosaíochta: Digitíú

47 Chuir an phaindéim iallach ar dhaoine aonair agus ar an tsochaí araon chun bealaí nua a aimsiú agus a oiriúnú go tapa maidir le hidirghníomhú, staidéar, foghlaim agus obair a dhéanamh. Mar gheall ar an ngeinrialú ar beartais “fan sa bhaile”, bheadh an tionchar níos mó fiú in éagmais réitigh TF. D’aistrigh na hearnálacha poiblí agus príobháideacha chuig an modh digiteach laistigh de chúpla seachtain. Chuir uirlisí agus teicneolaíochtaí TF réitigh nua ar fáil, nithe a bhfuil bonneagar digiteach agus scileanna pearsanta atá cumhachtach agus slán de dhíth orthu, ach tá chuireadar dúshlán roimh dhaoine ar an uile aois freisin.

48 Léirigh an ghéarchéim an tábhacht a bhaineann leis an teicneolaíocht dhigiteach, lena léirítear deiseanna, rioscaí agus scrogaill. Tá dlús curtha aige ní hamháin le húsáid uirlisí digiteacha, ach le próiseas foriomlán an digitithe freisin. Tá rialtas digiteach, ríomhthráchtáil agus miondíol ar líne, teilea-obair, cianoideachas, agus cúram ríomhshláinte anois ar an ngnáthrud nua. Úsáidtear ardáin, seirbhísí teachtaire agus físchomhdhálacha chun teagmhálacha sóisialta a choinneáil. I gcomhthéacs na paindéime, tá mórshonraí agus an intleacht shaorga ag cur le haimsiú vacsaíní, rianú ionfhabhtuithe agus léirmhíniú a dhéanamh ar phatrúin ionfhabhtaithe.

49 D’fhiosraigh UFlanna na Laitvia agus na hÍsiltíre an scéal maidir le forbairt agus tionchar na réiteach digiteach: an chéad cheann i réimse an oideachais, agus an dara ceann i gcomhthéacs cianoibre in institiúidí an rialtais láir.

An córas oideachais



Latvijas Republikas
Valsts kontrole

An Laitvia
Valsts kontrole

An chianfhoghlaim i gcás éigeandála

Foilsithe	An cineál iniúcháireachta	Tréimhse a clúdaítear	Naisc
30.9.2020	Iniúchadh airgeadais	Mí Mhárta-mí an Mheithimh	LV Achoimre EN

Ábhar ár measúnaithe agus an chúis leis

Tar éis fógra ó EDS ag dearbhú go raibh COVID-19 ina paindéim, d’fhógair Oifig na nAirí (Comh-Aireacht) staid éigeandála an 12 Márta 2020, agus chuireadar teagasc sa seomra ranga ar fionraí i ngach foras oideachais go dtí gur réitíodh an cás. Bhí an teagasc le déanamh go cianda, ach amháin do scrúduithe stáit lárnacha. Fógraíodh an staid éigeandála ar dtús go dtí an 14 Aibreán 2020, agus cuireadh síneadh leis faoi dhó – go dtí an 12 Bealtaine, agus ansin go dtí an 9 Meitheamh 2020.

Idir an 12 Márta agus an 20 Meitheamh 2020, rinne an Chomh-Aireacht acmhainní airgeadais breise de EUR 568 368 a leithdháil ar an Aireacht Oideachais agus Eolaíochta (an Aireacht) ón gclár “Cistí Teagmhasacha”, chun áiseanna cianfhoghlama a mhaoiniú le linn na héigeandála:

- o EUR 203 160 do cheannach gléasanna cliste (teileafóin agus táibléid) do na riachtanais cianfhoghlama atá ar dhaltaí i mbunscoileanna agus i meánscoileanna;
- o EUR 365 208 chun ábhar closamhairc a tháirgeadh agus a dháileadh ar mhaithe le cianfhoghlaim ar chainéil teilifíse saor in aisce, agus chun ardán idirlín agus réitigh dhigiteacha a fhorbairt.

Ag an am céanna, d’údaraigh an Chomh-Aireacht don Aireacht chun cur i bhfeidhm an Dlí maidir le Soláthar Poiblí a chur ar fionraí le linn na héigeandála, i gcás earraí agus seirbhísí a bhfuil gá leo le haghaidh cianfhoghlama, agus an soláthar a bhunú ar ghníomhíocht mhear agus ar chonarthaí a thabhairt i gcrích láithreach.

Tugann ár dtuarascáil eatramhach achoimre ar thorthaí ár seiceálacha ag an Aireacht, maidir le bailíocht na n-iarratas ar na cistí breise, agus úsáid iarbhír na gcistí sin:

- (1) chun gléasanna cliste a cheannach;
- (2) chun ábhar closamhairc a chruthú don tionscadal cianfhoghlama “*Tava Klase*” (“Do rang”).

Torthaí

- (1) Gléasanna cliste a cheannach

I mí Mhárta 2020, d’eagraigh an Aireacht suirbhé chun measúnú a dhéanamh ar a indéanta atá sé chun an chianfhoghlaim a chur chun feidhme, chomh maith le faisnéis a fháil faoin staid iarbhír maidir le rochtain ar ríomhairí, gléasanna cliste agus an t-idirlíon do dhaltaí bunscoile agus meánscoile. Fuarthas amach sa suirbhé nach raibh rochtain ag níos mó ná 5 000 dalta ar ríomhaire ná ar fhón cliste ag a bhfuil nasc idirlín. Dá bhrí sin, chuaigh an Aireacht i dteagmháil le cuideachtaí teileachumarsáide chun an trealamh ba ghá a sholáthar.

Chaith an Aireacht EUR 436 732 chun gléasanna cliste a cheannach a bhfuil nasc idirlín acu le haghaidh cianfhoghlama (lena n-áirítear EUR 203 160 ó na cistí teagmhais).

Rinneamar suirbhéanna ar bhardais le fáil amach an ndearna siad gléasanna cliste na hAireachta a dháileadh do dhaltaí, agus céard a rinneadar leo tar éis na héigeandála, chun a chinntiú gur bhain an Aireacht úsáid eacnamaíoch agus éifeachtach as na cistí seo.

Torthaí an tsuirbhé:

- Tugadh an chuid is mó den 5 266 gléas cliste (luach iomlán EUR 557 731) do dhaltaí. Ní raibh ar a laghad 295 (luach EUR 28 665) dáilte áfach, agus chuireadar ar fáil do bhardais aonair toisc nach raibh sé fíoraithe ag an Aireacht cé acu a bhí, nó nach raibh, a riachtanais fós mar a léiríodh ar dtús.
- Ní raibh dóthain gléasanna cliste faighte ag roinnt bardas, agus mar sin cheannaigh siad óna gcistí féin iad (ar a laghad 139 ngléas).
- Mar aon leis sin, thug na bardais 2 015 ríomhaire agus táibléid amach ar a laghad d’institiúidí oideachais, agus bronnadh 144 ríomhairí agus táibléid orthu ar a laghad.

- Níor thug an Aireacht aon treoir maidir le húsáid gléasanna cliste tar éis na héigeandála, agus ghníomhaigh bardais ar bhealaí éagsúla dá bharr: tugadh gléasanna ar ais d’institiúidí oideachais lena n-úsáid, nó fágadh leis na daltaí iad.

(2) Tionscadail “Do rang” a chur i bhfeidhm:

De réir na hAireachta, bhí géarghá le bunacmhainní oideachais do dhaltaí agus do mhúinteoirí araon in ábhair éagsúla de bharr na héigeandála, agus úsáid á baint as an gcianfhoghlaim agus naisc idirdhisciplíneacha ar ardchaighdeán, chomh maith le rochtain chomh forleathan is féidir ar ábhair a chinntiú.

Táirgeadh agus dáileadh ábhar closamhairc ar chainéil teilifíse saor in aisce, agus forbraíodh ardán idirlín agus réitigh dhigiteacha. Leithdháileadh suim bhreise EUR 365 208 ó bhuiséad an stáit. Dá réir sin, craoladh ceachtanna “Do rang” ar an gcainéal RE:TV agus Sportacentrs.com ón 6 Aibreán go dtí an 29 Bealtaine 2020, agus cruthaíodh suíomh gréasáin www.tavaklase.lv.

Conclúidí

Mar thoradh ar an iniúchadh, tháingamar ar an gconclúid go raibh an próiseas cianfhoghlama eagraithe de réir an cháis a bhí i réim sa staid éigeandála go ginearálta, agus go raibh na hearraí agus seirbhísí ba ghá curtha ar fáil ag an Aireacht chun an ghéarchéim COVID-19 a shárú, chomh maith le haghaidh a thabhairt ar a hiarmhairtí. Ag an am céanna, tharraingeamar aird ar bhealaí a d’fhéadfadh a bheith ann chun bainistiú an phróisis sin a fheabhsú tuilleadh.

Riarachán an Rialtais



**Algemene
Rekenkamer**

An Ísiltír
Algemene Rekenkamer

Aird ar an obair dhigiteach ón mbaile

Foilsithe	An cineál iniúchóireachta	Tréimhse a clúdaítear	Naisc
2.11.2020	Imscrúdú an tsainábhair	Mí Iúil-mí Dheireadh Fómhair	NL EN

Ábhar ár measúnaithe agus an chúis leis

Dhún scoileanna, ollscoileanna, bialanna agus oifigí a ndoirse a dhúnadh i mí Mhárta 2020 mar gheall ar COVID-19. Go tobann, bhí an obair ón mbaile mar an gnáthrud nuair a bhí sé indéanta. Bhí ar bheagnach gach duine den 175 000 seirbhíseach sibhialta atá ag obair do na haireachtaí agus na hArdchomhairlí Stáit obair a dhéanamh ón mbaile, a mhéid ab fhéidir, agus ba mhínic go rabhadar an-rathúil ann. Leanadh ar aghaidh leis an obair ón mbaile le traenacha a bhí folamh agus bóithre a bhí tréigthe. Bhí státseirbhísigh in ann comhoibriú agus teagmháil a dhéanamh trí theileafón, tiomántáin ghnáthlíonra, agus ríomhphost. Bhí méadú tagtha ar chruinnithe físe, aipeanna teachtaireachtaí agus ardáin chomhoibríocha ar líne freisin. Bhí uirlisí comhoibríocha TFC á n-úsáid go líonmhar agus go tobann chun gach cineál cuspóir nua a bhaint amach, ach níorbh aon rud nua iad ár ndóigh. Tharraing sé seo go leor ceisteanna anuas d’úsáideoirí: An bhfuil glaonna físe trí Zoom slán? Cén fhaisnéis ar féidir liom a roinnt in aip? Cén chaoi ar féidir liom mo ríomhaire glúine pearsanta a úsáid go slán don obair? D’aithineamar rioscaí maidir le TFC comhoibríoch a úsáid sa rialtas lárnach. Mar thús leis na rioscaí sin a imscrúdú, thugamar aghaidh ar na huirlisí TFC a bhí in úsáid a fiosrú, cén chaoi ar úsáideadh iad, agus cén chaoi ar rialaíodh a n-úsáid.

Torthaí

Thugamar faoi deara go raibh mear-mhéadú ar theilea-oibriú sa rialtas lárnach mar thoradh ar ghéarchéim COVID-19. D’éiligh sé sin solúbthacht ollmhór ó fhoireann TFC agus ó sheirbhísí tacaíochta. Thugamar aitheantas don chaoi ar thug aireachtaí freagra ar an ngéarchéim COVID-19, chomh maith le príomhoifigeach faisnéise an rialtais láir,

státseirbhísigh agus soláthraithe seirbhíse aonair, amhail an tIonad Seirbhísí Comhroinnte TFC.

Rinneamar suirbhé chun eolas a fháil ar fheidhmchláir TFC atá in úsáid ag státseirbhísigh agus iad ag obair ón mbaile. Fuaireamar amach go bhfuil gá le cumarsáid níos soiléire agus níos sothuigthe maidir le huirlisí comhoibríocha TFC a d'fhéadfaí úsáid. Dúirt an cúigiú cuid de na freagróirí nach raibh siad ar an eolas faoi chomhaontuithe maidir le huirlisí comhoibríocha TFC a úsáid; ní raibh 22 % dóibh sásta leis an gcumarsáid maidir leis na comhaontuithe sin. Bhain an éiginnteacht is mó le húsáid aipeanna teachtaireachtaí, amhail WhatsApp, agus ardáin chomhoibríthe ar líne amhail Microsoft Teams, SharePoint agus Dropbox.

Rinne 7 % de fhreagróirí a bhaineann úsáid as WhatsApp faisnéis rúnda a roinnt freisin gan chead, chomh maith le 16 % de fhreagróirí a bhaineann úsáid as ríomhphost príobháideach. Cúis amháin a bhí leis sin ná nach raibh a fhios ag státseirbhísigh cé na hiarratais ar ceadaíodh dóibh iad a úsáid uaireanta. Mar shampla, dar le hinlíon an rialtais láir, is féidir WhatsApp a úsáid le haghaidh oibre faoi choinníollacha áirithe. Cuireann roinnt aireachtaí cosc ar úsáid na haipe teachtaireachtaí seo áfach.

Tá an mhíshástacht leis na cumais a chuireann na huirlisí TFC ar fáil ar cheann de na príomhchúiseanna le dul in aghaidh na gcomhaontuithe sin, agus feidhmchláir nach moltar a úsáid. Ní i gcónaí a bhaineann airí, státrúnaithe agus státseirbhísigh shinsearacha úsáid as na huirlisí slána TFC, atá forordaithe agus ar fáil, cé go dtugann an úsáid a bhaineann siad as uirlisí TFC sampla don chuid eile den eagraíocht. Is fearr le hAirí, rúnaithe stáit agus státseirbhísigh shinsearacha úsáid a bhaint as aipeanna teachtaireachtaí a bhfuil tóir orthu ar nós WhatsApp, táibléid agus fóin chliste nach bhfuil chomh slán sin uaireanta, mar go bhfuil siad níos áisiúla, níos tapúla agus níos éasca le húsáid ná uirlisí atá an-slán.

Bhí sampla den mhéid sin le fáil inár n-imscrúdú. In earrach na bliana 2020, chuir ceann de na haireachtaí timpeallacht shárshlán ar bun le haghaidh físchruinnithe arna iarraidh sin ag príomhoifigeach faisnéise an rialtais láir. Cuireadh an timpeallacht sin ar fáil do chumarsáid rúnda idir airí agus státrúnaithe, ach níor úsáideadh é.

Conclúidí

Léiríonn ár n-imscrúdú go gcaithfidh an rialtas láir bearta a dhéanamh chun aipeanna teachtaireachtaí agus fóin phóca a úsáid ar bhealach níos sláine. Feictear dúinn gurb í a n-úsáid an riosca is mó do shlándáil faisnéise agus don phríobháideachtas. Mura n-

úsáidtear na huirlisí TFC atá molta, nó má úsáidtear go mícheart iad, d'fhéadfaí mí-úsáid a bhaint astu.

Feictear do státseirbhísigh áirithe sa rialtas láir go bhfuil gá le cumarsáid níos soiléire maidir le húsáid shlán na n-uirlisí comhoibríocha TFC, amhail aipeanna teachtaireachtaí agus seirbhísí cruinnithe ar líne. Úsáideann roinnt státseirbhíseach WhatsApp agus an ríomhphost príobháideach chun faisnéis rúnda a bhaineann leis an obair a roinnt, agus mar sin ní chomhlíonann siad treoirlínte slándála a n-eagraíochtaí.

Rinneadh imscrúdú leantach ar ár n-iniúchadh airgeadais bliantúil in 2020 ar shlándáil faisnéise sa rialtas lárnach mar thoradh ar na barúlacha sin. D'fhéachamar go sonrach ar bhainistiú riosca agus teagmhais an rialtais láir maidir le WhatsApp agus na huirlisí éagsúla físchomhdhála atá in úsáid. Tá na torthaí foilsithe againn i mí na Bealtaine 2021.

Réimse tosaíochta: Freagairt shocheacnamaíoch

50 Is faoi shainchúram na mBallstát atá an fhreagairt shocheacnamaíoch go príomha, rud a mhíníonn na difríochtaí idir déine na mbeart a dhéantar. Ar an gcéad dul síos, bhí freagairt gach Ballstáit ag brath ar a staid eacnamaíoch agus airgeadais ag tús na paidéime, chomh maith lena ullmhacht le linn an bhabhta ionfhabhtuithe tosaigh. Ar an dara dul síos, níor buaileadh gach Ballstát ag an am céanna agus chomh tromchúiseach céanna, rud a d'fhág go raibh drogall ar leith sa chinnteoireacht maidir le cúrsaí dianghlasála, na bearta cosanta agus an ghá le pacáistí spreagtha agus athléimneachta eacnamaíoch.

51 Tá céimeanna glactha ag na Ballstáit go léir tar éis breis agus bliain, ar bhealach amháin nó ar bhealach eile, chun gníomhú in aghaidh thionchar diúltach na mbeart dianghlasála sa lá atá inniu ann. D'fhág na céimeanna sin go raibh ar go leor gnólachtaí dúnadh, cuid acu go buan, agus gur an-lú an t-éileamh i roinnt mhaith earnálacha. Mar gheall ar an méadú atá tagtha ar an mbaol go ndéanfar daoine a leagadh as agus a dhífhostú, is cúis imní é go bhfuil méadú ag teacht ar an dífhostaíocht agus ar an saobhadh sóisialta, chomh maith leis an ngá le caiteachas poiblí níos airde. Tá scéimeanna coinneála poist curtha ar bun ag rialtais náisiúnta chun an t-ualach airgeadais ar fhostóirí a éascú, chun fostaíocht a chosaint agus chun srian a chur le drochiarmhairtí sóisialta na géarchéime. D'úsáid siad réimse uirlisí chun leachtacht láithreach a sholáthar do ghnólachtaí lena mbaineann (go háirithe FBManna), ag cabhrú leo a choinneáil i mbun gnó agus an fhostaíocht a chaomhnú. Ar an gcaoi sin, seachnaítear cruatan breise do theaghlaigh agus do dhaoine aonair atá ag déileáil le staid an-deacair cheana féin.

52 Rinne UFlanna na Laitvia, na Liotuáine, na hÍsiltíre agus na Cúirte measúnú ar an bhfreagairt shocheacnamaíoch ar leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal an Aontais. Rinne an Laitvia agus an Ísiltír iniúchadh ar an tacaíocht d'fhostaithe agus do ghnólachtaí, agus tá athbhreithniú déanta ag an Liotuáin agus ag an gCúirt ar an bhfreagairt eacnamaíoch fhoriomlán laistigh dá sainchúraimí faoi seach.

Gnólachtaí



**Algemene
Rekenkamer**

An Ísiltír
Algemene Rekenkamer

Tacaíocht aonair do chuideachtaí le linn na géarchéime COVID

Foilsithe	An cineál iniúcháireachta	Tréimhse a clúdaítear	Naisc
12.11.2020	Iniúchadh Feidhmíochta	Mí Mhárta-mí Lúnasa	NL Achoimre EN

Ábhar ár measúnaithe agus an chúis leis

D’fhoilsíomar torthaí ár n-iniúcháireachta ina dhá chuid, an chéad chuid an 26 Meitheamh 2020 mar litir chuig an bParlaimint: “Tacaíocht do chuideachtaí móra – ag foghlaim ón am atá caite”. Bailíodh 16 cheacht sa litir seo a d’fhoghlaim rialtais comhleanúnacha, go dúshlánach uaireanta, ó bhearta tacaíochta stáit le 40 bliain anuas. I measc na ngníomhaíochtaí sin, bhí tacaíocht stáit don iarghrúpa longthógála RSV sna 1970idí agus don mhonaróir aerárthaí Fokker sna 1990idí, chomh maith leis an tacaíocht a tugadh le déanaí do bhainc le linn na géarchéime creidmheasa.

Sa dara cuid den tionscadal a foilsíodh an 12 Samhain 2020 mar thuarascáil, rinneamar scrúdú ar na 16 cheacht céanna agus ar cuireadh i bhfeidhm iad i mbearta tacaíochta stáit do chuideachtaí amhail KLM, IHC agus HEMA le linn na géarchéime COVID atá ann faoi láthair. Rinneamar scrúdú ar nósanna imeachta maidir le cinnteoireacht an rialtais le haghaidh ceithre chuideachta a fuair tacaíocht stáit shaincheaptha le linn na géarchéime COVID, agus trí chuideachta ar diúltaíodh dá n-iarratais. An raibh ceachtanna foghlamtha, nó an raibh roinnt gaiste deacair a sheachaint?

Torthaí

Fuaireamar amach go raibh go leor de na ceachtanna roimhe seo curtha i bhfeidhm ag an rialtas. Fuaireamar amach go ndearna na hairí breithniú cúramach ar iarratais le féachaint an raibh bunús leordhóthanach leo, agus ndearna siad plé ar roghanna malartacha nuair ba ghá. Rinneadar measúnú freisin ar an tacaíocht a bhí ar fáil ó pháirtithe leasmhara eile roimh ré chun an chuideachta a shábháil (nó “tarrtháil inmheánach” a dhéanamh uirthi), sula ndeachaigh siad isteach i bplean tacaíochta

stáit. Dá bhrí sin, chinn an rialtas go raibh HEMA in ann feidhmiú gan tacaíocht, mar shampla. Rinneadh NS (an t-oibreoir iarnróid náisiúnta) agus na láimhseálaithe talún ag aerfort Schiphol a threorú go scéimeanna tacaíochta COVID níos ginearálta. Chuaigh na hairí i gcomhairle leis an gCoimisiún Eorpach go ginearálta agus go pras freisin chun comhoiriúnacht na tacaíochta atá beartaithe leis an margadh inmheánach a chinneadh. Léirigh an t-iniúchadh freisin nár éirigh go geal le cúrsaí i ngach cás áfach. Mar shampla, léirigh an rialtas a mhian ró-luath lena fhógairt phoiblí go raibh sé beartaithe aige tacaíocht KLM a thabhairt a bhí thart ar EUR 2-4 billiún. Chaill an fógra luath seo an lámh in uachtar don chaibidlíocht tacaíochta do bhainc a bhfuil bun acu in KLM, ar bainc iad a bheas thíos go mór leis dá rachadh an aerlíne ina fhéimheach. Dála an scéil, b'ionann an stát agus 93 % den riosca ón mbeart tacaíochta. Dá bhrí sin, chinneamar nach raibh ach rath teoranta ag an bprionsabal “tarrtháil inmheánach” le KLM. Cuirtear tarrthálacha do Fokker agus NedCar sna 1990idí i gcuimhne leis seo, ina raibh leas an phobail i gcuideachtaí a thabhairt slán mar ghairí do pháirtithe príobháideacha le brú a chur ar an rialtas chun tacaíocht a chur ar fáil.

Thugamar faoi deara go raibh riosca ann maidir le coinbhleachtaí leasa: i gcás tacaíocht do KLM, d'iarr an rialtas comhairle ó ABN AMRO nuair a bhí an banc mar chuid den chuibhreannas freisin, a raibh air rannpháirtíocht san oibríocht tacaíochta a chaibidliú leis.

Bhí sé i gceist ag an tacaíocht stáit do thógálaí long IHC cosc a chur ar an rialtas le EUR 395 milliún a íoc ar árachas creidmheasa onnmhairiúcháin, rud a cuireadh ar fáil cheana féin sa chás go ndeachaigh an chuideachta i bhféimheacht. Sábháladh IHC ó fhéimheacht, a bhuíochas le hárachas creidmheasa breise i bpáirt. Mheas an rialtas gurb é EUR 700 milliún an leibhéal riosca inghlactha don stát ón mbeart tacaíochta sin. Fuaireamar amach, áfach, go mbeadh an riosca is mó don stát ó thacaíocht a thabhairt do IHC chomh hard le EUR 895 milliún. I dtéarmaí cearrbhachais, tá straitéis den sórt sin ar a dtugtar “treisiú faoi dhó”. Níor chuir an rialtas an pharlaimint ar an eolas faoin mbaol sin go hiomlán. Ba cheart go gcuirfí an pharlaimint ar an eolas níos luaithe i gcás gnéithe áirithe den scéim tacaíochta freisin, de réir an dlí, ionas nach gcuirfí *fait accompli* os a comhair.

An 1 Bealtaine 2020, d'fhoilsigh an rialtas creat nua measúnaithe chun cinneadh a dhéanamh maidir le hiarratais tacaíochta aonair. Measaimid, faoi réir roinnt coigeartuithe, go gcuirtear treochlár ar fáil leis an gcreat nua measúnaithe chun déileáil le hiarratais tacaíochta aonair ar bhealach cuí agus struchtúrtha.

Conclúidí

Chinneamar faoi dheireadh go raibh go leor de na ceachtanna roimhe seo foghlamtha ag an rialtas, ach ní na ceachtanna ar fad. Mholamar roinnt pointí a chur leis an gcreat measúnaithe. Ba cheart an creat measúnaithe sin a chur ar bhonn foirmiúil freisin.

Scéimeanna scor sealadach



Latvijas Republikas
Valsts kontrole

An Laitvia
Valsts kontrole

Úsáid an mhaoinithe a leithdháileadh ar an Aireacht Airgeadais chun sochar a íoc do thréimhse dhíomhaoin.

Foilsithe	An cineál iniúchóireachta	Tréimhse a clúdaítear	Naisc
26.11.2020	Iniúchadh airgeadais	Mí Mhárta-mí Lúnasa	LV Achoimre EN

Ábhar ár measúnaithe agus an chúis leis

I mí Mhárta 2020, leithdháil Comh-Aireacht na nAirí (an Chomh-Aireacht) acmhainní airgeadais breise nach mó ná EUR 101.8 milliún iad ón gclár stáit “Cistí Teagmhasacha” ar an Aireacht Airgeadais. Leis sin, cumhdaíodh eisíocaíocht sochair do thréimhse dhíomhaoin d’fhostaithe na gcuideachtaí a ndeachaigh a seasamh airgeadais go mór chun donais mar gheall ar scaipeadh COVID-19, agus do dhaoine féinfhostaithe i gcás den chineál céanna.

Is ceann de na sásraí tacaíochta chun iarmhairtí COVID-19 a chosc agus a shárú é an sochar do thréimhse dhíomhaoin, a leagtar amach sa dlí “Maidir le bearta chun bagairt ar an stát a chosc agus a chur faoi chois, agus na hiarmhairtí a bhaineann leis sin mar gheall ar scaipeadh COVID-19”, rud a bhí i bhfeidhm cheana féin i mí Mhárta 2020. Is é is bunús leis ná cúiteamh d’fhostaithe in earnálacha atá thíos leis an ngéarchéim nuair nach féidir leis an bhfostóir aon obair a thairiscint, agus do dhaoine féinfhostaithe a raibh tionchar ag an ngéarchéim ar a ngníomhaíocht eacnamaíoch. Is ionann méid an tsochair do thréimhse dhíomhaoin agus suas le 75 % den mheánluach saothair sna 6 mhí roimhe sin, ach ní mó é ná EUR 700 in aghaidh na míosa féilire.

Tugtar achoimre inár dtuarascáil eatramhach ar fhaisnéis ar na seiceálacha a rinneadh san Aireacht Airgeadais agus ina hinstiúid fho-ordaithe, Seirbhís Ioncaim an Stáit (SRS), ar úsáid iarbhír na gcistí breise a leithdháileadh chun iarmhairtí COVID-19 a mhaolú trí shochar do thréimhse dhíomhaoin a íoc. Rinneamar measúnú freisin ar na critéir chun an sochar a dheonú agus ar na socruithe chun é a riar.

Torthaí

Leithdháileadh EUR 54 076 431 san iomlán ar SRS le haghaidh íocaíochtaí sochair do thréimhse dhíomhaoin, agus úsáideadh EUR 53 784 481 (53 % d'imchlúdach iomlán an bhuiséid). Íocadh sochar EUR 51 446 671 do 52 867 fostaí, agus EUR 2 337 810 do 2 381 duine féinfhostaithe (faoi mhí Lúnasa 2020). Bhí na híocaíochtaí iarbhir i bhfad níos ísle ná an méid a leithdháileadh ar dtús (arna fhorchoimeád) ag an gComh-Aireacht, cé gur chlúdaigh na ríomhanna tosaigh níos lú earnálacha agus raon níos cúinge tairbhithé dá bharr. Beartaíodh an sochar do thréimhse níos giorra freisin. Bhí na ríomhanna bunaithe ar íocaíocht an tsochair ar feadh 2 mhí, ach b'amhlaidh gur íocadh é ar feadh beagnach 4 mhí.

Níor léir go raibh neamhchomhlíonadh suntasach ann nuair a bhí SRS á fhíorú, sin le rá ar dheonaigh agus ar íoc siad an sochar ag am i gcomhréir leis an gcuspóir a bhí beartaithe maidir le sochar do thréimhse dhíomhaoin a dheonú, agus i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos sa reachtaíocht. D'aimsíomar laigí sa chreat dlíthiúil agus i gcur chun feidhme an chreata sin áfach:

- I bprionsabal, rinneadh leasuithe ar rialacháin na Comh-Aireachta lena bhforáiltear do shochar do thréimhse dhíomhaoin d'fhonn raon na dtairbhithé a leathnú. Rinneadh daoine eile a eisiámh ó raon na bhfaighteoirí féideartha, áfach, mar thoradh ar leasú amháin lena n-áirítear grúpa daoine nua a raibh an sochar díomhaoin acu.
- I roinnt cásanna, cruthaíodh coinníollacha neamh-chomhionanna idir spriocghrúpaí éagsúla chun sochar do thréimhse dhíomhaoin a dheonú:
 - I measc daoine féinfhostaithe, bhí an cás níos fabhraí d'íocóirí cánach micrifhiontar toisc nár socraíodh aon chritéar chun measúnú a dhéanamh ar an méid cánach micrifhiontar a dearbhaíodh, cé nach n-íocann íocóirí cánach micrifhiontar cánacha eile. I gcás daoine féinfhostaithe eile áfach, socraíodh íosmhéid ranníocaíochtaí d'árachais shóisialta stáit éigeantacha a íocadh sa dá ráithe dheireanacha de 2019.
 - Bhí fostaíthe ag obair d'fhostóir aonair, agus iad thíos leis an ngéarchéim, i staid níos fabhraí ná na fostaíthe a bhí ag obair go páirtaimseartha do roinnt fostóirí den sórt sin, maidir le suimeanna coibhéiseacha cánacha íoc. Cháiligh an dara fostóir sin do shochar maidir le tréimhse dhíomhaoin ar bhonn a meán-ollphá ó aon fhostóir amháin.

Conclúidí

Mar thoradh ar an iniúchadh, mholamar go gcinnteodh an Chomh-Aireacht go mbeadh coinníollacha comhionanna i bhfeidhm maidir leis na tairbhíthe uile a d'fhéadfadh a bheith thíos leis an ngéarchéim. Nuair atá cineálacha nua tacaíochta á dtabhairt isteach agus raon na dtairbhíthe á leathnú, ní mór grúpaí áirithe daoine atá incháilithe le haghaidh cúnamh roimh an athrú a chur san áireamh. Ní mór do chomhdheiseanna a bheith ann chun an cáiliú a fháil laistigh den spriocghrúpa tacaíochta sonracha freisin.

Rinneadh na hathruithe seo a leanas tar éis an iniúchta, sa chás eisceachtúil atá ann faoi láthair: féadfaidh fostaithe an sochar díomhaoin a fháil bunaithe ar an meán-ollphá a fuair siad ó fhostóirí éagsúla, agus a raibh tionchar ag an ngéarchéim orthu; ní cheanglaítear ar aon íosmhéid maidir le ranníocaíochtaí slándála sóisialta atá éigeantach ón stáit chun sochar díomhaoin a fháil; déanfar méid an tsochair sin a chinneadh i gcomhréir leis an tréimhse dhíomhaoin.

Bainistiú géarchéime agus éigeandála



AUKŠČIAUSIOJI
AUDITO INSTITUCIJA

An Liotuáin

Valstybės kontrolė

Géarchéim agus éigeandáil COVID-19 a bhainistiú

Foilsithe	An cineál iniúchóireachta	Tréimhse a clúdaítear	Naisc
30.11.2020	Measúnú	Mí Feabhra-mí Dheireadh Fómhair	LT Achoimre EN

Ábhar ár measúnaithe agus an chúis leis

Teastaíonn roinnt mhaith nithe chun iarmhairtí socheacnamaíocha COVID-19 a mhaolú, lena n-áirítear bearta agus gníomhaíochtaí trasearnála atá i bhfoirm cinní polaitiúla meara agus coigeartuithe ar an reachtaíocht, bearta eacnamaíocha agus airgeadais breise chun na tionchair dhiúltacha ar an ngeilleagar a íoslaghdú, agus réitigh spriocdhírithé ar riachtanais an tsochaí. Tá tionchar cinnititheach ag méid an fhreagairt ón rialtais agus ag cur chun feidhme tráthúil an rialtais ar an gcaoi a n-íoslaghdófar iarmhairtí diúltacha COVID-19 ar shláinte phoiblí, ar ioncam daonra, ar leachtacht chorparáideach, srl., agus ar a mhéad a thiocfaidh athrú ar ioncam agus ar chaiteachas poiblí.

Déantar achoimre inár dtuarascáil ar na gníomhaíochtaí agus na bearta a rinne Rialtas Phoblacht na Liotuáine chun an éigeandáil a bhainistiú, iarmhairtí COVID-19 a mhaolú agus an geilleagar agus an téarnamh a chur chun cinn. Tugann sé forléargas freisin ar an gcaoi ar úsáideadh na cistí a leithdháileadh.

Torthaí

Ó mhí Mhárta go mí Meithimh 2020, ghlac Rialtas Phoblacht na Liotuáine sraitheanna de bearta a bhaineann lena chéile nuair a bhí tionchar diúltach na staide ar an gcomhshaol sóisialta agus ar an ngeilleagar á chur san áireamh acu agus d'fhone leathadh ghalar COVID-19 a bhainistiú. Sin le rá:

- Plean do bhearta chun borradh a chur faoin ngeilleagar agus chun iarmhairtí scaipeadh an choróinvíris (COVID-19) a laghdú d'fhone: acmhainní a dhaingniú le

haghaidh feidhmiú éifeachtach na gcóras sláinte agus na gcóras cosanta poiblí; cur le poist agus leibhéal ioncaim an daonra a chothabháil; cabhrú le gnólachtaí leachtacht a choinneáil; an geilleagar a chothú agus leachtacht an Státchiste Phoiblí a ráthú. Leithdháileadh EUR 6.2 billiún ar an bplean agus bhí gá le maoiniú díreach (infheistíochtaí, iasachtaí, cúiteamh, fóirdheontais, eisíocaíochtaí), arbh ionann é agus EUR 4.9 billiún, agus úsáideadh 40.1 % dó faoi dheireadh Mheán Fómhair 2020.

- o An Plean DNA don gheilleagar amach anseo (*The Future Economy DNA Plan*), a raibh sé d’aidhm aige mear-infheistíocht éifeachtach a dhéanamh i dtéarnamh agus fás eacnamaíoch na Liotuáine, chun an geilleagar a dhéanamh inbhuanaithe, nuálach agus chun ard-bhreislúach a ghiniúint. Leithdháileadh EUR 5.8 billiún ar an bplean, ag díriú ar chúig réimse tosaíochta: caipiteal daonna, an geilleagar digiteach agus gnó, nuálaíocht agus taighde, bonneagar eacnamaíoch, athrú aeráide agus fuinneamh. Faoi dheireadh mhí Dheireadh Fómhair 2020, bhí 13.5 % de na cistí a leithdháileadh ar an bplean infheistithe.
- o Straitéis bhainistíochta COVID-19, a bhí beartaithe le scaipeadh ghalar COVID-19 a bhainistiú sa ghearrthéarma agus ullmhú leordhóthanach a dhéanamh do bhabhtaí nua a d’fhéadfadh a bheith sa víreas amach anseo. Beartaíodh 126 ghníomhaíocht, nach raibh baint acu le cistí, chun an straitéis a chur chun feidhme. I mí Dheireadh Fómhair 2020, bhí tionchar ag moilleanna ar 28 % de ghníomhaíochtaí na straitéise.

Conclúidí

Nuair a bhí anailís á déanamh ar chur chun feidhme na mbeart a ghlac Rialtas Phoblacht na Liotuáine, chonaiceamar go raibh rioscaí ann do gheilleagar na Liotuáine a aistriú ina gheilleagar nuálach, a bhfuil breislúach ard aige, chun cuspóir an Plean DNA don gheilleagar amach anseo, ceal ama a caitheadh ar bhreithniú agus ar mheastóireacht na dtionscadail, an easpa faisnéise maidir lena n-indéantacht eacnamaíoch, agus an easpa anailíse ar chostais is tairbhe mionsonraithe.

Bhí tionchar diúltach ag paindéim an choróinéir ar an airgeadas poiblí, ar an ngeilleagar agus ar an margadh saothair: tháinig méadú ar fhiachas poiblí, bhí an olltáirgeacht intíre tite; bhí ioncam poiblí níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis, chomh maith le caiteachas níos airde, dífhostaíocht níos airde, srl. Mar sin féin, bhí forbairt eacnamaíoch na Liotuáine níos fearr ná mar a bhíothas ag súil leis sa chéad leath de 2020. Bhí tionchar páirteach aige sin freisin ag na bearta spreagtha eacnamaíochta agus na bearta tacaíochta don daonra agus don ghnó a rinne an Rialtas.

Creidimid go mbeidh na sonraí arna dtiomsú sa tuarascáil mheastóireachta ina bhfoinse faisnéise comhiomlánaithe maidir le gníomhaíochtaí Rialtas Phoblacht na Liotuáine, agus go dtabharfaidh siad deis bhreise do na hinstitiúidí a bhfuil baint acu le staid éigeandála a bhainistiú chun aghaidh a thabhairt ar a tionchair diúltacha. Beidh an deis acu cinntí a phleanáil agus a ghlacadh freisin, lena dtugtar aghaidh ar na riachtanais is fearr sna réimsí is mó atá thíos leis mar gheall ar iarmhairtí na paindéime.

Freagairt eacnamaíoch an Aontais



CÚIRT
INIÚCHÓIRÍ
NA hEORPA

An tAontas Eorpach
Cúirt Iniúchóirí na hEorpa

Athbhreithniú Uimh 06/2020: Rioscaí, dúshláin agus deiseanna i bhfreagairt an Aontais maidir le beartas eacnamaíoch ar ghéarchéim COVID-19

Foilsithe	An cineál iniúchóireachta	Tréimhse a clúdaítear	Naisc
9.12.2020	Athbhreithniú	Mí Mhárta-mí Lúnasa	Teangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh

Ábhar ár measúnaithe agus an chúis leis

Chuir paidéim COVID-19 iallach ar Bhallstáit an Aontais cuid mhór dá ngeilleagair a dhúnadh. I mí na Bealtaine 2020, measadh go ndéanfadh fíor-OTI an Aontais cúlú 7.4 % in 2020. Chuir an tAontas agus na Ballstáit bearta éagsúla i bhfeidhm chun cuar na paidéime a chothromú agus an damáiste eacnamaíoch a theorannú agus a chomhrac. Déantar na bearta sin a chinneadh agus a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta den chuid is mó, cé go bhfuil ról ceannasach comhordaithe ag an Aontas maidir le bearta a chumasú atá dírithe ar rialú eacnamaíoch ar dhamáiste agus ar théarnamh eacnamaíoch.

Tá sé ríthábhachtach go dtuigfí cén chaoi ar fhreagair an tAontas ina iomláine don phaindéim leanúnach, agus go mbeadh an tuiscint sin mar bhonn le cinntí eolasacha a dhéanamh maidir le bearta nua a chur chun feidhme chomh maith le bearta atá ann cheana féin a choigeartú. Chuige sin, tugann an t-athbhreithniú forléargas neamhspleách ar na gníomhaíochtaí eacnamaíocha, ábhartha a rinneadh go náisiúnta (go dtí mí Iúil 2020) agus ar leibhéal AE (go dtí mí Dheireadh Fómhair 2020). Ar dtús, bhailíomar agus rinneamar anailís chórasach ar an bhfaisnéis agus ar na sonraí uile atá ar fáil go poiblí, agus ansin rinneamar measúnú ar na bearta éagsúla a seoladh ar leibhéal an Aontais agus sna Ballstáit, agus sainithníodh rioscaí, dúshláin agus deiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo maidir le beartas eacnamaíoch an Aontais a chomhordú.

Torthaí

Ghlac na rialtais raon leathan de bhearta lánroghnacha fioscacha, arb ionann iad agus thart ar EUR 3.5 trilliún, i gcomhréir go ginearálta le treoirlínte an Aontais maidir le beartas géarchéime, m.sh. scéimeanna coinneála post agus státchabhair chun tacaíocht leachtachta a chur ar fáil do ghnólachtaí. Bhí éagsúlacht shuntasach i gcomhdhéanamh agus i méid choibhneasta na bpacáistí náisiúnta idir Bhallstáit. Déanfaidh siad ardú mór ar leibhéal an fhiachais phoiblí, cé go bhfuil siad tar éis rioscaí dífhostaíochta a mhaolú go héifeachtach le linn na dianghlasála.

Is é a bhí i bhfreagairt an Aontais ná bearta maidir le tacaíocht a thabhairt do na hiarrachtaí atá á ndéanamh ar leibhéal náisiúnta chun an ghéarchéim a bhainistiú:

- mear-idirghabháil airgeadaíochta ón mBanc Ceannais Eorpach, in éineacht leis seo a leanas:
 - úsáid a bhaint as an tsolúbthacht atá ar fáil i rialacha fioscacha agus státchabhrach an Aontais;
 - treoirlínte nuair is gá maidir le beartas eacnamaíoch;
 - buiséad an Aontais a atreorú chuig bearta freagartha ar ghéarchéimeanna;
- líontáin sábhála a chruthú chun iasachtú spriocdhírithé a chur ar fáil:
 - do rialtais tríd an gCoimisiún (SURE agus an Sásra Cobhsaíochta Eorpach);
 - do ghnólachtaí tríd an mBanc Eorpach Infheistíochta;
- ionstraimí tacaíochta níos mó a fhorbairt, arb é Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (NGEU)⁴³, ar luach EUR 750 billiún é, an ceann is mó agus is tábhachtaí díobh. Is í an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta an croílár, lena ndírítear ar aghaidh a thabhairt ar rioscaí dibhéirseachta eacnamaíocha agus ar théarnamh a dhaingniú i straitéisí glasa agus digiteacha an Aontais.

⁴³ Níl raibh sé i bhfeidhm go fóill ag an tráth a cuireadh an t-athbhreithniú i gcrích.

Conclúidí

Cruthaítear rioscaí agus dúshlán maidir le beartas eacnamaíoch AE a chomhordú agus a chur chun feidhme, chomh maith le bainistíocht fhóna airgeadais ar chistí AE. Is é an tacar beart ar leibhéal Bhallstáit agus ar leibhéal an Aontais is cúis leis sin:

- Spreagann pacáistí fioscacha na mBallstát dúshlán nua d’údaráis an Aontais atá freagrach as faireachas a dhéanamh ar an staid fhioscach, an margadh inmheánach, margáí saothair agus an earnáil airgeadais.
- Tá baol ann go leathnófar an bhearna eacnamaíoch idir Bhallstáit tuilleadh, toisc go bhfuil éagsúlacht mhór ann maidir lena gcumas chun géarchéim a fhreagairt, ag brath ar na cásanna eacnamaíocha a bhí acu cheana féin.
- Tá baol ann go ndéanfar dochar d’éifeachtacht na saoráide téarnaimh nua atá beartaithe, más rud é:
 - nach bhfuil a struchtúr airgeadais ná an creat faireacháin agus cuntasachta leordhóthanach;
 - nach bhfuil na pleananna téarnaimh comhordaithe i gceart agus nach ndíríonn siad ar athchóirithe agus infheistíochtaí lena gcuirtear leis an bhfás;
 - nach bhfuil an cur chun feidhme tráthúil agus/nó tá leibhéil ionsúcháin íseal ann.
- Beidh an Coimisiún ag thabhairt aghaidh ar an dúshlán a bhaineann le bainistiú a dhéanamh ar an riosca airgeadais, a bhaineann le hidirbhearta mórsála AE ar mhargáí caipitil.
- Tá deiseanna ann freisin i bhfreagairt eacnamaíoch an Aontais ar ghéarchéim COVID-19:
 - Tá cur chun feidhme na freagartha airgeadais ar an ngéarchéim eacnamaíoch ar siúl faoi láthair, ach d’fhéadfadh ról neartaithe a bheith ag institiúidí an Aontais maidir le téarnamh eacnamaíoch AE a bhainistiú.
 - Tugann cruthú na gcistí sealadacha nua amhail SURE agus NGEU an deis chun machnamh a dhéanamh ar fheabhsuithe buana ar acmhainn bhuiséadach an Aontais, cosúil le mór-shuaitheadh eacnamaíoch a fhreagairt agus an éagsúlacht eacnamaíoch i measc na mBallstát a mhaolú.

- Cuirtear deis shuntasach ar fáil chun tosaíochtaí an Aontais a chur chun cinn le cistiú breise, amhail an fhorbairt inbhuanaithe agus an digitiú, ar choinníoll go ndéantar na gníomhaíochtaí a dhearadh go cúramach agus go ndéantar faireachán críochnúil orthu faoin Seimeastar Eorpach.

Réimse tosaíochta: Airgeadas poiblí agus na rioscaí gaolmhara

53 Chomh luath le lár 2020, bhí beagnach 1 250 beart fioscach glactha cheana féin ag Ballstáit chun tionchar eacnamaíoch agus sláinte na paidéime a chomhrac, ar luach EUR 3.5 trilliún iad (27 % de mheastacháin OTI ó AE-27 do 2020)⁴⁴. Bhí na billiúin euro a cuireadh ar fáil sa chéad bhabhta os cionn luach iomlán na bpacáistí téarnaimh cheana féin a glacadh in 2008-2009⁴⁵.

54 I mbeartais fhioscacha na mBallstát, díriodh ar thionchar gearrthéarmach na dianghlása a mhaolú, an éileamh ar ioncam agus ar fhostaíocht a laghdú, agus bearta athléimneachta agus téarnaimh a úsáid. Go ginearálta, is éard atá i gceist leo ná:

- o cobhsaitheoirí uathoibríocha, amhail coigeartuithe ar chaighdeán cánach agus scéimeanna dífhostaíochta;
- o bearta lánroghnacha spreagtha maidir leis an mbuiséad, amhail faoiseamh cánach nó laghduithe ar rátaí, agus caiteachas eisceachtúil i réimsí amhail tacaíocht fostaíochta agus an earnáil sláinte;
- o bearta nach mbaineann leis an mbuiséad chun leachtacht ghnó a ráthú (iasachtaí stáit, ráthaíochtaí iasachta, iarchur cánach, srl.), nach bhfuil costas fioscach díreach ag baint leo.

55 Rinne UFlanna na hÍsiltíre, na Portaingéile agus na Sualainne tionchar, rioscaí agus impleachtaí fioscacha na mbeart airgeadais a glacadh mar fhreagairt ar COVID-19 ar an airgeadas poiblí agus ar chur chun feidhme na mbuiséad náisiúnta a mheas.

⁴⁴ CIE, *Athbhreithniú Uimh 06/2020:Rioscaí, dúshlán agus deiseanna i bhfreagairt an Aontais maidir le beartas eacnamaíoch ar ghéarchéim COVID-19*, 9.12.2020.

⁴⁵ An Coimisiún Eorpach, *Ceisteanna agus freagraí: Cumarsáid maidir leis an bhfreagairt ar bheartas fioscach don phaindéim corónavírís*, 3.3.2021.

Airgeadas poiblí agus rioscaí gaolmhara



**Algemene
Rekenkamer**

An Ísiltír
Algemene Rekenkamer

An ghéarchéim COVID: na rioscaí a bhaineann le hurraí agus iasachtaí don airgeadas poiblí

Foilsithe	An cineál iniúchóireachta	Tréimhse a clúdaítear	Naisc
25.11.2020	Iniúchadh airgeadais / comhlíontachta	Mí Mhárta-mí Lúnasa	NL Achoimre EN

Ábhar ár measúnaithe agus an chúis leis

Bhunaigh rialtas na hÍsiltíre scéimeanna éagsúla idir mí Mhárta agus mí Lúnasa 2020 chun titim eacnamaíoch a sheachaint mar gheall ar bhearta chun leathadh COVID-19 a chosc.

Sa bhreis ar na billiúin euro i gcaiteachas breise agus in ioncam cailte, chuir an rialtas ráthaíochtaí ar fáil freisin, chuir sé síneadh le scéimeanna ráthaíochta a bhí ann cheana agus thug sé iasachtaí. Baineann riosca (suntasach) le caiteachas dá n-iarrfaí ar scéimeanna ráthaíochta, cé nach mbíonn caiteachas mar thoradh láithreach orthu.

Dá bhrí sin, tá rialacha diana leagtha síos ag an rialtas cheana féin lena rialaítear bunú scéimeanna ráthaíochta agus soláthar iasachtaí.

Rinneamar imscrúdú ar na ráthaíochtaí agus na hiasachtaí a chuir an rialtas ar fáil idir mí Mhárta agus deireadh mhí Lúnasa 2020 agus ar chloígh sé leis na rialacha.

Rinneamar imscrúdú freisin ar cuireadh an pharlaimint ar an eolas faoi na ráthaíochtaí agus na hiasachtaí sin agus faoin gcaoi ar comhlíonadh rialacha buiséadacha na Parlaiminte.

Torthaí

Idir mí Mhárta agus deireadh mhí Lúnasa 2020, bhunaigh nó chuir an rialtas síneadh le 14 scéim ráthaíochta. Mhéadaigh sé sin EUR 60.9 billiún ar mhéid iomlán ráthaíochtaí

rialtas na hÍsiltíre nach bhfuil íoctha. Tá an rialtas ag súil le go mbeidh EUR 2.6 billiún de chaiteachas breise dá bharr. Ina theannta sin, d’eisigh an rialtas ocht n-iasacht ar fiú EUR 1.8 billiún iad sa tréimhse chéanna.

Dá bhrí sin, mhéadaigh na ráthaíochtaí agus na hiasachtaí a d’eisigh an rialtas idir mí Mhárta agus deireadh mhí Lúnasa suim an airgid phoiblí atá ar riosca de EUR 62.7 billiún. D’ardaigh sé sin méid iomlán an airgid phoiblí atá ar riosca go dtí leibhéal atá beagnach comhionann leis an leibhéal is airde riamh a tharla le linn na géarchéime creidmheasa (EUR 245.5 billiún).

Léirigh an t-imscrúdú a rinneamar freisin nár chuir an rialtas a chuid rialacha féin i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir le scéimeanna ráthaíochta agus iasachtaí a bhunú nó a shíneadh. Mar shampla, ní dhearnadh an creat measúnaithe éigeantaigh a úsáid i gcás gach scéime nua nó gach scéime sínte. Sna scéimeanna sin inar úsáideadh iad, d’athraigh an méid críochnúla a bhí i gcreataí measúnaithe a chur i gcrích. Níor seoladh gach creat measúnaithe a cuireadh i gcrích chuig an bParlaimint in am freisin, rud atá éigeantach. Mar thoradh air sin, ní raibh an pharlaimint in ann eolas a chur ar ábhar na ndlíthe buiséid a bhí leasaithe sular formheasadh iad.

Ar deireadh, léiríonn an t-imscrúdú a rinneamar nár chuir an rialtas in iúl don pharlaimint gur tháinig scéimeanna i bhfeidhm sular tugadh deis dó an dlí buiséid leasaithe a phlé, arbh amhlaidh le haghaidh 6 cinn de na 22 scéim a cruthaíodh nó a síníodh. Faoin Acht um Chuntais Rialtas na hÍsiltíre, ní mór d’aire fógra a thabhairt don pharlaimint i scríbhinn faoi scéim a thabhairt isteach más rud é, ar mhaithe leis an leas náisiúnta, gur gá í a thabhairt isteach sula mbeidh deis ag an bparlaimint an bille lena leasaítear an buiséad a phlé agus a fhortheas.

Conclúidí

Chinneamar faoi dheireadh nár chuir an rialtas a chuid rialacha féin i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir le scéimeanna ráthaíochta agus iasachtaí a bhunú nó a shíneadh. Chinneamar faoi dheireadh freisin nár tugadh fógra cuí i gcónaí don pharlaimint in am trátha, agus sháraigh sí Acht um Chuntais Rialtas na hÍsiltíre i roinnt cásanna dá bharr.

Mholamar don Aire Airgeadais athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha a rialaíonn bunú nó síneadh scéimeanna ráthaíochta agus deonú iasachtaí maidir lena n-úsáid i staid géarchéime. Mholamar freisin don Aire Airgeadais níos mó a dhéanamh chun a chinntiú go dtabharfar fógra cuí don pharlaimint in am trátha. Mholamar eolas níos fearr a thabhairt don pharlaimint freisin, faoi na rioscaí a bhaineann leis na scéimeanna, caillteanais ionchasacha agus leibhéal na gcúlchistí atá ar fáil chun na

críche sin. Ar deireadh, mholamar meastóireacht a dhéanamh ar na scéimeanna a tugadh isteach go sonrach chun iarmhairtí eacnamaíocha maidir le géarchéim COVID-19 a chomhrac a luaithe is féidir, ag díriú go háirithe ar a n-éifeachtacht.



an tSualainn
Riksrevisionen

RIKSREVISIONEN

An creat beartais fhioscaigh – cur i bhfeidhm ag an rialtas in 2020

Foilsithe	An cineál iniúcháireachta	Tréimhse a clúdaítear	Naisc
17.12.2020	Iniúchadh Feidhmíochta	Mí Aibreáin-mí Mheán Fómhair	SV Achoimre EN

Ábhar ár measúnaithe agus an chúis leis

Chinn rialtas na Sualainne ar shraith beart tacaíochta in earrach agus i samhradh na bliana 2020 chun dul i ngleic leis an mór-chor chun donais eacnamaíoch a bhí ann mar gheall ar phaindéim an choróinvíris. Measadh go lagódh na bearta sin an t-airgeadas poiblí faoi thart ar 2 % de OTI. Mhol Bille Buiséid 2021 bearta breise lena n-áirítear SEK 108 billiún (2.1 % de OTI) d’fhonn an geilleagar a atosú.

Cé gur léir go bhfuil gá le beartas fioscach méadaithe chun an geilleagar a chobhsú in aimsir ghéarchéime, tá sé chomh tábhachtach céanna airgeadas poiblí fóna a choinneáil san fhadtéarma. Dá bhrí sin, tá iniúchadh déanta againn ar bheartas fioscach an rialtais i ndáil le creat bheartas fioscach na Sualainne, arb é is aidhm dó beartas fioscach fadtéarmach a bheidh inbhuanaithe agus trédhearcach a chinntiú.

Tá roinnt spriocanna beartais don bhuiséad mar aon le prionsabail maidir le tuairisciú trédhearcach sa chreat, agus ghlac an *Riksdag*, Parlaimint na Sualainne, é. Tá an creat i bhfeidhm ó thús na 2000idí agus tá scagadh déanta air thar na blianta, go páirteach mar thoradh ar ár n-iniúchtaí athfillteacha ar an ábhar.

Torthaí

Léiríodh san iniúchadh gur eascair easnaimh mhóra as bearta géarchéime an rialtais, agus nach mbainfí amach an sprioc bharrachais do ghlanfháil ar iasacht an rialtais ghinearálta. Ceadaítear claonadh sealadach ón spriocleibhéal ar chúiseanna a bhaineann leis an mbeartas cobhsaíochta, toisc go bhfuil feidhm ag an sprioc bharrachais thar thimthriall gnó. Níor chuir an rialtas a phlean éigeantach i láthair, áfach, maidir leis an gcaoi a bhféadfaí an sprioc bharrachais a bhaint amach sa mheántéarma.

Ceann eile de na spriocanna beartais don bhuiséad is ea uasteorainn chaiteachais an rialtais láir, ar ardaigh an rialtas go suntasach ar feadh 2020 agus na blianta ina dhiaidh sin. Léiríodh san iniúchadh go raibh spreagadh bailí ag an rialtas an uasteorainn chaiteachais a ardú do 2020, toisc go raibh athrú ó bhonn tagtha ar na coinníollacha le haghaidh beartas fioscach. Ach ní raibh aon bhunús ag na leibhéil a ardaíodh go mór do 2021 agus 2022 i réamhaisnéisí maicreacnamaíocha an rialtais ná i gcomhghaol leis. Ina ionad sin, bhí siad spreagtha ag an ngá le corrlaigh shábháilteachta an-mhór.

Tá an t-uasteorainn chaiteachais atá beartaithe do 2023 ar ais go dtí na gnáthleibhéil maidir le méid gheilleagar na Sualainne. Cuireann sé sin teorainn le méaduithe ar chaiteachas buan le linn na géarchéime, rud a chiallaíonn nach féidir na corrlaigh fhoircneacha sna blianta roimhe sin a úsáid, ach amháin i gcás beart sealadach. Ina fhianaise sin, thugamar faoi deara go raibh raon feidhme na mbeart sealadach agus buan ó thaobh an chaiteachais de doiléir sa Bhille Buiséid.

Conclúidí

Chinneamar faoi dheireadh go ndearnadh beartas fioscach a dhearadh agus a thuairisciú den chuid is mó i gcomhréir leis an gcreat beartais fhioscaigh. Leis an gcreat beartais fhioscaigh, tugadh tacaíocht don rialtas do chlaonadh sealadach ón sprioc barrachais ar chúiseanna beartais chobhsaíochta. Bhí claonadh ón gcreat ann freisin, áfach: trí staonadh ó thuairisciú a dhéanamh ar an gcaoi a raibh fillleadh ar an sprioc barrachais le teacht, ní raibh an rialtas ag cloí leis an Acht um an mBuiséad.

Mheasamar nár cúis é an staid éiginnte gan forálacha an Achta um an mBuiséad a chomhlíonadh. Os a choinne sin, is i gcor chun donais tobann go beacht ar féidir a bheith ag súil go mbeidh claonadh ón spriocleibhéal ann.

Chinneamar faoi dheireadh freisin go raibh na huasteorainneacha caiteachais do 2021 agus 2022 ardaithe ag an rialtas ar bhealach nach raibh tacaíocht aige ón gcreat, agus go raibh an baol ann go mbeadh tosaíochtaí caiteachais ann dá bharr nach raibh chomh héifeachtach céanna. Bhí na leibhéil chomh hard sin gur cuireadh i mbaol feidhm na huasteorann mar ionstraim chun tacú leis an sprioc barrachais. Dá mbeadh rogha níos iomchuí ann, thiofadh méadú ar an ngá a bhí leis mar thoradh ar an mbeartas cobhsaíochta a bhí á shaothrú ag an rialtas i ndáiríre, chomh maith le corrlach le haghaidh neamhchinnteacht mhaicreacnamaíoch atá thar a bheith mór. Dá dtiocfadh athrú as cuimse arís ar choinníollacha an bheartais fhioscaigh, bheadh deis ag an rialtas i gcónaí le fillleadh ar an *Riksdag* agus moltaí a dhéanamh maidir le huasteorainneacha do chaiteachas nua.

Mholamar freisin go ndéanfaí raon feidhme na mbeart go sealadach agus go buan ar an taobh caiteachais den bhuiséad a shoiléiriú, i mBille um Beartas Fioscach an Earraigh 2021 ar a dhéanaí.

Rioscaí i gcur chun feidhme an bhuiséid



An Phortaingéil
Tribunal de Contas

Rioscaí maidir le hacmhainní poiblí a úsáid i mbainistiú éigeandála (COVID-19)

Foilsithe	An cineál iniúchóireachta	Tréimhse a clúdaítear	Nasc
1.6.2020	Anailís	Ó thús na paidéime	PT

Ábhar ár measúnaithe agus an chúis leis

D'fhéachamar le haird a tharraingt ar roinnt rioscaí maidir le bainistiú airgeadais le linn éigeandálaí ag céim an-luath den phaindéim sa doiciméad seo, agus nár cheart neamhaird a dhéanamh orthu sa ghéarchéim sláinte, eacnamaíoch, shóisialta agus airgeadais, arb é COVID- 19 is cúis léi.

Torthaí

D'aithníomar rioscaí a bhaineann ní hamháin le bainistiú géarchéime agus beart éigeandála, cúnamh éigeandála agus cúnamh poiblí, lagú rialuithe agus sláine, córais soláthair phoiblí agus faisnéise, ach a bhaineann freisin le trédhearcacht fhioscach (maidir le costais agus tionchar na mbeart éigeandála a thomhas), agus le ráitis chuntasaíochta.

Áirítear gnáth-shaintréithe staideanna éigeandála sna gnéithe ar tugadh aghaidh orthu, chomh maith le moltaí idirnáisiúnta, reachtaíocht eisceachtúil a eisíodh cheana, agus torthaí na n-iniúchtaí agus na rialuithe eile a rinneadh cheana i gcásanna den sórt sin.

Conclúidí

Chuireamar na comhlachtaí uile a bhainistíonn airgead poiblí ar an eolas faoi na rioscaí sin, agus faoi bhearta a dhéanamh chun iad a mhaolú, go háirithe maidir le soiléireacht agus comhleanúnachas reachtaíochta agus rialachán, treoirlínte a eisíúint chun na bearta a chur chun feidhme go comhchuibhithe, sásraí faireacháin a bhunú, freagrachtaí a shainiú agus a chomhordú, agus dúbailt na tacaíochta a chosc.

Cuireadh béim freisin ar a thábhachtaí atá sé le cumraíocht cheart a dhéanamh ar na córais faisnéise chun tacaíocht a chur chun feidhme, córais slándála TF a neartú, sláine na mball foirne uile a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí práinnfhreagartha a luacháil agus a chosaint, agus trédhearcacht agus poiblíocht na nósanna imeachta agus na ngníomhaíochtaí a ráthú, go háirithe nuair a bhíonn conarthaí nó deontais phoiblí i gceist.

Tharraingíomar aird ar an ngá atá le gach nós imeachta agus gach cinneadh a chur i bhfoirm doiciméid agus bunús a chur leo, agus le seiceálacha bunúsacha a choimeád, lena chinntiú go ndéantar deighilt idir dhualgais, cros-seiceálacha, deimhniú seachadtaí, seiceálacha stoic agus seiceálacha fisiceacha, chomh maith le seiceálacha a chur in ionad seiceálacha a réamh-mheastar le linn nósanna imeachta nó ina ndiaidh.

Chuireamar in iúl go láidir go gcaithfear taifead mionsonraithe a choinneáil ar na gníomhaíochtaí uile chun bearta COVID- 19 a chur chun feidhme, mar chuid den tuairisciú, freagracht agus cuntasacht ar na hacmhainní a úsáidtear. Ní mór taifead mionsonraithe a choinneáil ar gach caiteachas gaolmhar chomh maith le hioncam fioscach laghdaithe freisin, chun a n-éifeachtaí a thomhas laistigh de chreat lenar féidir measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar an airgeadas poiblí agus inbhuanaitheacht na mbeart le bheith faoi mheasúnú.

Rinneamar anailís ar gach ceann de na réimsí riosca sin, luamar torthaí ó iniúchtaí roimhe seo, agus rinneamar moltaí níos mionsonraithe maidir le gach ceann de na réimsí lena mbaineann.

Réimse tosaíochta: Freagairt ghinearálta ar leibhéil éagsúla rialtais

56 Tá méid agus ilghnéitheacht na géarchéime tar éis iallach a chur ar rialtais ar gach leibhéal (náisiúnta agus fonáisiúnta) chun feidhmiú i gcomhthéacs neamhchinnte agus dul i ngleic le comhbhabhtálacha deacra idir riachtanais sláinte, eacnamaíocha agus shóisialta. Mar gheall ar phráinn na cinnteoireachta maidir le bearta coisctheacha agus srianta, tá méadú dosheachanta tagtha ar na rioscaí don gheilleagar, d'éifeachtúlacht agus d'éifeachtacht na gníomhaíochta rialtais, agus do sháruithe ar rialacha agus nósanna imeachta roimhe seo.

57 Rinne UFI na Rómáine iniúchadh ar bhainistiú na n-acmhainní poiblí ar gach leibhéal rialtais, agus bhreathnaigh UFI na Portaingéile ar thionchair áitiúla ó bhearta COVID-19.

Gach leibhéal rialtais



an Rómáin

Curtea de Conturi a Romaniei

Acmhainní poiblí a bhainistiú le linn éigeandála

Foilsithe	An cineál iniúcháireachta	Tréimhse a clúdaítear	Nasc
11.8.2020	Iniúchadh comhlíontachta	Mí Márta-mí an Mheithimh	RO

Ábhar ár measúnaithe agus an chúis leis

Chuir paindéim dhomhanda COVID-19 cúrsaí an domhain trí chéile. Ní raibh aon eisceacht ag an Rómáin, agus d'fhéach sí leis an staid a bhainistiú trí leas a bhaint as a hacmhainní agus a taithí féin.

I mí Márta 2020, d'eisigh Uachtarán na Rómáine dhá *Fhoraithe lena bhforchuirtear agus lena leathnaítear an staid éigeandála* ar fud na tíre ar fad, mar gheall ar an gcaoi a raibh an staid eipidéimeolaíoch ag dul ar aghaidh. Bhunaigh an dá fhoraithe sin dualgais agus cúraimí nua d'údaráis phoiblí áirithe agus d'institiúidí poiblí áirithe, ar tháinig gealltanas do chaiteachais bhreise ó chistí poiblí uathu, chun COVID-19 a chosc agus a chomhrac trí cheartúcháin bhuiséid.

Sa chomhthéacs sin, chinn Parlaimint na Rómáine gur cheart dúinn iniúchadh a dhéanamh ar bhainistiú acmhainní poiblí le linn na tréimhse sin, agus tuarascáil a thíolacadh ina mbeidh torthaí, conclúidí agus tograí. Chinneadar ar thráth nach déanaí ná 60 lá tar éis dheireadh na staide éigeandála freisin.

Torthaí

D'fhág cinneadh na Parlaiminte go raibh orainn ár gclár oibre bliantúil a choigeartú. I gcomhréir leis an bhféilire do rannpháirtíocht na n-iniúchtaí a ghlac an tionól iomlánach don tréimhse ó mhí na Bealtaine go mí Iúil 2020, áiríodh 949 iniúchadh comhlíontachta a rinneadh sa chlár. Rinneadh rannpháirtíocht 284 uair ar leibhéal an rialtais láir, agus 665 uair ar leibhéal an rialtais áitiúil as na hiniúchtaí comhlíontachta sin.

Roghnaíodh na heintitis a ndearnadh iniúchadh orthu ar bhonn na suimeanna a leithdháileadh ó na buiséid lárnacha agus áitiúla chun an staid éigeandála a bhainistiú. Áiríodh leo údaráis a fuair airgead agus a rinne ceannacháin thábhachtacha, ach na húdaráis ar sannadh freagrachtaí agus dualgais bhreise dóibh freisin.

Léirítear dhá phríomhroinn sa tuarascáil speisialta ón rannpháitíocht sin: an rialtas áitiúil agus an rialtas láir.

I ngach roinn, cuirtear dualgais agus cúraimí na n-údarás maidir leis an bpaindéim a chosc agus a chomhrac i láthair sa tuarascáil, chomh maith le torthaí maidir le bainistiú na n-acmhainní a úsáidtear chun na críche sin, agus iad curtha i ngrúpaí de réimsí amhail an córas sláinte, tacaíocht eacnamaíoch, fostaíocht agus cosaint shóisialta, agus bearta ginearálta chun scaipeadh phaindéim COVID-19 a theorannú agus a chur faoi smacht.

Ghlac an Rómáin le laghdú ar ioncam an bhuiséid le linn na tréimhse arna cumhdach sa tuarascáil, trí shraith de bheart fioscach a ghlacadh agus an ghníomhaíocht eacnamaíoch a ghineann ioncam a laghdú. Is é a bhí i gceist leis an idirghabháil eacnamaíoch ná acmhainní poiblí a shlógadh chun gníomhaíochtaí táirgiúla a thabhairt i gcrích, agus gealltanais caiteachais eisceachtúil a dhéanamh chun an phaindéim a chomhrac agus an turraing eacnamaíoch a mhaolú.

Bhí scála an chaiteachais a ndearnadh iniúchadh air éagsúil ag brath ar an gceantar, agus b' iad seo a leanas na príomhchatagóirí costais:

- gealltanais dhlíthiúla a shanntar don soláthar poiblí le linn na staide éigeandála – tuairim is EUR 209.6 milliún;
- cúnamh leighis/stoic liachta éigeandála – tuairim is EUR 54.43 milliún;
- Costais/cosaint fostaíochta agus sóisialta arna dtabhú trí thabhairt isteach na coraintín – tuairim is EUR 754.12 milliún;
- costais rialtais áitiúil – aisíocaíocht ar chaiteachas coraintín – tuairim is EUR 26.67 milliún;

Thángthas ar roinnt neamhrialtachtaí sna hiniúchtaí, an chuid is mó acu i gcur i bhfeidhm na reachtaíochta le linn na staide éigeandála. Dá bhrí sin:

- Bhí neamhchomhlíonadh ann ó am go chéile ar na prionsabail a rialaíonn dámhachtain conarthaí soláthair phoiblí (neamh-idirdhealú agus cóir chomhionann i leith oibreoirí eacnamaíocha, trédhearcacht maidir le conarthaí a dhámhachtain, srl.).
- Níor forbraíodh nó níor cuireadh nósanna imeachta oibríochta nó córais i bhfeidhm chun déileáil le héigeandálaí.
- Níor cuireadh reachtaíocht shonrach i bhfeidhm go dian, go háirithe maidir le cearta pá.
- I gcásanna áirithe, níor breathnaíodh ar na ceanglais dhlíthiúla nuair a bhí cógais, soláthairtí leighis agus trealamh á gceannach, mar gheall ar ghanntanais mhargaidh nó praghsanna boilsicthe margaidh, rud a d'fhág go raibh an soláthar ag luachanna os cionn an méid a measadh.
- Níor cuireadh aon chúlchistí ar bun do na cásanna speisialta dá bhforáiltear i bhfo-reachtaíocht, mar sin bhí siad níos lú ná mar a bhí ag teastáil de réir dlí, srl.
- Níor tiomsaíodh stoic leighis phráinneacha laistigh de na spriocdhátaí tosaigh soláthair.

Conclúidí

Chuireamar in iúl go ndearnadh na cistí poiblí a úsáidtear chun paindéim COVID-19 a chosc agus a rialú a bhainistiú i gcomhréir leis an gcuspóir go ginearálta, agus leis na cuspóirí agus na freagrachtaí atá leagtha amach sa reachtaíocht éigeandála.

Ba ghnách gur chomhlíon na húdaráis phoiblí na dualgais a cuireadh orthu chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán leanúnach a bhaineann le bearta eisceachtúla a dhéanamh i gcás éigeandála, agus iad faoi oibleagáid an creat dlíthiúil lena rialaítear a ngníomhaíocht a urramú. Ní raibh aon earráid tromchúiseach ann, cé gur réitíodh roinnt fadhbanna ar ala na huair.

Déantar roinnt machnaimh ar mhodhanna freagartha ar ghéarchéim a fhorbairt amach anseo, amhail:

- plean gníomhaíochta náisiúnta a chruthú/a leathnú lena rialófar go soiléir na gníomhaíochtaí agus na céimeanna nós imeachta atá le leanúint i gcásanna éigeandála;
- reachtaíocht a dhréachtú/a leasú/a leathnú maidir le soláthar poiblí i gcásanna éigeandála;
- gníomhaíocht éigeandála agus nósanna imeachta cistiúcháin a bhunú chun an chumarsáid a chuíchóiriú;
- scéimeanna a cheapadh agus a chur i bhfeidhm chun baill foirne a bhfuil baint dhíreach acu le gníomhaíochtaí riachtanacha a spreagadh le linn staid éigeandála/foláirimh.

An rialtas áitiúil



An Phortaingéil
Tribunal de Contas

Tionchar bhearta COVID-19 arna nglacadh ag comhlachtaí rialtais áitiúla i mórthír na Portaingéile

Foilsithe	An cineál iniúcháireachta	Tréimhse a clúdaítear	Nasc
18.12.2020	Forléargas	Mí Mhárta-mí Mheán Fómhair	PT

Ábhar ár measúnaithe agus an chúis leis

Bhí éifeacht mhór eacnamaíoch, shóisialta agus airgeadais ag COVID-19 ar shochaí na Portaingéile agus ar chomhlachtaí rialtais áitiúil, go háirithe ar na bardais. Bhí ról tábhachtach ag na bardais sin maidir le héifeachtaí na géarchéime a mhaolú toisc iad a bheith ar thús cadhnaíochta ó thaobh idirghabhála de, agus toisc an inniúlacht shocheacnamaíoch fhairsing atá acu.

Bhí sé tábhachtach go dtuigfí comhthéacs na hidirghabhála bardais, na n-acmhainní airgeadais lena mbaineann agus an chaoi ar úsáideadh iad. Seo a leanas a rabhamar ag iarraidh a dhéanamh:

- o anailís a dhéanamh ar na bearta reachtacha a bhí sealadach agus eisceachtúil, arb é is aidhm dóibh na bardais a chumasú chun aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí socheacnamaíocha na paidéime, agus na cineálacha beart a úsáidtear chun freagairt do riachtanais an phobail i gcoitinne a shainnint, chomh maith le riachtanais na gcomhlachtaí áitiúla a chuireann tacaíocht shóisialta agus eacnamaíoch ar fáil;
- o an caiteachas a bhaineann leis an iarracht bardais a chainníochtú, anailís a dhéanamh ar a leithdháileadh ar fud mhórthír na Portaingéile agus cinneadh a dhéanamh ar an ngaol idir caiteachas agus leitheadúlacht an cháis;
- o an chaoi a bhfuil na bearta sa soláthar poiblí léirithe a chinntiú, anailís a dhéanamh ar na conarthaí a bhaineann le héifeachtaí na paidéime a chomhrac.

Torthaí

Formheasadh bearta airgeadais a bhí eisceachtúil agus sealadach d’fhonn cumas freagartha na n-údarás áitiúil a chothú agus a ráthú i gcomhthéacs na paidéime. Áirítear ioncam bardasach a chur chun cinn leis sin, chomh maith le solúbthacht sa chóras creidmheasa agus fiachais bardais, bearta a ghlacadh chun cabhrú le daoine leochaileacha, tacaíocht shóisialta agus díolúintí.

Ceadaíodh do bhardais a bhfuil leibhéal níos airde fiachais acu, agus dóibh siúd atá faoi réir pleananna coigeartaithe airgeadais, comhlíonadh le forálacha conarthacha a chur ar fionraí lena gcuirfí teorainn leis an deis atá acu sochair chánach agus díolúintí cánach a thairiscint. Ceadaíodh praghsanna a shainiú in earnáil na sláintíochta, an uisce agus na dramhaíola dóibh freisin, chomh maith le praghsanna agus muirir nua a shocrú. Bíonn tionchar láidir sóisialta ag gcumas a thagann leis na sochair sin a thairiscint do shaoránaigh arís.

Chuir na bardais bearta agus pleananna éagsúla i bhfeidhm, rud a chiallaigh méadú ar chaiteachas, mar shampla, tacaíocht do theaghlaigh agus do chuideachtaí nó dáileadh saor in aisce d’earraí nó soláthar seirbhísí, agus laghdú ar ioncam araon, trí dhíolúintí a thabhairt agus táillí agus praghsanna a laghdú.

Fógraíonn formhór na mbardas a mbearta ar a suíomhanna gréasáin, ach is beag a léiríonn sonraí maidir le cur chun feidhme. Chinn go leor dóibh cistí éigeandála bardasacha a mhéadú chun aghaidh a thabhairt ar thionchar sóisialta na paidéime, nó fiú cistí a chruthú atá curtha in áirithe go sonrach do thionchair COVID-19.

Chun éagsúlacht na gcuspóirí agus na dtairbhíthe a léiriú, seo roinnt de na bearta is coitianta:

- leithdháileadh maidir le trealamh cosanta pearsanta;
- díolúintí agus laghduithe ar chíos a thabhairt le haghaidh spásanna cónaithe nó spásanna tráchtála arna mbainistiú ag na bardais;
- díolúintí ó tharaifí uisce, sláintíochta agus dramhaíola agus laghduithe ar na taraifí sin;
- sannadh ríomhairí agus trealamh ríomhaireachta do mhic léinn nó iasacht a thabhairt dóibh;
- béilí agus bia a leithdháileadh ar mhic léinn agus ar dhaoine i ngátar;
- tástálacha ar COVID-19 a sholáthar nó a mhaoiniú;

- tacaíocht airgeadais agus lóistíochta d’eagraíochtaí leasa shóisialta atá á reáchtáil go príobháideach;
- acmhainní don tacaíocht síceolaíoch;
- tacaíocht do chógais leighis a cheannach;
- feachtais feasachta;
- tacaíocht do ghnólachtaí agus bialanna áitiúla;
- tacaíocht d’úsáid an iompair phoiblí.

Conclúidí

Chinneamar go raibh ról an-tábhachtach ag údaráis áitiúla maidir le bearta a chur chun feidhme agus éifeachtaí na paindéime a mhaolú, lena gcuirtear cur chuige ilghnéitheach ar fáil a rachadh chun tairbhe do theaghlaigh, cuideachtaí agus eagraíochtaí.

De réir na sonraí páirteacha a bhí ar fáil, bhí an caiteachas níos mó ná EUR 166 milliún idir mí Mhárta agus deireadh mhí Mheán Fómhair 2020. Ó thaobh na gcostas, bhí ceannach earraí agus seirbhísí (go háirithe trealamh cosanta pearsanta), aistriúthe reatha (chun tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh agus eagraíochtaí neamhbhrabúsacha), costais foirne agus ceannach earraí caipitil. Le linn na tréimhse sin, thug comhlachtaí rialtais áitiúla 5 529 conradh chun críche chun earraí agus seirbhísí a bhaineann leis an bpaindéim (EUR 83.2 milliún) a cheannach.

Baineann na conarthaí maidir le hearraí a cheannach go príomha le trealamh agus gaireas leighis (m.sh. aerálaithe, tástálacha agus dífhabhtáin COVID-19), trealamh sábháilteachta agus cosanta (m.sh. maisc, scáthláin, lámhainní), ríomhairí agus trealamh ríomhaireachta (le haghaidh teilea-oibre agus cianfhoghlama), táirgí bia agus ábhair glantacháin, díghalráin agus sláinteachais. Áirítear tástáil, faireachán, glanadh agus díghalrú, soláthar béilí, cóiríocht agus cíos trealaimh ríomhaireachta leis na seirbhísí.

Iarscríbhinn – Liosta iomlán d’fhoilseacháin a bhaineann le COVID ó UFIInna an Aontais in 2020

an Bheilg

Imleabhar III de Leabhar Slándála Sóisialta 2020: Tionchar na géarchéime sláinte COVID-19 ar ioncam agus caiteachas slándála sóisialta, anailís ar an mbuiséid, a foilsíodh an 16.9.2020

FR

NL

An 177ú Tuarascáil Ghinearálta – Cuid III: Cuntas Ginearálta ar Riarachán Ginearálta an Stáit Chónaidhme, Anailís ar an mBuiséad, a foilsíodh an 28.10.2020

FR

NL

Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis na barúlacha ar an dara dréachtbhuiséad coigeartaithe den rialtas Pléimeannach don bhliain 2020, agus ar bhuiséad an rialtais Phléimeannaigh don bhliain 2021, Anailís ar an mBuiséid, a foilsíodh an 20.11.2020

NL

Conradh an rialtais le haghaidh rianú teagmhála COVID-19, Iniúchadh comhlíontachta, a foilsíodh an 25.11.2020

NL

an Chipir

Iniúchadh ar thairiscintí a bhaineann le paidéim COVID-19, Iniúchadh comhlíontachta, a foilsíodh an 13.10.2020

EL

Iarscríbhinn – Liosta iomlán d’fhoilseacháin a bhaineann le COVID ó UFlanna an Aontais in 2020

100

an Ghearmáin

Bileoga eolais maidir le buiséad forlíontach 2020 atá dírithe ar an gCoiste Buiséid ó Pharlaimint na Gearmáine, Iniúchadh feidhmíochta/comhlíontachta, a foilsíodh an 27.3.2020

DE

Tuarascáil shainchuspóireach ar éisteacht phoiblí maidir leis an gCoiste Buiséid ó Pharlaimint na Gearmáine ina bpléitear an dara buiséad forlíontach 2020, Iniúchadh feidhmíochta/comhlíontachta, a foilsíodh an 29.6.2020

DE

Achoimre EN

Tuarascáil chomhairleach maidir le deontais chaipitil a tugadh do *Deutsche Bahn* (“An ghá atá le rialachas níos fearr ar na deontais COVID-19 agus atá beartaithe do *Deutsche Bahn*”): dírithe ar an gCoiste Buiséid ó Pharlaimint na Gearmáine, Iniúchadh feidhmíochta/comhlíontachta, a foilsíodh an 5.10.2020

DE

Tuarascáil chomhairleach ar thionchar phaindéim COVID-19 ar an scéim reachtúil don árachas sláinte, dírithe ar an gCoiste Buiséid ó Pharlaimint na Gearmáine, Iniúchadh fheidhmíocht/comhlíontachta, a foilsíodh an 13.11.2020

DE

Tuarascáil chomhairleach ar airgead fionnaidh: An rialtas ceapaithe chun an riosca calaoise a mhaolú. Tuarascáil atá dírithe ar an gCoiste Buiséid ó Pharlaimint na Gearmáine, Iniúchadh fheidhmíocht/comhlíontachta, arna foilsiú an 11.11.2020

DE

Achoimre EN

Tuarascáil chomhairleach maidir le riachtanais ar mhaoinithe a bhaineann le COVID-19 do ghrúpa *Deutsche Bahn* agus solúbthacht don rialachas cónaidhme, a dhíríonn ar an gCoiste Buiséid ó Pharlaimint na Gearmáine, Iniúchadh fheidhmíocht/comhlíontachta, a foilsíodh an 24.11.2020

DE

an Ísiltír

Tástáil don chóróinvíreas: céard a tharla san earrach?, Imscrúdú fócais, a foilsíodh an 23.9.2020

NL

Achoimre EN

Bagairt mí-úsáide agus úsáid mhíchuí na scéime coinneála post NOW, Imscrúdú fócais, a foilsíodh an 23.9.2020

NL

Fócas ar an teilea-oibriú digiteach, Imscrúdú fócais, a foilsíodh an 2.11.2020

NL

EN

Tacaíocht aonair do chuideachtaí le linn na géarchéime COVID, Iniúchadh feidhmíochta, a foilsíodh an 12.11.2020

NL

Achoimre EN

An ghéarchéim COVID: na rioscaí a bhaineann le hurraí agus iasachtaí don airgeadas poiblí, Iniúchadh airgeadais/comhlíontachta, a foilsíodh an 25.11.2020

NL

Achoimre EN

an Laitvia

An ghéarchéim COVID-19 agus fógraí na n-údarás inniúil maidir le soláthar d’fhonn srian a chur ar ráig COVID-19 agus maidir le claonadh sa mheasúnú comhlíontachta ar earraí, Tuarascáil Anailíse ar an Staid, arna foilsiú an 20.7.2020

LV

Próiseas seachadta maidir le trealamh cosanta pearsanta (aghaidhmhascanna cosantacha agus análaitheoirí) san earnáil sláinte, Iniúchadh airgeadais/comhlíontachta, a foilsíodh an 20.7.2020

LV

Achoimre EN

An córas soláthair arna bhunú ag an Aireacht Cosanta agus na soláthairtí a rinneadh le linn na héigeandála chun scaipeadh COVID-19 a theorannú, Iniúchadh airgeadais/comhlíontachta, a foilsíodh an 17.8.2020

LV

Achoimre EN

Iarscríbhinn – Liosta iomlán d’fhoilseacháin a bhaineann le COVID ó UFlanna an Aontais in 2020

102

Úsáid an mhaoinithe breise a leithdháileadh ar an Aireacht Gnóthaí Baile chun trealamh cosanta pearsanta agus dífhabhtáin a cheannach, Iniúchadh airgeadais/comhlíonta, a foilsíodh an 2.9.2020

LV

Achoimre EN

Úsáid an mhaoinithe a leithdháileadh ar an Aireacht Dlí agus Cirt lena aistriú go Comhairle Laitviach na Nótairí faoi bhrí Mionna, Iniúchadh airgeadais/comhlíonta, a foilsíodh an 11.9.2020

LV

Úsáid an mhaoinithe a leithdháileadh ar an Aireacht Dlí agus Cirt chun sochair ghéarchéime a íoc leis an gcléir agus le haireachtaí ó cheardchumainn reiligiúnacha (eaglaisí), Iniúchadh airgeadais/comhlíonta, a foilsíodh an 29.9.2020

LV

Cianfhoghlaim i staid éigeandála, Iniúchadh airgeadais/comhlíontachta, a foilsíodh an 30.9.2020

LV

Achoimre EN

Úsáid an mhaoinithe breise do bhónais le haghaidh oifigeach gnóthaí baile, a bhfuil baint dhíreach acu le srian a chur ar scaipeadh COVID-19, Iniúchadh airgeadais/comhlíontachta, a foilsíodh an 14.10.2020

LV

Achoimre EN

Úsáid an mhaoinithe a leithdháileadh ar an Aireacht Leasa chun na liúntais a íoc leis an sochar ama díomhaoin le haghaidh gach linbh spleách, an sochar cúnamh ama díomhaoin agus an forlónadh a ghabhann lena íoc, Iniúchadh airgeadais/comhlíonta, a foilsíodh an 26.11.2020

LV

Úsáid an mhaoinithe a leithdháileadh ar an Aireacht Leasa chun leanúint ar aghaidh leis an sochar tuismitheora a íoc, chomh maith leis an mbónas aonuaire leis an sochar teaghlaigh stáit chun leanbh faoi mhíchumas, agus méid an tsochair cúraim leanaí a mhéadú, Iniúchadh airgeadais/comhlíonta, a foilsíodh an 26.11.2020

LV

Achoimre EN

Iarscríbhinn – Liosta iomlán d’fhoilseacháin a bhaineann le COVID ó UFlanna an Aontais in 2020

103

Úsáid an mhaoinithe a leithdháileadh ar an Aireacht Airgeadais chun sochar díomhaoin a íoc, Iniúchadh airgeadais/comhlíontachta, a foilsíodh an 26.11.2020

LV [Achoimre EN](#)

Úsáid an mhaoinithe a leithdháileadh ar an Aireacht Dlí agus Cirt le haghaidh bónais d’fhostaithe ó Riarachán na bPríosún, a raibh baint dhíreach acu le srian a chur ar COVID-19, Iniúchadh airgeadais/comhlíonta, a foilsíodh an 14.12.2020

LV [Achoimre EN](#)

Leithdháileadh agus úsáid na gcistí ó chlár buiséid an stáit “Cistí Teagmhasacha” le haghaidh tacaíocht do na meáin chun iarmhairtí ghéarchéim COVID-19 a mhaolú, Iniúchadh airgeadais/comhlíontachta, a foilsíodh an 22.12.2020

LV [Achoimre EN](#)

Ar iarradh an maoiniú ó chlár buiséid an stáit “Cistí Teagmhasacha” le haghaidh obair dheisiúcháin in ospidéal do riachtanais gan choinne agus nach rabhtas ag súil leo sa bhuiséad bliantúil? Iniúchadh airgeadais/comhlíontachta, a foilsíodh an 22.12.2020

LV

Úsáid a bhaint as cistí a leithdháiltear ar na mórmheáin leictreonacha maidir le géarchéim COVID-19, Iniúchadh airgeadais/comhlíontachta, 22.12.2020

LV [Achoimre EN](#)

an Liotuáin

Lánpháirtíú Sóisialta maidir le Daoine faoi Mhíchumas, Iniúchadh Feidhmíochta, a foilsíodh an 7.9.2020

LT [Achoimre EN](#)

An bhfuil tionchar ag na hathruithe san oideachas ar éachtaí foghlama níos fearr ó na daltaí? Iniúchadh feidhmíochta, a foilsíodh an 14.9.2020

LT [Achoimre EN](#)

Bainistiú géarchéime agus éigeandála maidir le COVID-19 , Measúnú, a foilsíodh an 30.11.2020

LT [Achoimre EN](#)

Iarscríbhinn – Liosta iomlán d’fhoilseacháin a bhaineann le COVID ó UFlanna an Aontais in 2020

104

Bainistiú an Bhonneagair Bóithre, Iniúchadh Feidhmíochta, a foilsíodh an 1.12.2020

LT

Achoimre EN

an Phortaingéil

Rioscaí maidir le hacmhainní poiblí a úsáid i mbainistiú éigeandála (COVID-19), Anailís, a foilsíodh an 1.6.2020

PT

Bearta éigeandála agus Forghníomhú Fioscach le linn na chéad 3 mhí, Athbhreithniú, a foilsíodh an 16.7.2020

PT

Soláthar poiblí atá faoi réir ag nósanna imeachta eisceachtúla le linn ghéarchéim COVID-19, Forléargas, a foilsíodh an 21.7.2020

PT

COVID-19 – Tionchar ar ghníomhaíocht an chórais náisiúnta cúraim sláinte agus rochtain ar chúram sláinte, Forléargas, a foilsíodh an 15.10.2020

PT

Forfheidhmiú an phlean oibríochta náisiúnta arna mhaoiniú ag an gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (lena n-áirítear anailís ar thionchar na géarchéime COVID-19 ar an gcabhair bhia, arna soláthar ag an bplean seo), Iniúchadh Feidhmíochta, a foilsíodh an 23.10.2020

PT

Tionchar ó bhearta COVID-19 arna nglacadh ag comhlachtaí rialtais áitiúla i mórthír na Portaingéile, Forléargas, a foilsíodh an 18.12.2020

PT

an Rómáin

Acmhainní poiblí a bhainistiú le linn staide éigeandála, Iniúchadh comhlíontachta, a foilsíodh an 11.8.2020

RO

Iarscríbhinn – Liosta iomlán d’fhoilseacháin a bhaineann le COVID ó UFlanna an Aontais in 2020

105

an tSlóvaic

Cúlchistí ábhair stáit a bhainistiú i gcásanna éigeandála, Iniúchadh feidhmíochta, a foilsíodh an 21.12.2020

SK

an tSualainn

An creat beartais fhioscaigh – cur i bhfeidhm ag an rialtas in 2020, Iniúchadh feidhmíochta, a foilsíodh an 17.12.2020

SV

Achoimre EN

CIE

Tuairim 3/2020 maidir le leasú a dhéanamh ar Rialachán AE maidir le húsáid Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa mar fhreagairt ar an ráig COVID-19, Tuairim, a foilsíodh an 15.4.2020

Teangacha oifigiúla
an Aontais Eorpaigh

Tuairim 4/2020 maidir leis an rialachán REACT-AE atá beartaithe agus Rialachán na bhForálacha Coiteanna lena rialáítear cistí SIE, a foilsíodh an 14.7.2020

Teangacha oifigiúla
an Aontais Eorpaigh

Tuairim 6/2020 maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Saoráid don Téarnamh agus don Athléimneacht, Tuairim, a foilsíodh an 9.9.2020

Teangacha oifigiúla
an Aontais Eorpaigh

Athbhreithniú Uimh 06/2020: Rioscaí, dúshláin agus deiseanna i bhfreagairt bheartas eacnamaíoch an Aontais ar ghéarchéim COVID-19, Athbhreithniú, a foilsíodh an 9.12.2020

Teangacha oifigiúla
an Aontais Eorpaigh

Giorrúcháin

ASMR: Údarás an Chúltaca Bunábhar Stáit (an tSlóvaic)

BEI: an Banc Eorpach Infheistíochta

CAI: Creat airgeadais ilbhliantúil

CBL: Cáin bhreisluacha

CFAE: an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

CRII: an Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas

CSIEnna: Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa

ECDC: An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú

ECFE: An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta

EDS: an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte

EMA: an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach

EMM: Mórmheáin leictreonacha

ESI: Ionstraim Tacaíochta Éigeandála

EUROSAI: an Eagraíocht Eorpach Uasfhoras Iniúcháireachta

FBM: Fiontair bheaga agus mheánmhéide

ICU: Aonad dianchúraim

NEMMC: An Chomhairle Náisiúnta um na Mórmheáin Leictreonacha (an Laitvia)

NGEU: Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh

OTI: Olltáirgeacht intíre

PEPP: Clár Ceannaithe d'Éigeandáil na Paidéime

PPD: An Stiúirthóireacht maidir le Ceannach agus Soláthar (An Chipir)

REACT-EU: Cúnamh Athghabhála do Chomhtháthú agus do Chríocho na hEorpa

RRF: an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta

SARS: Géarshiondróm trom riospráide

SEK: Krona na Sualainne

SIF: Fondúireacht um Lánpháirtiú na Sochaí (an Laitvia)

SRS: Seirbhís Ioncaim an Stáit (an Laitvia)

SURE: an Ionstraim Eorpach le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála

TCP: Trealamh cosanta pearsanta

TFC: Teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide

UFI Uasfhorais Iniúcháireachta

UNWTO: an Eagraíocht Dhomhanda Turasóireachta

Gluais

An scaradh sóisialta: Sraith de bhearta chun scaipeadh galair thógálacha a íoslaghdú trí theagmháil le daoine eile a laghdú a mhéid is féidir.

an Seimeastar Eorpach: Timthriall bliantúil a sholáthraíonn creat chun beartais eacnamaíocha ó Bhallstáit an Aontais a chomhordú agus monatóireacht a dhéanamh ar a ndul chun cinn.

Beartas comhtháthaithe: Beartas an Aontais a bhfuil sé d'aidhm aige na héagothromaíochtaí eacnamaíocha agus sóisialta idir réigiúin agus na Ballstáit a laghdú trí chruthú post, iomaíochas gnó, fás eacnamaíoch, forbairt inbhuanaithe, agus comhar trasteorann agus idir-réigiúnach a chur chun cinn.

Bréagaisnéis: Faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a chur in iúl chun críche calaoise.

Cistí Struchtúrtha agus Infheistíochta na hEorpa: Seo a leanas na cúig phríomhchiste de chuid an Aontais a thacaíonn le forbairt eacnamaíoch ar fud AE: Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe, agus an Ciste Eorpach Muirí agus lascaigh.

Cobhsaitheoir uathoibríoch: Comhchuid den bheartas fioscach lena ndéantar claonadh sa ghníomhaíocht eacnamaíoch a fhritháireamh gan idirghabháil dhíreach ó lucht déanta beartas.

Creat airgeadais ilbhliantúil: Plean caiteachais an Aontais ina leagtar amach tosaíochtaí (bunaithe ar chuspóirí beartais) agus uasteorainneacha, ar feadh seacht mbliana go ginearálta. Cuireann sé an struchtúr ar fáil faoina socraítear buiséid bhliantúla an Aontais, agus lena dteorannaítear caiteachas do gach catagóir caiteachais. Clúdaítear tréimhse 2021-2027 ag CAI atá ann faoi láthair.

Cúnamh airgeadais: Tacaíocht airgeadais ón Aontas a chuirtear ar fáil do Bhallstáit agus atá i ngátar airgeadais chun iad a thabhairt ar ais do shláinte mhaicreacnamaíoch nó airgeadais. Déantar deimhin de go mbeidh siad in ann a n-oibleagáidí a chomhlíonadh maidir leis an earnáil phoiblí nó maidir le comhardú na n-íocaíochtaí freisin.

Cúram ríomh-shláinte: Cur i bhfeidhm maidir le teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide thar réimse iomlán na bhfeidhmeanna a mbíonn tionchar acu ar earnáil na sláinte.

Dianghlasáil: Srian le gluaiseacht daoine laistigh de spás áirithe (sa bhaile, nó laistigh de chathair, réigiún nó tír) chun scaipeadh gníomhaire tógálach a chosc nó a mhoilliú le linn paindéime.

Digitíú: An t-aistriú i dtreo teicneolaíocht dhigiteach agus faisnéis dhigitithe a ionchorprú agus a úsáid chun próisis agus cúraimí a dhéanamh níos simplí, níos tapúla, níos éifeachtúla agus/nó níos eacnamaíche.

Fís 2020: Clár taighde agus nuálaíochta an Aontais don tréimhse 2014-2020.

Iarchur cánach: Moill atá údaraithe ar dhliteanas cánach a íoc, go dtí tráth níos faide anonn.

Paindéim: Ráig de ghalar tógálach ar fud an domhain nó thar limistéar an-leathan.

Scéimeanna don scor sealadach: Tionscnamh sealadach a ligeann d'fhostóirí rochtain a fháil ar thacaíocht airgeadais do phá a íoctar le fostaithe agus iad le linn tréimhse ina gcuireann cásanna sonracha, amhail paindéim nó géarchéim, cosc ar a n-obair.

Státchabhair: Tacaíocht ó rialtas do ghnólacht nó d'eagraíocht a thugtar buntáiste thar a cuid iomaitheoirí leis, bíodh an tacaíocht sin díreach nó indíreach.

Trealamh cosanta pearsanta (TCP): Nithe amhail aghaidhmhaisceanna, lámhainní agus cosaint súl atá ceaptha chun an té a chaitheann iad a chosaint ar bhaoil sláinte nó sábháilteachta.

Teagmháil a dhéanamh le hinstitiúidí an Aontais Eorpaigh

Dul ann tú féin

Tá na céadta Ionad Eolais “Europe Direct” ann ar fud an Aontais Eorpaigh. Is féidir leat seoladh an ionaid is gaire duit a fháil anseo: https://europa.eu/european-union/contact_ga

Ar an bhfón nó le ríomhphost

Seirbhís is ea Europe Direct a thabharfaidh freagra duit ar cheisteanna faoin Aontas Eorpach: Is féidir leat dul i dteagmháil leis an tseirbhís sin:

- ag uimhir shaorghlao: 00 800 6 7 8 9 10 11 (d’fhéadfadh oibreoirí áirithe táille a ghearradh as na glaonna sin),
- ag an ngnáthuimhir seo a leanas: +32 22999696, nó
- le ríomhphost, tríd an suíomh: https://europa.eu/european-union/contact_ga

Eolas a fháil faoin Aontas Eorpach

Ar líne

Tá eolas faoin Aontas Eorpach ar fáil i ngach ceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh ar an suíomh gréasáin Europa ag: https://europa.eu/european-union/index_ga

Foilseacháin de chuid an Aontais

Is féidir leat foilseacháin de chuid an Aontais Eorpaigh, idir cinn saor in aisce agus cinn a bhfuil praghas orthu, a íoslódáil nó a ordú ag: <https://publications.europa.eu/ga/publications>. Más mian leat a lán cóipeanna de na foilseacháin saor in aisce a fháil, is féidir dul i dteagmháil le Europe Direct nó le d’ionad eolais áitiúil chun é sin a dhéanamh (féach https://europa.eu/european-union/contact_ga).

Dlí an Aontais Eorpaigh agus doiciméid ghaolmhara

Chun teacht ar eolas dlíthiúil ón Aontas Eorpach, dlí an Aontais Eorpaigh ón mbliain 1952 ar aghaidh sna teangacha oifigiúla san áireamh, téigh chuig EUR-Lex ag: <https://eur-lex.europa.eu/>

Sonraí oscailte ón Aontas Eorpach

Is féidir teacht ar thacair sonraí ón Aontas Eorpach ag Tairseach Sonraí Oscailte an Aontais (<https://data.europa.eu/euodp/ga/home>) Is féidir sonraí a íoslódáil agus a athúsáid saor in aisce, ar bhonn tráchtála nó ar bhonn neamhtráchtála.

